

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2024
(OR. en)**

16754/24

**ENFOPOL 519
SPORT 86
JAI 1850**

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 12 Nollaig 2024

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 15650/1/24 REV 1
roimhe seo:

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar do Stáit Eorpacha a bhfuil mórchomórtais idirnáisiúnta sacair á n-óstáil acu agus dea-chleachtas molta i ndáil le comhar idirnáisiúnta póilíneachta a leabú i bpleanáil agus oibríochtaí comórtas na bpóilíní sa tír óstach
– Conclúidí ón gComhairle (an 12 Nollaig 2024)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar do Stáit Eorpacha a bhfuil mórchomórtais idirnáisiúnta sacair á n-óstáil acu agus dea-chleachtas molta i ndáil le comhar idirnáisiúnta póilíneachta a leabú i bpleanáil agus oibríochtaí comórtas na bpóilíní sa tír óstach, a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 4068^ú cruinniú a bhí aici an 12 Nollaig 2024.

Conclúidí ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar do Stáit Eorpacha a bhfuil mórchomórtais idirnáisiúnta sacair á n-óstáil acu agus dea-chleachtas molta i ndáil le comhar idirnáisiúnta póilíneachta a leabú i bpleanáil agus oibríochtaí comórtas na bpóilíní sa tír óstach

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

- (1) Ag féachaint do chuspóir an Aontais Eorpaigh ardleibhéal sábháilteachta laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur ar fáil do shaoránaigh trí ghníomhaíocht choiteann a fhorbairt idir na Ballstáit i réimse an chomhair póilíneachta.
- (2) Ag féachaint do stair eachtraí tromchúiseacha suntasacha oird phoiblí i dtaca le mórchomórtais idirnáisiúnta sacair a óstáiltear san Eoraip.
- (3) Ag féachaint do shláinte, sábháilteacht agus slándáil na milliún lucht leanúna sacair a thrasnaíonn an Eoraip agus níos faide i gcéin i dtaca le mórchomórtais sacair idirnáisiúnta a óstáiltear san Eoraip.
- (4) Ag féachaint do shláinte, sábháilteacht agus slándáil na milliún saoránach Eorpach a bhfuil cónaí orthu nó a oibríonn i gcóngar staideanna agus lár na gcathracha a óstálann cluichí sacair a imrítear i mórchomórtais sacair idirnáisiúnta a óstáiltear san Eoraip.
- (5) Ag féachaint do na Conclúidí seo a bheith comhlántach le cinntí, rúin agus conclúidí eile ón gComhairle a bhaineann le himeachtaí sacair idirnáisiúnta, go háirithe:
 - (5a) an Rún ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar nuashonraithe ina bhfuil moltaí maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta agus bainistiú slándála ar chluichí sacair a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo agus a bhfuil baint ag Ballstát amháin, ar a laghad, leo ('Lámhleabhar Sacair an Aontais') (11160/24);

- (5b) Rún ón gComhairle maidir le lámhleabhar ina bhfuil moltaí chun foréigean agus suaitheadh a chosc agus a bhainistiú i ndáil le cluichí sacair idirnáisiúnta, ina bhfuil Ballstát amháin ar a laghad rannpháirteach, trí dhea-chleachtas a ghlacadh i ndáil le hidirchaidreamh póilíneachta le lucht leanúna (12792/16);
- (5c) Rún ón gComhairle maidir leis na costais a bhaineann le toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt a óstáil agus a imscaradh i ndáil le cluichí sacair (agus imeachtaí spóirt eile) a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo, ina bhfuil Ballstát amháin ar a laghad rannpháirteach (12791/16); agus,
- (5d) Conclúidí ón gComhairle maidir le foréigean a bhaineann le spórt a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3799^ú cruinniú a bhí aici an 7 Meitheamh 2021 (8648/21).
- (6) Ag féachaint do dhinimic uathúil na coiriúlachta a bhaineann le sacar, agus do chineál an-speisialaithe agus an-sainiúil an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta agus do ról líonra Eorpach na bPointí Faisnéise Náisiúnta um Shacar (PFNSanna) i ndáil le mórchomórtais idirnáisiúnta sacair agus imeachtaí eile sacair san Eoraip.
- (7) Ag féachaint do thaithí fhairsing Eorpach a léiríonn go bhfuil comhar idirnáisiúnta póilíneachta ina dhlúthchuid de chur i bhfeidhm cur chuige chuimsithigh agus chomhtháite, agus ina phríomhchuid de, chun na rioscaí a bhaineann le mórchomórtais idirnáisiúnta sacair a óstáiltear san Eoraip a íoslaghdú.
- (8) Ag féachaint d'éagsúlachtaí i measc na mBallstát maidir le (i) a n-imthosca bunreachtúla, breithiúnacha, cultúrtha agus stairiúla agus (ii) cineál agus déine na bhfadhbanna sábháilteachta agus slándála a bhaineann le himeachtaí sacair.
- (9) Ag féachaint don taithí a fuarthas i ndáil le mórchomórtais sacair idirnáisiúnta arna n-óstáil san Eoraip le déanaí, lena n-áirítear Craobh Sacair Eorpach EURO 2020 ar a raibh roinnt óstach, agus dea-chleachtas seanbhunaithe a forbraíodh faoi chuimsiú na gcomórtais sin.

- (10) Ag féachaint don fhéidearthacht go mbeadh bagairtí trasnáisiúnta coiriúla agus sceimhlitheoireachta ann i ndáil le mórchomórtais idirnáisiúnta sacair.
- (11) Ag féachaint do Straitéis nua an Aontais Eorpaigh 2021-2025 ina leagtar béim ar an ngá atá ann dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus an radacú a chosc, an choireacht eagraithe a chur de dhroim seoil, agus an chibearchoireacht a chomhrac.
- (12) Ag féachaint don ról tábhachtach atá ag EUROPOL maidir le tacú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí sna Ballstáit a bhfuil mórchomórtais idirnáisiúnta sacair á n-óstáil acu chun bagairtí trasnáisiúnta sceimhlitheoireachta agus coireachta eagraithe a chosc agus a chomhrac.

LEIS SEO,

- (1) TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit a bhfuil mórchomórtais idirnáisiúnta sacair á n-óstáil acu na dea-chleachtais mholta atá i gceangal leis seo a chur san áireamh.
- (2) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil na moltaí a mholtar sa rún reatha gan dochar d'fhorálacha náisiúnta atá ann cheana, go háirithe dáileadh tascanna agus freagrachtaí i measc na n-údarás agus na seirbhísí éagsúla sna Ballstáit lena mbaineann agus a chumhachtaí faoi na Conarthaí á bhfeidhmiú ag an gCoimisiún.
- (3) DEARBHAÍONN SÍ, cé go bhfuil na bearta atá sa lámhleabhar atá i gceangal leis seo beartaithe go príomha chun mórimeachtaí idirnáisiúnta comórtais sacair a óstáil, go bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás ina measann siad gurb iomchuí sin, na bearta a chur i bhfeidhm i ndáil le mórimeachtaí idirnáisiúnta eile spóirt.

**LÁMHLEABHAR EORPACH MAIDIR LE MÓRCHOMÓRTAIS IDIRNÁISIÚNTA
SACAIR A ÓSTÁIL**

**PLEANÁIL PHÓILÍNEACHTA AN STÁIT ÓSTAIGH AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA
PÓILÍNEACHTA**

Réamhrá agus Achoimre

Aidhm an Lámhleabhair

1. Is é aidhm an lámhleabhair seo pleanáil agus oibríochtaí na bpóilíní sa tír óstach a threorú agus tacú leo i Stáit Eorpacha arna roghnú ag UEFA nó FIFA chun mórchomórtais sacair idirnáisiúnta a óstáil (nó a chomh-óstáil).
2. Tá an treoir sa lámhleabhar bunaithe ar thaithí Eorpach agus ar thaithí dhomhanda le blianta beaga anuas agus ar theacht chun cinn agus éabhlóid ghaolmhar raon dea-chleachtas i ndáil le comórtais a bhí ann le déanaí, agus, i gcás inarb infheidhme, ar thaithí i ndáil leis an bhféilire fairsing bliantúil de chluichí sacair a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo.

Comhar Idirnáisiúnta Póilíneachta

3. Tá comhar idirnáisiúnta póilíneachta ina chuid lárnach de straitéisí póilíneachta na tíre óstaí ina bhfuil an comórtas ar siúl agus den chreat bonneagair gaolmhar atá faoin bpóilíneacht comórtais.
4. Dá bhrí sin, cé go bhfuil an lámhleabhar seo dírithe ar chomhar idirnáisiúnta póilíneachta, ní féidir an chuid thábhachtach seo d'óstáil mórchomórtais a mheas gan na dúshláin agus na saincheisteanna pleanála atá os comhair na bpóilíní óstacha ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, agus ar leibhéal na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, a chur san áireamh.

5. Tá taithí ag gach Stát Eorpach ar chluichí aonuaire a óstáil i dtaca le club Eorpach nó comórtais náisiúnta, ach tá difríocht mhór idir cluiche sacair aonuaire a mbaineann gné idirnáisiúnta leis a óstáil agus comórtas sacair idirnáisiúnta ardphróifíle a mhaireann thart ar mhí iomlán a óstáil.
6. Leagtar béim ar an difríocht sin síos tríd an lámhleabhar, go háirithe i ndáil leis na nithe seo a leanas:
 - príomhriachtanais bheartais agus struchtúracha nach mór do na húdaráis óstacha a mheas agus a réiteach sa chéad chéim den phróiseas pleanála comórtais;
 - pleanáil straitéiseach agus oibríochtúil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl; agus, rud eile atá tábhachtach,
 - comhar idirnáisiúnta póilíneachta a chomhtháthú, lena n-áirítear Lárionad um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta (LCIP) an chomórtais, faoi chuimsiú straitéis chuimsitheach ilghnéitheach maidir le póilíneacht ar chomórtais.
7. Tá éagsúlacht ag baint le taithí ar mhórchomórtais idirnáisiúnta sacair a óstáil ar fud na hEorpa. Beidh taithí roimhe seo ag roinnt Stát ar chomórtais den sórt sin a óstáil, ach i gcás Stáit eile, is é seo an chéad deis a bheidh acu é sin a dhéanamh.
8. Mar aitheantas ar an ngá atá le freastal ar an éagsúlacht seo i dtaithí an chomórtais, is gá go mbeadh an lámhleabhar seo bunaithe ar an toimhde go mbeidh na póilíní óstacha (ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl) ag gabháil do chluichí comórtais a óstáil den chéad uair.
9. Thairis sin, fiú i Stáit a bhfuil taithí acu roimhe seo, beidh gá le hathbhreithniú ó bhonn ar na pointí tagartha atá ann cheana de bharr athruithe pearsanra agus éabhlóid an dea-chleachtais.
10. I gcásanna den sórt sin, is féidir leis an treoír sa lámhleabhar seo *aide-memoire* a sholáthar atá deartha chun lucht déanta beartas póilíneachta, straitéisithe agus cleachtóirí sinsearach a chur ar an eolas agus chun tacú leo maidir le ról an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta a chinneadh agus a shainiú laistigh de phleanáil agus seachadadh straitéise maidir le póilíneacht ar chomórtais na tíre óstaí atá cuimsitheach, ilghnéitheach agus solúbtha.

11. Aithnítear freisin go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir socruithe bunreachtúla náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar fud na hEorpa maidir le bainistíocht/maoirseacht ar phleanáil agus oibríochtaí póilíneachta a mbeidh feidhm acu i gcathracha atá ainmnithe chun cluichí comórtais a óstáil.
12. Mar shampla, i roinnt Stát, d'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla, nó ag méaraí, maidir leis na straitéisí póilíneachta, agus na straitéisí sábháilteachta agus slándála gaolmhara a chinneadh, atá le glacadh i gcathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl. Is é *'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl'* an téarma a úsáidtear sa lámhleabhar seo agus ba cheart a léirmhíniú leis sin cé atá ainmnithe le bheith freagrach as straitéisí póilíneachta agus breithnithe pleanála oibríochtúla a chinneadh sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl.
13. Dá bhrí sin, díríonn ábhar Chuid a hAon (Comhar Idirnáisiúnta Póilíneachta i dtaobh an Chomórtais), Chuid a Dó (Beartas Ardleibhéil agus Riachtanais Struchtúracha) agus Chuid a Ceathair (Socruithe Ullmhúcháin agus Oibríochtúla LCIP an chomórtais) den lámhleabhar seo ar bhreithnithe pleanála agus struchtúracha seanbhunaithe ar an leibhéal náisiúnta.
14. Mar sin féin, i bhfianaise na n-éagsúlachtaí thuasluaite i socruithe bunreachtúla, dlíthiúla agus riaracháin ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, díríonn ábhar Chuid a Trí (Pleanáil Oibríochtúil Phóilíneachta an Chomórtais sna Cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl) agus Chuid a Cúig (Ról Tacaíochta agus Comhairleach na dToscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt) go príomha ar phríomhbhreithnithe pleanála oibríochtúla na bpóilíní agus ar dhea- chleachtas.
15. Go bunúsach, is é an dualgas tríd síos ná aitheantas a thabhairt go mbeidh ar gach Stát óstach a shocruithe pleanála agus oibríochta a shaincheapadh chun riachtanais shonracha bhunreachtúla agus dhlíthiúla a léiriú mar aon le raon riachtanas agus imthosca náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Ceannasacht Stáit

16. Ní mór a chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, go n-aithnítear go hiomlán leis an treoir atá sa lámhleabhar seo an croíphrionsabal gurb é an Stát óstach atá freagrach as comórtais idirnáisiúnta sacair a phóilíniú, agus nach mór do chursaí fanacht mar sin.

17. Tá feidhm ag an bprionsabal sin maidir le ceannasacht Stáit freisin i gcás gach Stáit a roghnaíonn UEFA nó FIFA le haghaidh comórtais arna n-óstáil ag dhá thír óstacha nó níos mó.
18. Tá sé sin ríthábhachtach i bhfianaise na n-oibleagáidí a nglacann an Stát óstach leo (lena n-áirítear ráthaíocht rialtais) agus tairiscint á déanamh an comórtas a óstáil agus, go háirithe, léiriú ar éagsúlachtaí leathana sna nithe seo a leanas: bunreachtanna agus cultúir náisiúnta; struchtúir agus straitéisí póilíneachta; creataí reachtacha agus rialála, agus riaracháin a bhaineann le bainistiú slua; mar aon le go leor tosca náisiúnta agus áitiúla eile.
19. D'fhéadfadh éagsúlachtaí den sórt sin a bheith le feiceáil freisin maidir le príomhchinntí a bhaineann le beartas póilíneachta, agus pleanáil straitéiseach agus oibríochtúil. Mar shampla, d'fhéadfaí a chinneadh gur cheart do na póilíní náisiúnta a bheith i gceannas ar chuid de na gníomhaíochtaí pleanála agus oibríochtúla go traidisiúnta a thagann faoi fhreagracht na n-údarás póilíneachta i gcathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl. Ar an gcaoi chéanna, i gcomhréir le bunreachtanna náisiúnta agus/nó creataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh údarais áitiúla nó réigiúnacha (nó méaraí) a bheith freagrach as straitéisí póilíneachta agus pleanáil oibríochtúil na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a chinneadh.
20. Is faoi na húdarais óstacha amháin atá sé na hábhair sin a chinneadh. I gcomhréir leis an bprionsabal sin, féachann an t-ábhar sa lámhleabhar seo le dea-chleachtas seanbhunaithe a chur ar fáil a thacóidh leis na húdarais óstacha, ar a laghad, agus a chuirfidh ar an eolas iad, agus iad ag breithniú réimse príomh-shaincheisteanna nach mór a réiteach ag céim luath de chéimeanna pleanála agus ullmhúcháin óstacha an chomórtais.

Formáid an Lámhleabhair

21. Ar mhaithe le tagairt dó a éascú, cuirtear an treoir i láthair i gcúig chuid:

Cuid a hAon: Comhar Idirnáisiúnta Póilíneachta i dtaobh an Chomórtais.

22. I gCuid a hAon tugtar cúlra agus míniú maidir leis an bpleanáil a theastaíonn ó lucht ceaptha beartas, straitéisithe agus pleanálaithe rialtasacha óstacha maidir leis na comhpháirteanna éagsúla den chomhar idirnáisiúnta póilíneachta a chinneadh agus a shainiú.

23. Áirítear leis seo breithniú a dhéanamh ar ról agus ar shainchúram an rud ar a dtugtar Lárionad an Chomórtais um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta (LCIP).
24. Agus an méid sin á dhéanamh aige, mínítear an fáth a bhfuil stádas ardphróifíle agus tábhacht ról LCIP iomchuí i bhfianaise an lín mhóir malartaithe faisnéise atá riachtanach chun tacú leis na póilíní óstacha ullmhú do na dúshláin a bhaineann leis an méid a leanas agus dul i ngleic leo:
- agus na mílte lucht leanúna ó gach cearn den Eoraip, agus níos faide i gcéin, ag tabhairt cuairt ar an stát óstach le linn an imeachta; agus,
 - an fhianaise chuimsitheach atá ann ar neamhord poiblí suntasach ardphróifíle i ndáil le roinnt mórchomórtais sacair a óstáladh san Eoraip san am atá caite.
25. Mar sin féin, cuireann sé san áireamh freisin aimhrialtacht reatha san ainmníocht ina bhfuil príomhfheidhmeanna LCIP dírithe ar mhalartú agus anailís faisnéise i ndáil le gné amháin, cé gur tábhachtach an ghné í sin, de chreat níos leithne de chomhar idirnáisiúnta póilíneachta le linn imeachta.
26. Go bunúsach, is é ról LCIP faisnéis ó gach cearn den Eoraip nó den domhan a bhailiú, a mheasúnú agus a anailísiú (ag brath ar chineál an imeachta), go háirithe (ach ní go heisiach) ó Stáit atá rannpháirteach sa chomórtas, chun oibríochtaí bainistithe slua na bpóilíní sa tír óstach ('ord poiblí agus sábháilteacht phoiblí') i gcathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl, agus in áiteanna eile de réir mar is iomchuí, a chomhlánú agus chun tacú leo.
27. Tá an próiseas sin éagsúil le ról agus sainchúram gníomhaireachtaí eile um chomhar idirnáisiúnta póilíneachta, mar atá Interpol, Europol, agus, más infheidhme, Frontex, a bhfuil a sainchúraimí speisialaithe dírithe ar raon dúshlán trasnáisiúnta sceimhlitheoireachta, coireachta eagraithe agus rialaithe teorann a chosc agus freagairt orthu.
28. Déantar na saincheisteanna sin a mheas i gCuid a Dó, mar aon leis na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ag na Stáit óstacha soiléireacht struchtúrach a chur ar fáil maidir leis na comhpháirteanna éagsúla de straitéis phóilíneachta na gcomórtas a bhfuil gné comhair idirnáisiúnta póilíneachta ag baint leo agus feabhas a chur ar an gcomhordú eatarthu.

29. I gCuid a hAon, leagtar béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go gcomhaontódh na húdaráis rialtasacha agus póilíneachta óstacha socruithe déthaobhacha leis an méid seo a leanas:
- (i) gach gníomhaireacht comhpháirtíochta idirnáisiúnta póilíneachta, mar aon lena ról agus a seirbhísí tacaíochta faoi seach a shainiú i gcomhphlean gníomhaíochta; agus
 - (ii) gach Stát náisiúnta atá rannpháirteach sa chomórtas, ina leagtar amach an tacaíocht atá le tabhairt do na póilíní óstacha agus d'údaráis eile.

Cuid a Dó: Beartas Ardleibhéil agus Riachtanais Struchtúracha

30. Déantar cur síos i gCuid a Dó ar raon de phríomhriachtanais bheartais ardleibhéil agus idirghaolmhara nach mór a réiteach agus a shainiú ar leibhéal rialtais agus póilíneachta náisiúnta roimh chéim ullmhúcháin phleanáil an chomórtais.
31. Áirítear leis seo bonneagar póilíneachta comórtais a chinneadh atá deartha chun cur chuige comhtháite a sholáthar chun straitéis phóilíneachta chuimsitheach, ilghnéitheach, ach solúbtha, a sholáthar le haghaidh comórtais.
32. Áirítear leis sin freisin straitéis lena leabaítear comhpháirtithe idirnáisiúnta póilíneachta agus lena gcinntítear socruithe éifeachtacha chun comhordú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise agus anailísí bagairtí idir na comhpháirteanna éagsúla de straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais na tíre óstaí.
33. Tá sé sin rithábhachtach i bhfianaise a mhéid a fhéadfaidh agus a bheidh forluí idir tionchar na ndúshlán agus na mbagairtí ar an gcomórtas, agus an fhreagairt ghaolmhar ó na póilíní. Leagtar béim ar an ngá atá le cur chuige iomlánaíoch póilíneachta ar fud an lámhleabhair seo.
34. Breithnítear i gCuid a Dó freisin raon riachtanas eile maidir le pleanáil beartais agus struchtúrach, lena n-áirítear:
- Comhordú um Pleanáil agus Oibríochtaí Éigeandála Comórtais;
 - Athbhreithniú ar an gCreat Dlíthiúil agus Riaracháin; agus, rud eile atá tábhachtach,
 - Buiséid um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta.

Cuid a Trí: Pleanáil Oibríochtúil Phóilíneachta an Chomórtais sna Cathracha ina bhfuil an Comórtas ar siúl

35. Leagtar amach i gCuid a Trí sraith breithnithe pleanála oibríochtúla a chaithfidh lucht déanta beartas agus straitéisithe póilíneachta ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach a réiteach i bhfad roimh thús an chomórtais chun bheith ullamh do raon dúshlán intuartha agus féideartha nuair a dhíríonn lárionaid oibríochtaí póilíneachta comórtais ar imeachtaí i gcathracha ina bhfuil comórtas ar siúl.
36. Léiríonn an dea-chleachtas molta atá i gCuid a Trí an cleachtas traidisiúnta trína bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl (nó an t-údarás áitiúil nó réigiúnach is infheidhme a bhfuil ról bunreachtúil aige i bpleanáil agus in oibríochtaí póilíneachta laistigh dá limistéar ainmnithe údaráis faoi seach) socruithe póilíneachta a fhorbairt agus a sheachadadh i ndáil le cluichí comórtais a imrítear ina gcathrach, agus treoir agus teagasc arna n-eisiúint ag na póilíní ar an leibhéal náisiúnta á gcur san áireamh.
37. Tá treoir nó treoir náisiúnta tábhachtach i bhfianaise an ghá atá le cur chuige comhchuibhithe i leith oibríochtaí póilíneachta a sheachadadh i ngach cathair ina bhfuil an comórtas ar siúl. Mar sin féin, beidh ar an bplean póilíneachta do gach cathair ina bhfuil an comórtas ar siúl cúinsí áitiúla a chur san áireamh freisin, a bhféadfadh cuid mhaith díobh a bheith uathúil don chathair sin.
38. Dá bhrí sin, déanann an t-ábhar i gCuid a Trí an toimhde riachtanach go mbeidh ar lucht déanta beartais agus straitéisithe póilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais atá cuimsitheach, saincheaptha agus cathair-dhírithe a dhearadh agus a sheachadadh. Beidh réimse leathan príomhthosca i gceist leis sin a bhreithnítear sa chuid seo den lámhleabhar.
39. Leagtar béim freisin ar an gcaidreamh idir údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus a gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus ar an ngá atá le comhpháirtíochtaí nua áitiúla agus réigiúnacha a bhunú mar chuid den phróiseas pleanála oibríochtúla, agus cur leis na comhpháirtíochtaí atá ann cheana.

Cuid a Ceathair: Socruithe Ullmhúcháin agus Oibríochtúla LCIP an Chomórtais

40. Tá Cuid a Ceathair bunaithe ar an ról traidisiúnta atá ag an Lárionad um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta (LCIP) agus ar na dea-chleachtais atá tagtha chun cinn agus a forbraíodh i ndáil le comórtais sacair idirnáisiúnta a óstáladh san Eoraip le déanaí.
41. Soláthraítear faisnéis mhionsonraithe inti do stáit óstacha maidir leis na socruithe pleanála, ullmhúcháin agus oibríochtúla is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh LCIP an chomórtais a shainchúram a chomhlíonadh maidir le cur chuige comhtháite a sholáthar chun eolas agus tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí bainistithe slua na bpóilíní sa tír óstach.

Cuid a Cúig: Ról Tacaíochta agus Comhairleach na dToscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt

42. Díríonn Cuid a Cúig ar ról tacaíochta na dtoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt (ar a dtugtar 'fairtheoirí' nó 'foirne fairtheoireachta' uaireanta freisin i gcás cluichí sacair aonuaire a mbaineann gné idirnáisiúnta leo). Ar an gcaoi chéanna, tá sí bunaithe ar na blianta fada taithí agus dea-chleachtais a forbraíodh i ndáil le comórtais sacair idirnáisiúnta arna n-óstáil san Eoraip agus níos faide i gcéin agus, i gcás inarb infheidhme, i ndáil le féilire chuimsitheach bhliantúil na gcluichí comórtais idir clubanna agus tíortha san Eoraip.
43. Ar mhaithe le héascaíocht tagartha, tá an dea-chleachtas a mholtar i gCuid a Cúig bunaithe ar an treoir sheanbhunaithe atá i ranna éagsúla den Rún ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar nuashonraithe ina bhfuil moltaí maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta agus bainistiú slándála ar chluichí sacair a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo agus a bhfuil baint ag Ballstát amháin, ar a laghad, leo ('Lámhleabhar Sacair an Aontais') (11160/24), agus tugann sé an treoir sin le chéile.
44. Go bunúsach, tá raon faisnéise inti maidir le comhdhéanamh, ról agus imscaradh toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt, chomh maith leis an méid suntasach is féidir leo a dhéanamh chun tacú le hoibríochtaí póilíneachta sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl.

45. Leagtar béim inti ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt maidir le faireachán a dhéanamh ar iompar lucht leanta foirne náisiúnta, aon rioscaí a thagann chun cinn a shainaithint, agus eolas a thabhairt do na hoibríochtaí póilíneachta sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl. Mínítear freisin an ról is féidir leo a imirt chun cumarsáid a dhéanamh leis an lucht leanúna ar cuairt thar ceann na bpóilíní óstacha.

Ábhar léitheoireachta breise

46. Chomh maith leis an dea-chleachtas atá tagtha chun cinn agus a forbraíodh i ndáil le comórtais a bhí ann le déanaí, i gcás inarb infheidhme agus ar mhaithe le héascaíocht tagartha, cuirtear san áireamh sa lámhleabhar seo freisin ábhar na doiciméadachta atá ann cheana a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar phleanáil phóilíneachta an Stáit óstaigh agus ar bhreithnithe oibríochtúla ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, go háirithe:

- an Rún ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar nuashonraithe ina bhfuil moltaí maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta agus bainistiú slándála ar chluichí sacair a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo agus a bhfuil baint ag Ballstát amháin, ar a laghad, leo ('Lámhleabhar Sacair an Aontais') (11160/24); agus,
- an Rún ón gComhairle maidir le lámhleabhar ina bhfuil moltaí chun foréigean agus suaitheadh a chosc agus a bhainistiú i ndáil le cluichí sacair idirnáisiúnta, ina bhfuil Ballstát amháin ar a laghad rannpháirteach, trí dhea-chleachtas a ghlacadh i ndáil le hidirchaidreamh póilíneachta le lucht leanúna (12792/16); agus,
- Moladh Comhdhlúite 1/2015 ó Chomhairle na hEorpa (arna athbhreithniú in 2019 agus arna eisiúint in 2020), lena soláthraítear treoir bhreise mhionsonraithe maidir le hábhair a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar phleanáil agus oibríochtaí póilíneachta an Stáit óstaigh, comharthaíocht an chomórtais agus ceisteanna bainistithe tráchta, mar shampla.

47. Déantar tagairt sna doiciméid sin do mhórchomórtais idirnáisiúnta sacair, ach tá na tagairtí scaipthe thar chaibidlí téamacha éagsúla agus cuirtear i láthair iad den chuid is mó i gcomhthéacs cluichí sacair aonuaire lena mbaineann gné idirnáisiúnta agus/nó ceisteanna ilghníomhaireachta ar bhonn níos leithne i dtaobh sábháilteachta, slándála agus seirbhísí.
48. Mar sin féin, féadfaidh lucht ceaptha beartas, straitéisithe agus cleachtóirí sinsearacha na bpóilíní óstacha na doiciméid thuas a mheas mar fhoinsí faisnéise breise. Go deimhin, i gcás ina meastar go bhféadfadh luach ar leith a bheith ag baint le hábhar léitheoireachta breise, tugtar an méid sin le fios sa roinn ábhartha den lámhleabhar seo.

An Lámhleabhar a chur i bhfeidhm

49. Mar fhocal scoir, cé go ndíríonn an lámhleabhar seo ar chomórtais idirnáisiúnta sacair, arb iad na himeachtaí is dúshlánaí iad do stáit óstacha de ghnáth, leagtar béim ar an gcaoi ar féidir na prionsabail agus na cleachtais atá ann a chur in oiriúint agus i bhfeidhm maidir le mórimeachtaí spóirt eile i gcás ina measann na húdaráis óstacha gurb iomchuí sin.
-

LÁMHLEABHAR EORPACH MAIDIR LE MÓRCHOMÓRTAIS IDIRNÁISIÚNTA SACAIR A ÓSTÁIL

Clár ábhair an Lámhleabhair

Roinn	Ábhar	Leathanach
	Réamhrá agus Achoimre	1

CUID A hAON – COMHAR IDIRNÁISIÚNTA PÓILÍNEACHTA I dTAOBH AN CHOMÓRTAIS

1.1	Pleanáil Phóilíneachta an Stáit Óstaigh don Chomórtas agus Comhar Idirnáisiúnta Póilíneachta
1.2	Ról Lárionaid an Chomórtais um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta (LCIP)
1.3	Mórchreat Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta an Chomórtais
1.4	Socruithe Déthaobhacha maidir leis an gComhar Idirnáisiúnta Póilíneachta
1.4 a	Comhaontuithe Déthaobhacha le Gníomhaireachtaí Idirnáisiúnta Póilíneachta
1.4 b	Comhaontuithe Déthaobhacha leis na Stáit Náisiúnta

Foscúibhinní

A.1	Europol: Ról agus Seirbhísí Tacaíochta
A.2	Interpol: Ról agus Seirbhísí Tacaíochta
A.3	Frontex: Ról agus Seirbhísí Tacaíochta

CUID A DÓ – BEARTAS ARDLEIBHÉIL AGUS RIACHTANAIS STRUCHTÚRACHA

- 2.1 Socruithe Pleanála Ilghníomhaireachta an Chomórtais
 - 2.2 Socruithe Náisiúnta Pleanála Póilíneachta
 - 2.3 Bonneagar Náisiúnta agus Idirnáisiúnta na bPóilíní Comórtais
 - 2.4 Struchtúr agus Suíomh Cealla/Lárionaid Póilíní Speisialaithe in Ábhair Oibríochtúla
 - 2.5 Struchtúr agus Suíomh na Socruithe maidir le Comhordú na Póilíneachta ar an gComórtas
 - 2.6 An Grúpa Comhordaithe um Pleanáil agus Oibríochtaí Éigeandála Comórtais
 - 2.7 Athbhreithniú ar an gCreat Dlíthiúil agus Riaracháin
 - 2.8 Buiséid um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta
 - 2.9 Comhar Idirnáisiúnta Póilíneachta a Leabú sna hUllmhúcháin a dhéanann an Tír Óstach
 - 2.10 Comórtais arna n-óstáil ag dhá thír óstacha nó níos mó
- Foscríbhinní
- 2.A Samhail léiritheach de Struchtúr agus Sreabha Faisnéise LCIP
 - 2.B Samhail léiritheach den Struchtúr um Chomhordú Náisiúnta agus Idirnáisiúnta Póilíneachta (i gcás comhshuí)
 - 2.C Samhail léiritheach den Struchtúr um Chomhordú Náisiúnta agus Idirnáisiúnta Póilíneachta (i gcás nach bhfuil comhshuí ann)

CUID A TRÍ – PLEANÁIL OIBRÍOCHTÚIL PHÓILÍNEACHTA AN CHOMÓRTAIS SNA CATHRACHA INA bhFUIL AN COMÓRTAS AR SIÚL

- 3.1 Pleanáil agus Ullmhúcháin Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl
- 3.2 Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl leis na hÚdaráis Náisiúnta
- 3.3 Pleanáil agus Socruithe Struchtúracha Oibríochtúla Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl
- 3.4 Ról Ghrúpa Pleanála Comórtais Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl
- 3.5 Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl le Cealla/Lárionaid Oibríochtúla Póilíneachta i gcoinne na Coireachta Eagraithe agus na Sceimhlitheoireachta
- 3.6 Ról Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl sa Phleanáil um Bagairtí Sceimhlitheoireachta agus i bhFreagairt na mBagairtí sin
- 3.7 Ról Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl sa Phleanáil um Iompar Polaitiúil Antoisceach agus Idirhealaitheach agus i bhFreagairt an Iompair sin
- 3.8 Ról Pleanála Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl i Socruithe Pleanála Éigeandála Áitiúla (nó Réigiúnacha)
- 3.9 Pleanáil Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl um Bainistiú Slua le linn Comórtais
- 3.10 Measúnú Riosca Dhinimiciúil agus Bainistiú Slua
- 3.11 Pleanáil Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl um Oibríochtaí in Áiteanna Poiblí
- 3.12 Comharthaíocht sna Cathracha ina bhfuil an Comórtas ar siúl
- 3.13 Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le hEagraí an Chomórtais/Lucht Bainistíochta Staideanna
- 3.14 Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le hÚdaráis Bhreithiúnacha agus Riaracháin agus Gníomhaireachtaí Ionchúisimh
- 3.15 Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le LCIP an Chomórtais
- 3.16 Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl leis na Póilíní Náisiúnta Tráchtá

- 3.17 Socruithe Bainistithe Tráchta Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl
- 3.18 Cumarsáid Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le Pobail Áitiúla
- 3.19 Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le hIonadaithe an Luchta Leanúna
- 3.20 Straitéis Meán Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl

Foscríbhinní

- 3.A Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le hAmbasáidí an Lucht Leanúna ar Cuairt
- 3.B Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl leis na hOifigigh Idirchaidrimh don Lucht Leanúna ar Cuairt

CUID A CEATHAIR – SOCRUITHE ULLMHÚCHÁIN AGUS OIBRÍOCHTÚLA LCIP AN CHOMÓRTAIS

- 4.1 Pleanáil LCIP
- 4.2 Bonneagar LCIP
- 4.3 Socruithe Bainistíochta LCIP
- 4.4 Socruithe Fhoireann Tacaíochta LCIP
- 4.5 Ról Anailísithe Diaspóra LCIP
- 4.6 Socruithe Oifigeach Idirchaidrimh LCIP
- 4.7 Socruithe Lóistíochta LCIP
- 4.8 Seirbhísí Cumarsáide agus Teicneolaíochta Faisnéise LCIP
- 4.9 Socruithe Déthaobhacha LCIP
- 4.10 Oiliúint Taithíochta LCIP
- 4.11 Socruithe Oibríochtúla um Malartú Faisnéise LCIP
- 4.12 Comhordú LCIP ar Shocruithe Imscartha do Thoscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt

- 4.13 Staitisticí Comórtais arna dTaifeadadh agus arna n-Úsáid ag LCIP
- 4.14 Mar a dhéanann LCIP cumarsáid agus mar a láimhseálann sé na meáin
- 4.15 Aiseolas agus Oidhreacht

**CUID A CÚIG – STRAITÉIS PHÓILÍNEACHTA AN CHOMÓRTAIS I dTACA LE
BAINISTIÚ SLUA: RÓL TACAÍOCHTA AGUS COMHAIRLEACH
NA dTOSCAIREACHTAÍ PÓILÍNEACHTA AR CUAIRT**

- 5.1 Caibidlíocht agus Comhaontuithe Déthaobhacha maidir le
Toscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt
- 5.2 Comhdhéanamh na dToscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt
- 5.3 Príomhchúraimí na dToscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt
- 5.4 Toscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt a Thionlacan ('Cicearóin')
- 5.5 Socruithe Teanga
- 5.6 Comhar idir na Póilíní Óstacha agus na Póilíní ar Cuairt le linn
an Chomórtais
- 5.7 An Úsáid a bhaineann Toscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt
as Veisteanna Aitheantais
- 5.8 Creidiúnú Staide do Thoscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt
- 5.9 Costais agus Socruithe Airgeadais
- 5.10 Réamhchuartheanna ar Chathracha ina mbeidh an Comórtas ar siúl arna
dtabhairt ag Ceann agus Comhordaitheoir Oibríochtaí
na dToscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt

Foscúibhinn

- 5.A Bearta Cosanta agus Maolaithe i dtaobh na Sláinte

CUID A hAON – COMHAR IDIRNÁISIÚNTA PÓILÍNEACHTA I dTAOBH AN CHOMÓRTAIS

Roinn 1.1. Pleanáil Phóilíneachta an Stáit Óstaigh don Chomórtas agus Comhar Idirnáisiúnta Póilíneachta

1.1.1. Bíonn pleanáil chuimsitheach ag teastáil chun mórchomórtas idirnáisiúnta sacair a óstáil. Áirítear leis sin réimse príomhriachtanas beartais ardleibhéil (a ndéantar cur síos orthu i gCuid a Dó den lámhleabhar seo) nach mór freastal orthu ag céim luath den phróiseas pleanála chun creat a sholáthar do raon leathan ullmhúchán agus oibríochtaí idirghaolmhara maidir leis an gcomórtas.

1.1.2. Is cuid lárnach de phleanáil phóilíneachta an chomórtais an gá atá le cinnteoirí agus straitéisithe rialtais agus póilíneachta chun an méid a leanas a dhéanamh:

- ról na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta póilíneachta agus an tacaíocht agus na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil a chinneadh agus a shainiú; agus,
- ról an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta a áireamh i straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais na tíre óstaí, straitéis a bheidh cuimsitheach agus ilghnéitheach (ach solúbtha chomh maith).

1.1.3. Nuair a bheidh na saincheistanna sin réitithe, ba cheart díriú ar an mbonneagar póilíneachta comórtais is gá a chinneadh chun straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais na tíre óstaí a chur i gcrích agus, rud nach beag a thábhacht, na comhpháirtithe idirnáisiúnta póilíneachta a neadú. Is é an aidhm ann a áirithiú go gcuirfear socruithe éifeachtacha i bhfeidhm maidir leis an méid a leanas:

- faisnéis náisiúnta agus idirnáisiúnta phóilíneachta a mhalartú agus a anailísiú; agus,
- na bearta is gá a chomhordú chun raon bagairtí a bhaineann go sonrach le comórtais a chosc agus a chomhrac.

1.1.4. An cuspóir rithábhachtach sin maidir le póilíneacht ar chomórtais, is léiriú é ar an méid trasnaíola a d'fhéadfadh a bheith idir tionchar na mbagairtí ar an gcomórtas agus an fhreagairt phóilíneachta lena mbaineann, agus ar an méid trasnaíola a bheidh eatarthu. Is den rithábhacht go mbeidh cur chuige iomlánaíoch póilíneachta ann.

1.1.5. Sa dá Roinn a leanas, leagtar amach foinsí agus saintréithe na gcomhpháirteanna éagsúla den chomhar idirnáisiúnta póilíneachta um chomórtais.

Roinn 1.2. Ról Lárionaid an Chomórtais um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta (LCIP)

1.2.1. Ar na comhpháirteanna éagsúla atá i gceist le tacaíocht na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, baineann an phróifíl is airde le ról agus sainchúram Lárionad an Chomórtais um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta (LCIP), ar ar tugadh an Lárionad um Chomhordú Faisnéise Póilíneachta (LCFP) i ndoiciméid Eorpacha roimhe seo.

1.2.2. Le tuairim is scór bliain anuas, tá LCIP ina phríomhghné de na mórchomórtais idirnáisiúnta sacair a óstáiltear san Eoraip, agus is iomchuí stádas agus tábhacht sin LCIP i bhfianaise an mhéid seo a leanas:

- an t-ionchas go dtiocfaidh lucht leanúna ina mílte ó gach cearn den Eoraip, agus níos faide i gcéin, ar cuairt ar an Stát óstach le linn an chomórtais;
- an fhianaise chuimsitheach atá ann ar neamhord poiblí suntasach ardphróifíle i ndáil le roinnt mórchomórtais sacair a óstáladh san Eoraip san am atá caite; agus,
- an méid ollmhór faisnéise is gá a mhalartú chun tacú le hoibríochtaí bainistithe slua na bpóilíní sa tír óstach.

1.2.3. Is é príomhchúram LCIP feidhmiú mar mhol lárnach chun faisnéis póilíneachta idirnáisiúnta a bhaineann le comórtais a mhalartú, a mheas agus a anailísiú chun tacú, i measc struchtúir eile, le struchtúir ceannais na bpóilíní óstacha chun oibríochtaí bainistithe slua (ord poiblí agus sábháilteacht phoiblí) atá éifeachtach agus bunaithe ar riosca a chur i gcrích sna cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl, agus in áiteanna eile de réir mar is iomchuí, le linn an chomórtais.

1.2.4. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, is gnách go mbíonn na trí fheidhm idirghaolmhara seo a leanas i gceist le sainchúram LCIP:

- faisnéis maidir le saincheisteanna bainistithe slua, arna soláthar ag an líonra Eorpach Pointí Faisnéise Náisiúnta um Shacar (PFNSanna) nó (i gcás stáit rannpháirteacha nach dtagann faoi scáth na PFNSanna) ag pointí teagmhála aonair arna n-ainmniú ag na póilíní, an fhaisnéis sin a mhalartú, a bhainistiú agus a anailísiú: próiseas a éascaítear trí oifigigh idirchaidrimh ó stáit atá rannpháirteach sa chomórtas, agus oifigigh eile de réir mar is iomchuí, a imscaradh in LCIP (féach Cuid a Ceathair den lámhleabhar seo);
- feidhmiú mar chainéal chun faisnéis póilíneachta idirnáisiúnta, measúnuithe riosca agus anailísí eile ar shaincheisteanna bainistithe slua a mhalartú leis na pointí teagmhála aonair ainmnithe sna cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl agus leis an líonra póilíneachta náisiúnta i gcoitinne sa Stát óstach; agus,
- comhordú a dhéanamh ar na socruithe chun toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt (ar a dtugtar ‘fairtheoirí’ nó foirne ‘fairtheoireachta’ uaireanta freisin) ó na stáit rannpháirteacha a imscaradh chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt do na póilíní sna cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl agus in áiteanna eile de réir mar is iomchuí.

1.2.5. Cuireann an cur chuige triarach sin ar chumas LCIP an chomórtais cur chuige cuimsitheach comhtháite a sholáthar i ndáil leis an tacaíocht idirnáisiúnta d’oibríochtaí bainistithe slua na bpóilíní sa tír óstach.

1.2.6. Agus an méid sin á dhéanamh aige, cuireann LCIP sásra cumasúcháin ar fáil freisin don líonra Eorpach PFNSanna chun a oibleagáid faoin dlí Eorpach a chomhlíonadh, is é sin gníomhú *mar an pointe teagmhála díri lárnach chun faisnéis ábhartha a mhalartú agus chun comhar idirnáisiúnta póilíneachta a éascú i ndáil le cluichí sacair a mbaineann gné idirnáisiúnta leo [aistriúchán neamhoifigiúil]*¹.

1.2.7. Tugtar treoir mhionsonraithe maidir le socruithe pleanála, ullmhúcháin agus oibríochtúla LCIP i gCuid a Ceathair den lámhleabhar seo

¹ Cinneadh ón gComhairle an 25 Aibreán 2002 (2002/348/CGB) – arna leasú le Cinneadh 2007/412/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007.

Roinn 1.3. Mórchreat Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta an Chomórtais

1.3.1. Mar a léiríodh thuas, is é LCIP an ghné is feiceálaí de chomhar idirnáisiúnta póilíneachta an chomórtais agus is é an mol is tábhachtaí é chun faisnéis phóilíneachta a mhalartú.

1.3.2. Mar sin féin, tá níos mó i gceist leis na rioscaí a bhaineann le comórtais ná dúshlán bainistithe slua (agus sainchúram na PFNSanna). Dá bhrí sin, níl in LCIP ach comhpháirt amháin de mhórchreat an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta a bhaineann go sonrach le comórtais.

1.3.3. Tugann na mórimeachtaí ardphróifíle uile, lena n-áirítear comórtais sacair idirnáisiúnta, deis do ghrúpaí sceimhlitheoireachta agus/nó don choireacht eagraithe a bhaineann úsáid as an gcomórtas chun a gcuspóirí coiriúla féin a shaothrú, agus tá riosca níos mó ann go mbeidh na grúpaí sin i láthair agus/nó i leith na coireachta sin. Tá gá le freagairt idirnáisiúnta ar ghníomhaíochtaí trasnáisiúnta mar sin ó ghníomhaireachtaí agus ó institiúidí atá tiomanta do na bagairtí atá i gceist a chosc agus a chomhrac.

1.3.4. Is féidir le Europol, Interpol agus/nó gníomhaireachtaí eile i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile, ar nós Frontex, i gcomhréir lena sainorduithe dlíthiúla, ról tábhachtach a bheith acu chun tacú le húdarais inniúla na stát a bhfuil mórchomórtais idirnáisiúnta sacair á n-óstáil acu. De ghnáth, cuimsíonn an ról seo soláthar na rudaí seo a leanas:

- rochtain ar shonraí maidir le grúpaí sceimhlitheoireachta agus coireacht thrasnáisiúnta agus coirpigh;
- sainseirbhísí tacaíochta;
- cláir oiliúna;
- lárionaid chomhordaithe faisnéise shoghluaiste agus/nó ag suíomhanna fosaithe;
- oifigigh idirchaidrimh agus pearsanra agus acmhainní breise a imscaradh; agus,
- measúnuithe ar bhagairtí i ndáil leis an sceimhlitheoireacht, réimse coireachta eagraithe, agus rialuithe teorann feabhsaithe.

1.3.5. Beidh taithí ag údaráis na bpóilíní óstacha cheana féin ar dhéileáil le Europol agus Interpol (agus le Frontex más Ballstát den Aontas Eorpach iad) agus beidh eolas acu ar na croisheirbhísí is féidir leo a sholáthar. Is é an chéad chúram a bheidh ar na póilíní óstacha, dá bhrí sin, dul i dteagmháil leis na gníomhaireachtaí sin chun raon feidhme agus cineál an róil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le tacú le hullmhúcháin agus oibríochtaí na bpóilíní óstacha a mheas.

1.3.6. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil comhaontú comhair i bhfeidhm ag Europol agus Interpol ó 2001 i leith, arb é ceann de na príomhchuspóirí atá leis:

- *malartú faisnéise oibríochtúla, straitéisí agus teicniúla, comhordú gníomhaíochtaí, lena n-áirítear comhchaighdeáin a fhorbairt, pleananna gníomhaíochta, oiliúint agus taighde eolaíoch agus oifigigh idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht.*

1.3.7. Dá bhrí sin, b'fhéidir gur mhaith leis na póilíní óstacha smaoineamh ar chuireadh a thabhairt don dá ghníomhaireacht teacht ar chomhaontú maidir lena róil faoi seach i ndáil leis an gcomórtas agus dréachtphlean gníomhaíochta comhpháirteach a ullmhú lena bhreithniú ag na húdaráis óstacha.

1.3.8. Is dócha go mbeidh ról tábhachtach comhlántach ag Europol agus Interpol araon roimh an gcomórtas agus lena linn.

1.3.9. Ós rud é gur bhunaigh an tAontas Eorpach Europol agus é mar phríomhaidhm aige Eoraip níos sábháilte a bhaint amach chun leasa shaoránaigh uile an Aontais maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta, na cibearchoireachta agus cineálacha eile coireachta tromchúisí agus eagraithe, is dócha go mbeidh próifíl níos airde ag a ról i dtaca le comórtas a óstáiltear san Eoraip (go háirithe, ach ní go heisiach, más Ballstát den Aontas é an Stát óstach). I ndáil leis an méid sin, tá sé ábhartha freisin go n-oibríonn Europol le lear stáit chomhpháirtíochta nach bhfuil san Aontas agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

1.3.10. Tá ról domhanda ag Interpol agus ar cheann de na tosca lena gcinntear cineál, ról agus méid bheacht na tacaíochta idirnáisiúnta póilíneachta a bheidh ag teastáil, díreofar ar cibé acu an comórtas Eorpach amháin nó comórtas domhanda atá i gceist.

1.3.11. Mar shampla, beidh Stáit ó gach mór-roinn rannpháirteach i gCorn Domhanda, arna eagrú faoi choimirce FIFA, agus cuirfidh sé sin dúshlán nua roimh na húdaráis forfheidhmithe dlí óstacha, ar nós cúinsí a bhaineann le hinimirce eagraithe mídhleathach. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí le comórtas Eorpach, arna eagrú faoi choimirce UEFA, Stáit rannpháirteacha atá lasmuigh de theorainneacha geografacha agus polaitiúla 'na hEorpa'.

1.3.12. Go bunúsach, ba cheart go mbeadh léiriú soiléir ar an tacaíocht a theastaíonn ó institiúidí idirnáisiúnta póilíneachta a bhfuil saineolas speisialaithe acu maidir le sceimhlitheoireacht thrasnáisiúnta agus coireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac agus rialuithe teorann a neartú ar cheann de na príomhthorthaí a bhaineann le planáil comórtas ardleibhéil póilíneachta agus rialtais.

1.3.13. Ar mhaithe le tagairt a éascú, tá achoimre ghairid ar an ról agus ar na seirbhísí atá ar fáil ó na gníomhaireachtaí sin ceangailte leis an gcuid seo den lámhleabhar maidir le Europol (Foscúbhinn 1.A), Interpol (Foscúbhinn 1.B), agus Frontex (Foscúbhinn 1.C).

1.3.14. Cuirtear i bhfios go láidir arís, áfach, i ngach cás, gur cheart plé mionsonraithe a dhéanamh ar an tacaíocht a theastaíonn sa chéad chéim den phróiseas planála comórtais agus i gcomhaontuithe déthaobhacha ina dhiaidh sin leis na gníomhaireachtaí lena mbaineann (*féach* Roinn 1.4 thíos).

1.3.15. Dá bhrí sin, is féidir achoimre a dhéanamh dá réir sin ar na ceithre phríomhchuid de straitéis phóilíneachta na tíre óstaí, lena leabaítear tacaíocht ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta:

- (i) Socruithe rialaithe teorann agus iontrála, lena n-ionchorpraítear póilíní teorann na tíre óstaí agus aon ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile sa tír óstach i réimse na hinimirce, mar aon le Europol, IMEST Interpol, agus (má iarrann Ballstát óstach de chuid an Aontais é) Frontex mar na príomhfhoinsí tacaíochta póilíneachta idirnáisiúnta atá acu;
- (ii) Anailís ar an bhfrithsceimhlitheoireacht agus ar an antoisceacht pholaitiúil chomh maith le bearta coisctheacha agus bearta maolaithe tionchair, lena n-ionchorpraítear sainghníomhaireachtaí frithsceimhlitheoireachta póilíneachta agus faisnéise na tíre óstaí, mar aon le saineolaithe Europol agus Interpol agus oifigigh idirchaidrimh mar phríomhfhoinsí tacaíochta póilíneachta idirnáisiúnta;

(iii) Anailís riosca agus coiriúlacht eagraithe a bhaineann go sonrach le comórtais a chosc agus a chomhrac (mar atá cibearchoireacht, coireacht maoine intleachtúla, ticéid ghóchumtha, feallsocrú cluichí, etc.) lena n-ionchorpraítear raon póilíní óstacha ar saineolaithe ar an gcoiriúlacht iad, a bhfuil saineolas acu ar na bagairtí éagsúla a sainaithníodh roimh an gcomórtas agus lena linn, mar aon le saineolaithe Europol agus Interpol mar phríomhfhoinsé tacaíochta póilíneachta idirnáisiúnta; agus, mar atá leagtha amach thuas,

(iv) Socruithe bainistithe slua, lena ndírítear ar thacaíocht idirnáisiúnta póilíní atá lonnaithe in LCIP do chomórtas sonrach (*féach* Cuid a Ceathair den lámhleabhar seo) agus toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt i gcathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl (*féach* Cuid a Cúig den lámhleabhar seo).

1.3.16. I dteannta a chéile, soláthraíonn na ceithre réimse speisialaithe seo creat de chomhar idirnáisiúnta póilíneachta a bhaineann go sonrach le comórtais.

1.3.17. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go n-aithneodh pleanálaithe agus straitéisithe na bpóilíní óstacha gur féidir forluí a bheith ann, agus go dtarlóidh sé go mbeidh forluí ann, idir sainchúraimí na gceithre phríomhchuid sin ó thaobh bagairtí de agus na bearta coisctheacha gaolmhara atá beartaithe chun cur isteach mailíseach agus cur isteach mór eile ar an gcomórtas a chomhrac.

1.3.18. Mar shampla, d'fhéadfadh cúiseanna coiriúla nó sceimhlitheoireachta a bheith mar bhonn le heachtra chibearbhunaithe. Ar an gcaoi chéanna, is cinnte go mbeidh tionchar mór ag bearta a glacadh chun bagairt sceimhlitheoireachta nó cur isteach suntasach eile ar an gcomórtas a chomhrac ar oibríochtaí bainistithe slua na bpóilíní sa tír óstach agus ar ról na dtoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt.

1.3.19. Dá bhrí sin, ba cheart an gá atá le comhordú agus malartú faisnéise éifeachtach idir na ceithre chomhpháirt a bheith ina ardtosaíocht do phleanálaithe agus straitéisithe póilíneachta an chomórtais (*féach* Roinn 2.5 den lámhleabhar seo).

Roinn 1.4. Socruithe Déthaobhacha maidir leis an gComhar Idirnáisiúnta Póilíneachta

(a) Comhaontuithe Déthaobhacha le Gníomhaireachtaí Idirnáisiúnta Póilíneachta

1.4.1. Mar a léirítear thuas, beidh ar an tacaíocht a chuireann Europol, Interpol agus Frontex ar fáil a bheith faoi réir plé déthaobhach agus comhaontuithe frithpháirteacha nó a bheith deimhnithe i meabhrán tuisceana idir na póilíní óstacha agus gach ceann de na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

1.4.2. Beidh na comhaontuithe sin éagsúil i gcomhréir le ceanglais na tíre óstaí agus le bunreachtanna, saineolas agus socruithe oibriúcháin na ngníomhaireachtaí faoi seach. I ngach cás, áfach, ba cheart na socruithe maidir leis an méid seo a leanas a ionchorprú sna comhaontuithe:

- idirchaidreamh le pearsanra forfheidhmithe dlí na tíre óstaí ainmnithe;
- bailiú agus malartú faisnéise;
- rochtain ar bhunachair sonraí;
- úsáid agus coinneáil sonraí;
- dearbhuithe discréide agus rúndachta;
- cealla/lárionaid oibríochtúla speisialaithe a bhunú;
- oifigigh idirchaidrimh shoghluaiste a imscaradh;
- seilbh agus úsáid trealaimh agus áiseanna teicniúla;
- anailísí ar bhagairtí a sholáthar;
- aon oiliúint a bheidh le cur ar fáil;
- taisteal idirnáisiúnta agus intíre; agus,
- costais imscartha agus oibriúcháin.

(b) Socruithe Déthaobhacha leis na Stáit Náisiúnta

1.4.3. Beidh ar an ngrúpa pleanála póilíneachta atá faoi stiúir an rialtais (*féach* Roinn 2.2 den lámhleabhar seo) plé déthaobhach a choimisiúnú le gach Stát rannpháirteach (agus le Stáit eile má mheastar é a bheith riachtanach nó iomchuí) a luaithe is féidir le linn chéim ullmhúcháin an chomórtais.

1.4.4. Is é cuspóir an phlé sin eolas a chur ar fáil d'ullmhúcháin comhair idirnáisiúnta póilíneachta an chomórtais agus soiléireacht fhrithpháirteach a chur ar fáil maidir le raon príomhshocruithe ullmhúcháin, lóistíochta agus oibríochtúla a mbeidh feidhm acu roimh an gcomórtas, lena linn agus ina dhiaidh, go háirithe (ach ní go heisiach) maidir leis an méid seo a leanas:

- socruithe déthaobhacha maidir le comhar póilíneachta agus malartú faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta;
- na bearta agus na critéir atá ar fáil chun cosc a chur ar dhaoine a bhfuil toirmeasc orthu imeacht óna dtír chónaithe agus rialuithe ar theacht isteach do lucht leanúna a ngabhann riosca leo sa Stát óstach;
- ábhair lóistíochta agus oibríochtúla a bhaineann le méid, comhdhéanamh agus feidhmeanna na dtoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt atá le comhaontú go fhrithpháirteach bunaithe ar mheasúnú riosca a dhéanfaí roimh an gcomórtas (féach Cuid a Cúig den lámhleabhar seo); agus,
- oifigigh idirchaidrimh a imscaradh sa LCIP óstach (*féach* Cuid a Ceathair den lámhleabhar seo).

1.4.5. Is léir go bhfuil gá le soiléireacht fhrithpháirteach maidir le saincheistanna mar sin, ach is dócha go mbeidh na socruithe iarbhir a leagtar amach i ngach comhaontú déthaobhach éagsúil i gcomhréir le raon tosca, lena n-áirítear:

- líon na ndaoine ó gach Stát rannpháirteach a mheastar a thaistealóidh chuig an Stát óstach mar chuid den lucht leanúna i dtaca leis an gcomórtas;
- réamh-mheasúnuithe ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le lucht leanúna gach foirne náisiúnta atá rannpháirteach; agus,
- taithí, saineolas, cleachtais oibre, agus roghanna gach toscaireachta póilíneachta ar cuairt.

1.4.6. D'ainneoin na n-athruithe sin, ba cheart do gach comhaontú déthaobhach na rudaí seo a leanas a shoiléiriú:

- comhdhéanamh na toscaireachta póilíneachta ar cuairt;

- príomhchúraimí an tarmligin;
- cumhachtaí feidhmiúcháin tarmligin (más ann dóibh);
- trealamh teicniúil a shealbhú agus a úsáid chun faisnéis agus fianaise a bhailiú (mar shampla, ceamaraí físeáin agus grianghrafadóireachta láimhe);
- imscaradh le trealamh cosanta (airm thine, gás CS, bataí, taser, eile);
- úsáid foinsí ceilte faisnéise daonna;
- éide nó cáipéis aitheantais shofheicthe a chaitheamh;
- socruithe maidir leis na meáin a láimhseáil; agus,
- costais agus socruithe lóistíochta.

1.4.7. Is féidir breithniú a dhéanamh freisin ar fhiúntas toscaireachtaí póilíneachta roghnaithe (nó gach toscaireacht phóilíneachta) ar cuairt lena n-ionchorpraítear pearsanra a bheidh le himscaradh in éide ag moil idirthurais idirnáisiúnta agus ag príomh-mhoil idirthurais náisiúnta sa Stát óstach chun tacú le socruithe rialaithe teorann agus iontrála ó thaobh cumarsáid a éascú le lucht leanúna a bhfoirne náisiúnta faoi seach atá ag teacht isteach.

1.4.8. Beidh an t-imscaradh sin ina fhianaise freisin don lucht leanúna atá ar cuairt go bhfuil na póilíní óstacha agus na póilíní eile atá rannpháirteach ag obair i ndlúthchomhar maidir le sábháilteacht agus slándáil an phobail i ndáil leis an gcomórtas.

1.4.9. Beidh gá le plé agus comhaontuithe breise i ndáil leis na socruithe níos mionsonraithe maidir le socruithe lóistíochta agus oibriúcháin LCIP (*féach* Cuid a Ceathair thíos).

1.4.10. Cuirtear i bhfios go láidir nach conarthaí idirnáisiúnta atá i gceist le toradh an phlé dhéthaobhaigh agus na gcomhaontuithe déthaobhacha sin, ach gur cabhair iad don chomhthuiscint agus do ghealltanais inláimhsithe (cé nach bhfuil siad ceangailteach ó thaobh dlí de) ón Stát rannpháirteach nó ó Stát eile chun tacú le póilíneacht an Stáit óstaigh agus le socruithe eile sábháilteachta agus slándála.

1.4.11. A luaithe a bheidh an chaibidlíocht tugtha chun críche, ba cheart don dá pháirtí na socruithe comhaontaithe a shíniú ar leibhéal an rialtais nó ar leibhéal na póilíneachta i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach ina ndlíthe náisiúnta faoi seach.

EUROPOL: RÓL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

1. Is é Europol gníomhaireacht forfheidhmithe dlí an Aontais Eorpaigh, arb é a phríomhaidhm Eoraip níos sábháilte a bhaint amach chun leasa shaoránaigh uile an Aontais maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta, na cibearchoireachta agus cineálacha eile coireachta tromchúisí agus eagraithe. Oibríonn Europol freisin le lear stáit chomhpháirtíochta nach bhfuil san Aontas agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.
2. Is é sainordú Europol tacú le húdaráis forfheidhmithe dlí na hEorpa raon coireachta eagraithe trasnáisiúnta agus sceimhlitheoireachta a chosc agus freagairt orthu, lena n-áirítear:
 - sceimhlitheoireacht;
 - an ghainneáil ar dhaoine;
 - inimirce neamhdhlíthiúil éascaithe;
 - an chibearchoireacht;
 - góchumadh airgeadra;
 - grúpaí coiriúla eagraithe soghluaiste; agus,
 - an choireacht maoine intleachtúla.
3. Cuireann Europol an sainordú sin i gcrích trí raon seirbhísí tacaíochta a sholáthar, lena n-áirítear:
 - bunachair sonraí agus bealaí cumarsáide a óstáil lena gcuirtear saoráidí tapa slána ar fáil do na Ballstáit chun faisnéis bhunriachtanach a stóráil, a chuardach, a léirshamhlú, a anailísiú agus a nascadh;

- Ionad Oibríochtúil a fheidhmíonn 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine a óstáil, chun sonraí maidir le gníomhaíocht choiriúil a mhalartú idir Europol, Ballstáit an Aontais agus tríú páirtithe;
- Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (EC3);
- Tascfhórsa Comhpháirteach in aghaidh na Cibearchoireachta;
- Lárionad Frithsceimhlitheoireachta na hEorpa (ECTC);
- An Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach (EMSC);
- An Chomhghuaillíocht Chomhordaithe um an gCoireacht Maoine Intleachtúla (IPC3);
- líonraí inimirce aindleathaí;
- líonraí gáinneála aindleathaí ar fheithiclí;
- líonraí sciúrtha airgid; agus,
- líonraí brionnaithe airgeadra.

4. Tá réimse leathan Tionscadal Anailíse a bhaineann go sonrach le coireacht ag Europol freisin.

- 4a. Tacaíonn AP Copy le coireanna a bhaineann le sárú ar chearta maoine intleachtúla (CMI) a chosc agus a chomhrac. Cumhdaítear leis sin líonraí coireachta eagraithe atá i mbun táirgí góchumtha a mhonarú agus a thrádáil: coir a bhaineann go minic le mórchomórtais sacair.
- 4b. Tacaíonn AP Cyborg le himscrúduithe ar chibearchoiriúlacht a dhéanann difear do bhonneagair chriticiúla ríomhaireachta agus líonraí san Aontas. Díríonn sé go háirithe ar chibearchoireacht a dhéanann grúpaí eagraithe agus a ghineann brabúis mhóra choiriúla. Cumhdaítear leis sin raon leathan coireanna ardteicneolaíochta ar nós bogearraí mailíseacha (cruthú agus dáileadh cód), bogearraí éirice, haiceáil, fioscaireacht, cur isteach, goid chéannachta agus calaois a bhaineann leis an idirlíon.

- 4c. Tá AP Hydra chun tacú le coireanna a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac, is iad sin coireanna i gcoinne saol duine, i gcoinne na saoirse ó dhíobháil choirp agus na saoirse pearsanta nó maoine, agus cionta coiriúla gaolmhara, arna ndéanamh ag daoine aonair, grúpaí, líonraí nó eagraíochtaí.
- 4d. Tacaíonn AP Migrant Smuggling le díriú ar líonraí coiriúla eagraithe a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach agus leis na líonraí sin a bhaint as a chéile, ag díriú ar mhoil agus ar theophointí coiriúla geografacha.
- 4e. Tacaíonn AP Soya leis an gcomhrac i gcoinne góchumadh airgeadra. Is é góchumadh an euro príomhthosaíocht an Tionscadail Anailíse, ach tacaíonn sé freisin le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun díriú ar bhrionnuithe airgeadraí eile ar nós Dollar na Stát Aontaithe agus Punt steirling. Áirítear leis sin tacú le deireadh a chur le líonraí dáileacháin agus siopaí priontála airgeadra neamhdhleathacha a shainaithint.
- 4f. Tacaíonn AP Sports Corruption le himscrúduithe reatha ar éilliú spóirt, lena n-áirítear calaois agus caimiléireacht, agus gníomhaíochtaí coiriúla gaolmhara.
5. Maidir le mórimeachtaí, lena n-áirítear comórtais sacair idirnáisiúnta, is féidir le Europol raon seirbhísí tacaíochta a sholáthar (arna iarraidh sin), chun eolas agus tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí póilíneachta sa tír óstach chun bagairtí ó ghrúpaí coireachta eagraithe agus bagairtí sceimhlitheoireachta a bhaineann le comórtais a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear:
- saineolaithe agus oifigí soghluaiste a imscaradh chun tacú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí sa tír óstach;
 - oibriú leis an Stát óstach, le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus le gníomhaireachtaí chun pleananna oibríochtúla a ullmhú chun oibríochtaí trasteorann a chomhordú;
 - sainmhíniú a dhéanamh ar bhagairtí coiriúla nó sceimhlitheoireachta, raon feidhme na n-oibríochtaí trasteorann agus ar na bearta is gá chun cur isteach ar an gcoireacht agus chun déantóirí coire a shainaithint agus gníomhú ina gcoinne; agus,
 - socruithe caighdeánacha a chur ar fáil chun comhordú a dhéanamh ar oibríochtaí trasteorann ag ceanncheathrú Europol, lena n-áirítear ionadaithe na Stát rannpháirteach agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta a imscaradh.

6. Beidh ar na Stáit óstacha comhaontuithe mionsonraithe a bheith acu le Europol agus dearbhuithe discréide agus dearbhuithe faoi rún a shíniú.

Foinse: Suíomh gréasáin Europol ag <https://www.europol.europa.eu/about-europol>.

Uainiú na nIarrataí ar Sheirbhísí Tacaíochta Europol

Mórchomórtais Spóirt Idirnáisiúnta (uimhir chomhaid Europol 2570-50r1)	
Seirbhís tacaíochta	Iarraidh oifigiúil chuig Europol
Measúnú Ginearálta Tosaigh ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe a Bhaineann leis an gComórtas (GTA)	12 mhí roimh an gcualr
Measúnú Ginearálta Tosaigh ar Bhagairt na Sceimhlitheoireachta a Bhaineann leis an gComórtas (GTTA)	12 mhí roimh an gcualr
Nuashonruithe ar GTA agus nó GTTA	6 mhí roimh an gcualr
Measúnú/Measúnuithe sonracha ar Bhagairt (réimse coireachta)	6 mhí roimh an gcualr
Tacaíocht Anailíseach Oibríochtúil faoi chuimsiú Chomhaid Oibre Anailíse Europol atá ann cheana	6 mhí roimh an gcualr
Cúrsa Oiliúna in Anailís Straitéiseach	8 mí roimh an gcualr
Cúrsa Oiliúna in Anailís Oibríochtúil	8 mí roimh an gcualr
Cúrsaí Oiliúna Speisialtóra (sainréimse coireachta)	6 mhí roimh an gcualr
Oifigigh Idirchaidrimh Europol a imscaradh sa Stát óstach	12 mhí roimh an gcualr

[Tabhair faoi deara go raibh an leagan seo le feiceáil in eagrán níos luaithe de lámhleabhar AE agus go bhféadfadh sé a bheith imithe i léig nó gur gá é a nuashonrú]

INTERPOL: RÓL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

1. Is é Interpol (Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta) an eagraíocht póilíneachta idirnáisiúnta is mó ar domhan agus 192 bhalltír aige. Bunaíodh é chun cabhrú leis na fórsaí póilíneachta ar fud an domhain oibriú i gcomhar le chéile chun dul i ngleic leis an gcoireacht thrasnáisiúnta trí bhunachair sonraí chomhroinnte agus saineolas a chur ar fáil dóibh.
2. Tá Biúró Náisiúnta Interpol i ngach Ballstát a nascann a bhforfheidhmiú náisiúnta dlí le contrapháirtithe i dtíortha eile agus le hArdrúnaíocht Interpol (ceanncheathrú) trí líonra cumarsáide slán a chuireann ar chumas gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí sna Ballstáit sonraí a bhaineann le coireacht agus coirpigh a fháil agus a chur in iúl go sábháilte.
3. Is é príomhfheidhm Interpol a chur ar chumas na bpóilíní sna balltíortha an choireacht idirnáisiúnta a chosc agus a chomhrac i ndáil le trí phríomhréimse:
 - (i) **An fhrithsceimhlitheoireacht**, lena n-áirítear bagairtí CBRNE (ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch, núicléach agus pléascáin). Is féidir le Interpol cabhrú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí sna balltíortha trí fhaisnéis a roinnt maidir le líonraí sceimhlitheoireachta thrasnáisiúnta arna mbailiú ó na Ballstáit ar fud an domhain agus trí chuidiú le hanailísí bagairtí a fhorbairt i ndáil le comórtais ardphróifíle agus trí shainaithint agus gabháil daoine atá faoi dhrochamhras a éascú.
 - (ii) **An choireacht eagraithe**. Is féidir le Interpol feabhas a chur ar chumas fhorfheidhmiú an dlí sna balltíortha coireacht thromchúiseach thrasnáisiúnta a chomhrac go héifeachtach trí (a) thionscnaimh spriocdhírthe oiliúna póilíní agus trí (b) comhairle, treoir agus tacaíocht ar éileamh a sholáthar chun comhpháirteanna tiomnaithe maidir le comhrac na coireachta a thógáil le fórsaí póilíneachta náisiúnta. Áirítear leis sin eolas, scileanna agus dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le póilíneacht trí chainéil Interpol agus caighdeáin dhomhanda a bhunú maidir le conas cineálacha sonracha coireanna a chomhrac.

- (iii) **An Chibearchoireacht.** Is féidir le Interpol cabhrú le húdaráis forfheidhmithe dlí sna Ballstáit trí fhreagairt dhomhanda ar chibearbhagairtí agus cibearionsaithe trasnáisiúnta a chomhordú trí fhaisnéis atá cothrom le dáta maidir le bagairtí agus treochoaí a bhailiú agus a chomhroinnt; agus rioscaí chun cabhrú le tíortha óstacha straitéisí coisctheacha agus cur isteach a fhorbairt i ndáil le cibearbhagairtí atá ann cheana agus aon chibearbhagairtí atá ag teacht chun cinn agus freagairt chomhordaithe ilghníomhaireachta a thabhairt orthu.

4. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, cuireann Interpol réimse seirbhísí ar fáil.

- (i) **Seirbhísí cumarsáide póilíneachta domhanda slána.** Áirítear leis sin sonraí criticiúla a bhaineann le coireacht a scaipeadh trí chóras fógraí idirnáisiúnta i ngach ceann de cheithre theanga oifigiúla na heagraíochta: Araibis, Béarla, Fraincis agus Spáinnis. Mar shampla, **Fógraí Gorma** chun faisnéis bhreise a bhailiú faoi chéannacht nó faoi ghníomhaíochtaí duine i ndáil le coir agus **Fógraí Glasa** chun rabhaidh agus faisnéis choiriúil a sholáthar faoi dhaoine a rinne cionta coiriúla agus ar dócha go ndéanfaidh siad na coireanna sin arís i dtíortha eile.
- (ii) **Seirbhísí oibríochtúla sonraí agus bunachair sonraí do phóilíní.** Cuireann Interpol bunachar sonraí ar fáil ar féidir leis na póilíní rochtain a fháil air ar fud an domhain. Ligeann an bunachar sonraí seo do na póilíní ar fud an domhain rochtain a fháil ar fhaisnéis atá deartha chun cabhrú le coireanna a chosc agus a imscrúdú. Tá sonraí coiriúla sa bhunachar sonraí freisin mar shampla próifílí coiriúla, taifid choiriúla, taifid ghoidte, pasanna goidte, feithiclí, saothair ealaíne agus brionnuithe, etc.
- (iii) **Seirbhísí oibríochtúla tacaíochta póilíneachta.** Tacaíonn Interpol le hoifigigh forfheidhmithe dlí sa réimse trí thacaíocht éigeandála agus gníomhaíochtaí oibríochtúla, go háirithe ina réimsí tosaíochta coireachta maidir le héalaithigh, sábháilteacht phoiblí agus sceimhlitheoireacht, drugaí agus coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine agus coireacht airgeadais agus ardteicneolaíochta. Feidhmíonn Ionad Ceannais agus Comhordaithe 24 uair sa lá, 7 lá na seachtaine.
- (iv) **Oiliúint agus forbairt póilíní.** Is Córas Bainistíochta Foghlama é Lárionad Foghlama Domhanda Interpol atá comhdhéanta d'eolaire saineolaithe, pacáistí ríomhfhoghlama, agus taisclann páipéar taighde agus dea-chleachtas. In éineacht le cláir oiliúna rialta, tá sé mar aidhm ag an eagraíocht i ndeireadh na dála cumas na mballstát a fheabhsú chun an choireacht thrasnáisiúnta agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

5. Ina theannta sin, cuireann Interpol tacaíocht imscrúdaitheach, saineolas agus oiliúint ar fáil d'fhorfheidhmiú an dlí ar fud an domhain i ndáil leis na trí phríomhréimse sin den choireacht thrasnáisiúnta. Clúdaíonn a shainordú leathan beagnach gach cineál coireachta, lena n-áirítear sárú ar mhaoin intleachtúil.
6. Arna iarraidh sin do bhalltír, is féidir le Interpol Foirne Freagartha Teagmhas agus/nó Foirne Tacaíochta Mórchomórtais a imscaradh freisin, agus iad comhdhéanta de shaineolaithe sna réimsí ábhartha. Is é Lárionad Ceannais agus Comhordaithe Interpol ag a Cheanncheathrú a bhainistíonn imscaradh na bhfoirne sin.
7. Cuidíonn **Foireann Tacaíochta Mórimeachtaí de chuid Interpol (IMEST)** leis na húdaráis phóilíneachta náisiúnta mórimeachtaí idirnáisiúnta a óstáil trína gcomhtháthú i mbonneagar slándála an chomórtais, chun oibriú le príomhghníomhaireacht póilíneachta na tíre óstaí chun socruithe slándála a ullmhú, a chomhordú agus a chur chun feidhme chun aon bhagairt sceimhlitheoireachta agus/nó aon chion coiriúil tromchúiseach a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu.
8. Is féidir le IMEST rochtain láithreach ar shonraí ríthábhachtacha a chur ar fáil chun cabhrú le hoifigigh idirchaidrimh náisiúnta agus eachtracha na dtíortha rannpháirteacha an úsáid is fearr a bhaint as bunachair sonraí Interpol. Éascaíonn siad malartú teachtaireachtaí fíor-ama agus sonraí póilíneachta ríthábhachtacha idir tíortha. Áirítear leis na sonraí sin méarloirg, grianghraif, fógraí faoi dhaoine a bhfuiltear sa tóir orthu, agus sonraí a bhaineann le doiciméid taistil a goideadh agus a cailleadh agus mótarfheithiclí a goideadh

Foinse: <https://www.interpol.int/>

FRONTEX: RÓL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

1. Bunaíodh Frontex (an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta) san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair in 2016 agus sainordú aige Bainistiú Teorainneacha san Eoraip a chur chun cinn, a chomhordú agus a fhorbairt i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus leis an gcoincheap maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha san Aontas.
2. Arna iarraidh sin do Bhallstát, cuireann Frontex cúnamh teicniúil agus oibríochtúil ar fáil freisin trí oibríochtaí comhpháirteacha agus mear-idirghabhálacha teorann.
3. Cé gurb iad na Ballstáit amháin atá freagrach as rialú rialta teorann, díríonn ról tacaíochta Frontex ar imscaradh saineolaithe breise agus trealamh theicniúil bhreise chuig na limistéir teorann sin a bhfuil brú suntasach orthu a chomhordú.
4. D'fhéadfaí a áireamh ar na brúnna sin tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit a bhfuil mórchomórtais á n-óstáil acu, mar shampla comórtais sacair idirnáisiúnta. Is féidir le hoibríochtaí mar sin díriú ar smuigleáil, gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht agus coireanna trasteorann a chosc.
5. In éineacht leis na húdaráis óstacha, forbraíonn Frontex plean oibríochtúil, lena n-ionchorpraítear measúnú ar líon na n-oifigeach a bhfuil saineolas sonrach acu agus ar líon agus ar chineál an trealamh theicniúil is gá agus ar na rialacha rannpháirtíochta don phearsanra a imscartar san oibríocht teorann.
6. Ansin treoraíonn Frontex iarraidh chuig gach Ballstát agus Tíortha Comhlachaithe Schengen le haghaidh na n-oifigeach is gá, ina sonraítear go soiléir an saineolas agus na hinniúlachtaí is gá (mar shampla saineolaithe doiciméad, seiceálacha teorann, saineolaithe faireachais, láimhseálaithe madraí) chomh maith le trealamh sonrach is gá le haghaidh na hoibríochta (mar shampla héileacaptair, eitleáin, gluaisteáin phatróil, trealamh fisteirmigh, brathadóirí buille croí). Cinneann gach Ballstát ansin an leibhéal rannchuidithe is féidir leis a thabhairt don oibríocht chomhpháirteach.

7. Le linn na céime oibríochtúla, imscartar gardaí teorann agus trealamh teicniúil chuig limistéir teorann ainmnithe chun a ndualgais a chomhlíonadh de réir an phlean oibríochtúil. Oibríonn na hoifigigh imscartha (ar a dtugtar aoi-oifigigh) faoi cheannas agus faoi rialú údaráis na tíre atá ina hóstach ar an oibríocht.
8. Le linn an imscartha, féadfaidh aoi-oifigigh na cúraimí uile a chomhlíonadh agus na cumhachtaí uile a fheidhmiú maidir le seiceálacha teorann nó faireachas teorann i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen. Áirítear ar na cúraimí sin seiceálacha teorann, faireachas teorann, stampáil, daoine gan doiciméid a chur faoi agallamh, bunachair sonraí a cheadú.
9. Caitheann aoi-oifigigh a n-éide náisiúnta agus banda muinchille gorm ar a bhfuil suaitheantas an Aontais agus Frontex. Chun críocha aitheantais *vis-à-vis* údaráis náisiúnta agus saoránaigh, tá doiciméad creidiúnaithe ar iompar ag aoi-oifigigh, arna sholáthar ag Frontex, agus ní mór dóibh an doiciméad sin a chur i láthair arna iarraidh sin.
10. Déantar faisnéis agus faisnéis ábhartha eile a bhailítear le linn na n-oibríochtaí a chomhroinnt leis na húdaráis náisiúnta ábhartha agus le Europol.

Foinse: <https://frontex.europa.eu/>

Cuid a Dó - Beartas Ardleibhéil agus Riachtanais Struchtúracha

Roinn 2.1. Socruithe Pleanála Ilghníomhaireachta an Chomórtais

2.1.1. Sula mbeidh siad roghnaithe ag na cumainn idirnáisiúnta eagrúcháin (UEFA nó FIFA) chun mórchomórtas sacair Eorpach nó domhanda a óstáil (nó a chomh-óstáil), nó tráth a roghnófar iad, beidh ar na húdaráis óstacha coincheap ilghníomhaireachta a fhorbairt a bhaineann go sonrach leis an gcomórtas maidir le sábháilteacht, slándáil agus seirbhís lena gcumhdófar an iliomad socruithe forluiteacha chun go mbeidh an comórtas sábháilte, slán agus chun go mbeidh rath air.

2.1.2. Chuige sin, beidh gá leis an méid seo a leanas a bhunú:

- coiste eagraithe ilghníomhaireachta faoi stiúir an rialtais, ina mbeidh na príomhghníomhaireachtaí uile atá rannpháirteach sa chomórtas, chun maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar na socruithe pleanála, ullmhúcháin agus seachadta comórtais i gcomhréir le forálacha bunreachtúla náisiúnta; agus,
- grúpaí comhordaithe ilghníomhaireachta áitiúla/réigiúnacha i gcathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl.

2.1.3. Is é an cuspóir uileghabhálach a bhaineann le hullmhúcháin náisiúnta faoi stiúir an rialtais cur chuige comhtháite ilghníomhaireachta sábháilteachta, slándála agus seirbhíse a fhorbairt a bheidh sonrach don chomórtas.

2.1.4. Tá sé seo rithábachtach mar gheall ar an dóchúlacht go mbeidh forluí ann idir gach gné de shocruithe sábháilteachta agus slándála an chomórtais. Mar shampla, taithí a fháil ar fhianaise go bhféadfadh tionchar díreach a bheith ag beart sábháilteachta ar shlándáil agus *vice versa*. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag na bearta seirbhíse a bhíonn ag lucht leanúna i staid i gcathair ina bhfuil an comórtas ar siúl, nó ar an ngréasán iompair, ar an dinimic bainistithe slua in áiteanna poiblí.

2.1.5. Beidh ról lárnach ag na póilíní óstacha ag gach céim den phróiseas seo agus tá sé riachtanach go ndéanann daoine aonair atá in ann tionchar a imirt ar phríomhchinntí beartais agus straitéiseacha maidir le socruithe náisiúnta agus cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl ionadaíocht orthu ar leibhéal sinsearach.

2.1.6. Tá sé rithábachtach freisin go gcinneadh agus go sainmhíneodh lucht ceaptha beartas agus straitéisithe na bpóilíní óstacha straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais atá ceaptha chun socruithe póilíneachta comhchuibhithe agus comhtháite a áirithiú i ngach cathair ina bhfuil an comórtas ar siúl, cé go bhfuil sí saincheaptha chun riachtanais agus imthosca na cathrach ina bhfuil an comórtas a léiriú (féach Cuid a Trí den lámhleabhar seo).

Roinn 2.2. Socruithe Náisiúnta Pleanála Póilíneachta

2.2.1. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, do na póilíní óstacha socruithe comhordúcháin ilghníomhaireachta an chomórtais a fhorlíonadh trí ghrúpa pleanála póilíneachta comórtais a bhunú (sa chéad chéim de phleanáil an chomórtais) (go traidisiúnta faoi cheannas na hAireachta Gnóthaí Baile).

2.2.2. Ba cheart go mbeadh an grúpa comhdhéanta de speisialtóirí póilíneachta náisiúnta i rialuithe teorann, frithsceimhlitheoireacht, bagairtí coiriúla tromchúiseacha agus eagraithe éagsúla, bainistiú slua, lena n-áirítear ceann an Phointe Faisnéise Náisiúnta um Shacar (PFNS), agus ionadaithe ó údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl.

2.2.3. Agus an straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais agus na bagairtí gaolmhara á gcinneadh, beidh an grúpa pleanála ar an eolas ní hamháin go gcruthaíonn comórtais idirnáisiúnta ardphróifíle dúshláin shuntasacha maidir le bainistiú slua atá dian ar acmhainní ach go meallann siad freisin spéis mhailiseach na coireachta eagraithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus/nó grúpaí antoiseacha sceimhlitheoireachta nó polaitiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta.

2.2.4. Dá bhrí sin, ba cheart an méid seo a leanas a áireamh ar shainchúram an ghrúpa pleanála póilíneachta:

- (i) raon de phleanáil phóilíneachta/forfheidhmithe dlí thábhachtach agus idirghaolmhar a bhaineann go sonrach le comórtais agus de riachtanais oibríochtúla a shainaithint, a chinneadh agus a shainiú;
- (ii) a áirithiú go mbeidh an straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais cuimsitheach agus ilghnéitheach, agus gach comhpháirt d'oibríochtaí póilíneachta sa tír óstach/oibríochtaí forfheidhmithe dlí á n-ionchorprú inti agus go mbeidh sí deartha chun freastal ar raon cur isteach réamh-mheasta agus féideartha ar an gcomórtas agus chun an tionchar sin a íoslaghdú;
- (iii) socruithe náisiúnta straitéiseacha, struchtúracha agus oibríochtúla póilíneachta atá ann cheana a athbhreithniú chun a chinneadh a mhéid is gá iad a fhorlíonadh nó a choigeartú chun freastal ar na dúshláin shonracha a bhaineann le mórchomórtas idirnáisiúnta sacair a óstáil a mhairfidh ar feadh tréimhse seachtainí; agus, i bhfianaise an athbhreithnithe sin,
- (iv) bonneagar póilíneachta sa tír óstach a bhaineann go sonrach le comórtais a dhearadh agus a shainiú.

2.2.5. Is léir freisin ón taithí a fuarthas gur gá an comhar idirnáisiúnta póilíneachta a leabú ag céim luath den phróiseas pleanála. Chuige sin, moltar go rachadh lucht ceaptha beartas agus straitéisithe na bpóilíní sa tír óstach i dteagmháil le príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta, mar shampla:

- oifigigh LCIP a bhfuil taithí acu agus saineolaithe eile ar bhainistiú slua i leith póilíneacht a dhéanamh ar chomórtas idirnáisiúnta sacair; agus,
- Europol, Interpol agus (más infheidhme) ionadaithe Frontex maidir leis an tacaíocht agus na seirbhísí atá ar fáil chun straitéisí a shainaithint agus a ullmhú chun bagairtí sceimhlitheoireachta agus coiriúla a bhaineann le comórtais a chosc agus a chomhrac (féach ranna 1.3 agus 1.4a den lámhleabhar seo).

2.2.6. Mar is amhlaidh le gach próiseas pleanála comórtais, éascóidh plean gníomhaíochta ina leagtar amach aidhmeanna agus cuspóirí, le hamlínte agus spriocdhátaí, pleanáil na bpóilíní óstacha, lena n-áirítear comhar póilíneachta náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ullmhúcháin chomhordúcháin.

2.2.7. Breithnítear i gCuid a Trí den lámhleabhar seo pleanáil oibríochtúil phóilíneachta an chomórtais sna cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl agus comhtháthú na n-oibríochtaí sin laistigh de shocruithe sábháilteachta agus slándála ilghníomhaireachta áitiúla (nó réigiúnacha).

Roinn 2.3. Bonneagar Náisiúnta agus Idirnáisiúnta na bPóilíní Comórtais

2.3.1. Beidh sé mar aidhm uileghabhálach ag an ngrúpa pleanála póilíneachta sa tír óstach bonneagar póilíneachta comórtais atá pleanáilte go cúramach a fhorbairt, ag tosú le hathbhreithniú ar struchtúir phóilíneachta atá ann cheana a luaithe is féidir tar éis don chomhlacht idirnáisiúnta ábhartha é a roghnú chun an comórtas a óstáil.

2.3.2. Leis an bpróiseas sin, beidh gá le breithniú a dhéanamh ar réimse riachtanas beartais agus saincheistean struchtúracha idirghaolmhara agus ar an ngá atá le LCIP agus socruithe eile maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta a leabú laistigh de bhonneagar póilíneachta an chomórtais.

2.3.3. Is iondúil go mbeidh an toradh rithábhachtach maidir le breithmheas a dhéanamh ar an mbonneagar atá ann cheana maidir le comhordú na bpóilíní óstacha agus malartú faisnéise, go háirithe i ndáil le dhá phríomhcheist, eadhon:

- An féidir leis an mbonneagar atá ann cheana freastal ar na héilimh agus na dúshlán a bhaineann le mórchomórtas idirnáisiúnta a óstáil thar thréimhse fhada (mí amháin de ghnáth)?

- An mbeadh tairbhe ag baint le bonneagar sealadach comhordaithe póilíneachta a chruthú a bhaineann go sonrach leis an gcomórtas chun malartú tráthúil faisnéise agus anailísí bagairtí a áirithiú?

2.3.4. A luaithe a chinnfear iad, ní mór saincheisteanna bonneagair idirghaolmhara a réiteach, eadhon suíomh agus struchtúr na nithe seo a leanas:

- LICP agus ionaid ceannais agus oibríochta comórtais;
- comhpháirteanna eile den straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais lena gcuimsítear ról chomhairleacha agus tacaíochta na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta póilíneachta (ar a dtugtar ‘cealla nó lárionaid póilíní speisialaithe’ go minic); agus,
- na socruithe comhordaithe agus maoirseachta póilíneachta ar chomórtais (a dtugtar ‘lárionad um chomhtháthú’ air go minic).

Roinn 2.4. Struchtúr agus Suíomh Cealla/Lárionaid Póilíní Speisialaithe in Ábhair Oibríochtúla

2.4.1. Is léir gur gá do gach ceann de na cealla/lárionaid póilíní speisialaithe sin in ábhair oibríochtúla a mbealaí seanbhunaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta malartaithe faisnéise agus a socruithe anailise a choinneáil ar bun, agus próifíl oibriúcháin ar leith a choinneáil.

2.4.2. Mar sin féin, is ceist ríthábhachtach do na húdaráis óstacha é an raon feidhme agus an fiúntas a bhaineann le foireann bainistíochta, chomhordaithe agus anailiseach a chomhshuí do gach ceann de na cealla/lárionaid póilíní speisialaithe in ábhair oibríochtúla in LCIP an chomórtais sin, go háirithe maidir le cibé an ndéanfaidh an cur chuige sin an méid seo a leanas:

- bainistiú agus imscaradh pearsanra póilíneachta speisialaithe in ábhair imscrúdaitheacha agus oibríochtúla a éascú;
- malartú tráthúil faisnéise a áirithiú maidir le forbairtí atá ag teacht chun cinn agus anailísí ar bhagairtí;
- bonneagar póilíneachta comhordaithe agus comhchuibhithe a chur ar fáil le haghaidh comórtas; agus,
- feasacht a fheabhsú maidir leis an ngá atá le cur chuige comhleanúnach/iomlánaíoch.

2.4.3. Mar a léirítear thuas, dhíreodh comhshuí mar sin ar chroíghrúpa saineolaithe agus anailísithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a imscaradh chun ról bainistíochta agus comhordaithe a chomhlíonadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (i) idirchaidreamh a dhéanamh leis an gceanncheathrú ábhartha in Europol agus Interpol maidir leis an bhfaisnéis ghaolmhar uile a bhailítear ar fud na hEorpa agus ar fud na cruinne, agus ó aonaid oibríochtúla shoghluaiste arna n-imscaradh sa Stát óstach ag pointí teorann, i gcathracha ina mbíonn an comórtas ar siúl agus in áiteanna eile de réir mar is iomchuí;
- (ii) pointe lárnach a chur ar fáil chun measúnú agus anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis, agus anailísí a ullmhú ar bhagairtí;
- (iii) dul i gcomhairle le foireann bainistíochta chomhshuite LICP agus le cealla póilíní speisialaithe eile maidir le haon fhorluí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, cineál na mbagairtí lena mbaineann, agus tionchar níos leithne na mbeart coisctheach, na bhfrithbheart nó na mbeart maolaithe atá beartaithe; agus,
- (iv) cur chuige comhtháite agus comhchuibhithe a áirithiú sna comhpháirteanna uile sa straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais.

2.4.4. Má chinneann údaráis na tíre óstaí nach bhfuil comhshuí iomchuí nó nach bhfuil sé indéanta ó thaobh lóistíochta de, caithfear oifigigh idirchaidrimh in LCIP an chomórtais a imscaradh ó na cealla/lárionaid póilíní speisialaithe in ábhair choiriúla, agus óna gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, chun na cuspóirí thuas a bhaint amach go páirteach

2.4.5. Soláthraítear samhail léiritheach i bhFoscúbhinn 2.A de struchtúr in LCIP de chuid comórtais IPCC agus de shreabha faisnéise.

2.4.6. Soláthraítear samhail léiritheach i bhFoscúbhinn 2.B de struchtúr malartaithe faisnéise agus anailise na bpóilíní comórtais má dhéantar LICP agus na cealla/lárionaid speisialaithe i bpóilíneacht ar chomórtais (a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo) a chomhshuí.

2.4.7. Déantar amhlaidh le Foscúbhinn 2.C mura dtéitear leis an rogha ina moltar comhshuí.

Roinn 2.5. Struchtúr agus Suíomh na Socruithe maidir le Comhordú na Póilíneachta ar an gComórtas

2.5.1. Díríonn saincheist eile atá le réiteach ar na socruithe chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht agus comhordú éifeachtach ar na gnéithe éagsúla de straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais na tíre óstaí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil gné idirnáisiúnta phóilíneachta ag baint leo, chun go mbeidh cur chuige comhtháite phóilíneachta ann.

2.5.2. Maidir le pleanálaithe na tíre óstaí, ní mór a chinneadh i dtosach an féidir struchtúr nó grúpa rialtais nó póilíneachta na tíre óstaí atá ann cheana a ainmniú mar struchtúr nó grúpa atá freagrach as sainchúram an chomhordaithe phóilíneachta ar chomórtas ('comhtháthú') a sholáthar nó, de rogha air sin, an inmhianaithe grúpa tiomnaithe a bhunú a bhaineann go sonrach le comórtais chun tabhairt faoin ról ríthábhachtach sin.

2.5.3. Má mheastar gurb iomchuí na socruithe comhordaithe phóilíneachta a bhaineann go sonrach leis an gcomórtas, ní mór féachaint ar an áit a mbíonn cruinnithe an ghrúpa comhordúcháin ar siúl. D'fhéadfaí na cruinnithe a óstáil ag LCIP. Bheadh tairbhe ar leith ag baint leis an gcur chuige sin dá gcinnfí go gcomhsuífí príomhphearsanra bainistíochta agus anailíse na gceithre phríomhchuid de na socruithe phóilíneachta náisiúnta a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo, cé gur eintitis ar leithligh agus éagsúil iad.

2.5.4. Gan beann ar shuíomh agus ainmníocht, ba cheart go mbeadh gníomhaireacht an rialtais (go traidisiúnta an Aireacht Gnóthaí) atá freagrach as socruithe phóilíneachta óstaí i gceannas ar an bpróiseas comhordaithe i gcás phóilíneacht ar chomórtais.

2.5.5. Is iondúil a bheadh ionadaithe sinsearacha ó na príomhghníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí, foireann bainistíochta LICP, agus na trí chill/na trí lárionad speisialaithe phóilíneachta thuasluaite (póilíní teorann, póilíní frithsceimhlitheoireachta, póilíní coiriúla) mar bhaill den ghrúpa, mar aon le húdaráis phóilíneachta idirthurais na tíre óstaí agus leis na húdaráis phóilíneachta sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl.

2.5.6. Féadfaidh ionadaithe ó Europol, Interpol, agus (más infheidhme) Frontex, agus, má mheastar agus nuair a mheastar gurb iomchuí, ionadaithe ó choiste eagraithe an chomórtais agus/nó ón údaráis idirnáisiúnta spóirt ábhartha (UEFA nó FIFA de ghnáth) a bheith mar bhaill den ghrúpa freisin.

2.5.7. Mar a luadh thuas, bheadh mar aidhm a áirithiú go ndéanfaí anailís ar fhaisnéis agus ar bhagairtí maidir le rioscaí atá ann cheana nó rioscaí atá ag teacht chun cinn a chomhroinnt a luaithé is féidir chun freagairt iomchuí chomhleanúnach ó phóilíní na tíre óstaí a chinneadh.

Roinn 2.6. An Grúpa Comhordaithe um Pleanáil agus Oibríochtaí Éigeandála Comórtais

2.6.1. Chomh maith leis an mbonneagar a bhaineann go sonrach le póilíní an chomórtais, beidh sé riachtanach don ghrúpa comhordaithe ilghníomhaireachta faoi stiúir an rialtais grúpa ardleibhéil pleanála agus oibríochtaí éigeandála a bhaineann le comórtais a bhunú faoi cheannas na hAireachta Gnóthaí Baile, nó na roinne nó na gníomhaireachta rialtais náisiúnta ainmnithe a bhfuil an phríomhfhreagracht uirthi as pleanáil éigeandála, freagairt agus téarnamh.

2.6.2. Ba cheart é a bheith mar aidhm cur leis na socruithe pleanála éigeandála náisiúnta agus áitiúla/réigiúnacha atá ann cheana i dtaca le hullmhúcháin níos fearr a chinneadh agus a shainiú chun freagairt do theagmhais éigeandála agus d'eachtraí eile a chuireann isteach ar an gcomórtas, agus an tionchar ar chomhphobail áitiúla agus socruithe póilíneachta gaolmhara á gcur san áireamh;

2.6.3. Beidh ról lárnach ag póilíní na tíre óstaí agus ag foireann bainistíochta LCIP in aon éigeandáil, nó má chuirtear isteach go mór eile ar an gcomórtas, agus ba cheart ionadaíocht a dhéanamh orthu dá réir.

2.6.4. Mar sin féin, cé gur príomhghníomhaireacht iad na póilíní i ndáil le teagmhas sceimhlitheoireachta, cuir i gcás, is dócha go rachadh eachtraí eile a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar chomórtas níos faide ná raon feidhme shainchúram agus shaineolas na bpóilíní.

2.6.5. Dá bhrí sin, de bhreis ar phóilíní na tíre óstaí agus ionadaithe LCIP, ní mór speisialtóirí rialtais agus speisialtóirí ainmnithe eile bheith mar bhaill den ghrúpa pleanála éigeandála i gcásanna nach mbaineann leis an tslándáil, mar shampla teagmhais aeráide, eachtraí a chuireann isteach ar an mbonneagar criticiúil náisiúnta, gníomhaíocht thionsclaíoch, eachtra a chuireann isteach go mór ar iompar náisiúnta agus idirnáisiúnta, agóid pholaitiúil nó shibhialta, agus paindéimí atá ag teacht chun cinn nó rioscaí sláinte eile, etc.

2.6.6. Arís, ba cheart ionadaíocht dhéanamh ar phleanálaithe éigeandála réigiúnacha agus/nó áitiúla (sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl) mar aon le, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe ó choiste eagraithe an chomórtais agus ón údarás idirnáisiúnta spóirt (UEFA nó FIFA de ghnáth).

2.6.7. Sula gcuirfear tús leis an gcomórtas, ba cheart seisiún ilghníomhaireachta a eagrú ar bhonn náisiúnta agus sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl faoi shainchúram an ghrúpa, ar seisiún iad a bhainfidh le réimse cásanna pleanála éigeandála, agus an ról tacaíochta atá ag na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt i gcásanna éigeandála á chur san áireamh.

Roinn 2.7. Athbhreithniú ar an gCreat Dlíthiúil agus Riaracháin.

2.7.1. Chomh maith leis an mbonneagar póilíneachta maidir le comórtais a chinneadh agus a shainiú, beidh ar an ngrúpa comhordúcháin ilghníomhaireachta faoi stiúir an rialtais athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat náisiúnta dlíthiúil agus riaracháin atá ann cheana freisin chun a shainaithint an mbeidh aon fhorálacha breise riachtanach (ar bhonn sealadach b'fhéidir) chun ráthaíochtaí agus gealltanais maidir le sábháilteacht agus slándáil, agus ráthaíochtaí agus gealltanais eile ón Stát óstach nuair a rinne sé tairiscint ar an gcomórtas a óstáil, a chomhlíonadh.

2.7.2. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh mar chuid den phróiseas sin chun féachaint an gá forálacha breise chun freastal ar bhearta póilíneachta a bhaineann go sonrach le comórtais, go háirithe ó thaobh dul i ngleic leis an gcoiriúlacht, gníomhaíocht thoirmiscthe eile, agus chun gur féidir na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt a óstáil agus a ról a éascú, chomh maith le gnéithe eile den chomhar idirnáisiúnta póilíneachta.

2.7.3. Mar ghné ghaolmhar a ghabhann leis an athbhreithniú seo, caithfear a chinneadh an gá socruithe breise feabhsaithe maidir le rialú ar dhul isteach ag teorainneacha le linn an chomórtais chun straitéis a fhorbairt le cead isteach a dhiúltú do dhaoine ar cuairt arb eol go mbaineann rioscaí sábháilteachta agus slándála nó rioscaí eile a bhaineann le comórtais leo.

2.7.4. I gcás inarb infheidhme, mar chuid den phróiseas sin, féadfar féachaint ar fhionraí pháirteach a chur i bhfeidhm ar shocruithe Schengen maidir le saorghluaiseacht agus dul i mbun caibidlíochta le Stáit chomharsanacha má bhíonn teorainneacha talún ann.

2.7.5. Beidh mar aidhm le linn an athbhreithnithe dhlíthiúil aon eachtraí mailíseacha a chuireann isteach ar réachtáil an chomórtais a íoslaghdú; a áirithiú go gcuirfear ar chumas phóilíní na tíre óstaí, agus na ngníomhaireachtaí eile forfheidhmithe dlí, na dúshláin a bhaineann le comórtais a chosc agus freagairt dóibh ar bhealach éifeachtach; agus a áirithiú go mbeidh na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt in ann an tacaíocht a d'iarr údaráis na tíre óstaí a chur ar fáil.

Roinn 2.8. Buiséid um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta

2.8.1. Feidhm eile atá chomh ríthábhachtach céanna atá ag an ngrúpa faoi stiúir an rialtais buiséad a leithdháileadh go luath sa phróiseas ar gach gné den chomhar idirnáisiúnta póilíneachta a bhaineann go sonrach leis an gcomórtas, lena n-áirítear an costas a bhaineann leis na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt a imscaradh, socruithe oibriúcháin LICP an chomórtais, agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile póilíneachta speisialaithe.

Roinn 2.9. Comhar Idirnáisiúnta Póilíneachta a Leabú sna hUllmhúcháin a dhéanann an Tír Óstach

2.9.1. Leagtar béim sna ranna thuas ar a thábhachtaí atá sé saincheisteanna a bhaineann leis an struchtúr póilíneachta náisiúnta agus leis na socruithe comhordúcháin náisiúnta a mheas agus a réiteach go luath sa phróiseas agus ar an ngá atá le ról tacaíochta na gcomhpháirtithe póilíneachta idirnáisiúnta a leabú.

2.9.2. Go suntasach, ba cheart comhar idirnáisiúnta póilíneachta a leabú freisin i straitéisí póilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus/nó i straitéisí póilíneachta réigiúnacha. Is féidir an próiseas sin a fheabhsú tuilleadh tríd an méid seo a leanas:

- (i) straitéisithe maidir le póilíneacht ar chomórtais a chuireann clár seimineár/comhdhálacha réamhchomórtais ar fáil do lucht féachana atá comhdhéanta de cheannasaithe póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus d'ionadaithe ó thoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt (agus daoine eile mar is iomchuí) chun na príomhghnéithe den straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais agus de na socruithe idirnáisiúnta póilíneachta maidir le comhar agus comhordú a chomhroinnt;
- (ii) cuairteanna ó chinn thoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt chuig na cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl a eagrú roimh an gcomórtas: rachaidh sin chun tairbhe gach dreama agus cabhróidh sé leis na póilíní áitiúla agus iad ag ullmhú na socruithe lóistíochta agus na réamh-mheasúnuithe riosca sábháilteachta agus slándála, dinimiciúla atá ag teacht chun cinn, ar socruithe agus réamh-mheasúnuithe iad a chuirtear in oiriúint d'imthosca na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl; agus,
- (iii) socruithe idirnáisiúnta maidir le comhar póilíneachta a leabú i straitéisí ilghníomhaireachta cumarsáide agus láimhseála meán sna cathracha náisiúnta agus sna cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl chun gur féidir iad a chur i bhfeidhm i bhfad roimh an gcomórtas.

2.9.3. Ba cheart teachtaireachtaí soiléire comhsheasmhacha maidir le leibhéil inghlacthachta i gcás iompar coiriúil nó aon iompar toirmiscthe eile a bhíonn ar bun ag an lucht leanúna ar cuairt, agus maidir leis an bhfreagairt ar an iompar sin, a bheith i straitéis chumarsáide an chomórtais freisin. Is féidir na teachtaireachtaí sin a lua agus aird a tharraingt orthu go rialta i straitéis chumarsáide an chomórtais de chuid na Stát rannpháirteach chun a áirithiú nach mbeidh aon amhras ar aon bhall den lucht leanúna ar cuairt faoi na hiarmhairtí a bhaineann le páirt a ghlacadh i mí-iompar foréigneach nó toirmiscthe eile.

2.9.4. Cuirtear faisnéis bhreise maidir le cumarsáid agus conas na meáin a láimhseáil ar fáil i ranna 3.18-20, agus 4.14 den lámhleabhar seo.

Roinn 2.10. Comórtais arna n-óstáil ag dhá thír óstacha nó níos mó

2.10.1. I gcás comórtais a óstáiltear i gcomhpháirt le Stát amháin nó níos mó, moltar, de réir taithí agus dea-chleachtas seanbhunaithe go gcinntídh gach Stát atá mar chomh-óstach a shocrúithe féin i dtaca le comhar agus comhordú idirnáisiúnta póilíneachta.

2.10.2. Bunaítear an dea-chleachtas sin ar réimse riachtanas, lena n-áirítear:


- (i) urraim do cheannasacht gach Stáit óstaigh agus don oibleagáid atá orthu timpeallacht shábháilte shlán a chur ar fáil do na gnéithe sin den chomórtas a reáchtáiltear ina Stát náisiúnta;
- (ii) éagsúlachtaí móra sna creataí dlíthiúla, sna struchtúir phóilíneachta agus i raon leathan athróg náisiúnta eile ar dócha gur ann dóibh sna Stáit a bheidh ag comh-óstáil an chomórtais;
- (iii) riachtanais phóilíneachta náisiúnta agus sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl maidir le comórtais a chomhordú agus a chomhtháthú; agus,
- (iv) gné náisiúnta na n-anailísí ar bhagairtí bunaithe ar fhaisnéis agus bainistiú gaolmhar na socruithe náisiúnta agus áitiúla/réigiúnacha maidir le pleanáil éigeandála agus cúrsaí oibríochtúla, etc.

2.10.3. Léirítear freisin sa dea-chleachtas na tairbhí a bhaineann le gach Stát óstach sainchúram a thabhairt dá LICP chun an ról comhtháite na dtrí fheidhm a leagtar béim air i gCuid a hAon agus i gCuid a Ceathair den lámhleabhar seo a chomhlíonadh.


2.10.4. Dá bhrí sin, seachas comórtas uathúil Euro 2020 ar a raibh roinnt óstach, nuair ba ghá na socruithe idirnáisiúnta maidir le malartú faisnéise póilíneachta a lárú (gan feidhmeanna eile an LICP a áireamh), agus i bhfianaise an ghá atá le freagairt shaincheaptha i ngach Stát óstach ar bhagairtí féideartha a d'fhéadfadh an comórtas a chur i mbaol, de ghnáth shocraigh na comhóstaigh straitéisí agus struchtúir chomhthreomhara a chur ar bun i dtaca le póilíneacht ar chomórtais agus le malartú faisnéise. D'éirigh go maith leis an gcur chuige seo agus is í fós an rogha a mholtar.

2.10.5. Dá bhrí sin, is léir go mbeidh ar Stáit a bhíonn mar chomh-óstach ar chomórtas prótacal a chomhaontú lena leagfar amach na socruithe maidir le cumarsáid agus malartú faisnéise idir a bpointí ábhartha teagmhála.


SAMHAIL LÉIRITHEACH: STRUCHTÚR AGUS SREABHA FAISNÉISE LCIP



**SAMHAIL LÉIRITHEACH: STRUCHTÚR UM CHOMHORDÚ NÁISIÚNTA &
IDIRNÁISIÚNTA PÓILÍNEACHTA (i gcás comhshuí)**



**SAMHAIL LÉIRITHEACH: STRUCHTÚR UM CHOMHORDÚ NÁISIÚNTA &
IDIRNÁISIÚNTA PÓILÍNEACHTA (i gcás nach bhfuil comhshuí ann)**



Cuid a Trí - Pleanáil Oibríochtúil Phóilíneachta an Chomórtais sna Cathracha ina bhfuil an Comórtas ar siúl

Roinn 3.1. Pleanáil agus Ullmhúcháin Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl

3.1.1. Dhírigh Cuid a hAon agus Cuid a Dó den lámhleabhar seo ar ról ríthábhachtach na bpóilíní agus na n-údarás eile ar an leibhéal náisiúnta, ó thaobh creat beartais, struchtúrach agus cumasúcháin a chur ar fáil chun straitéis chuimsitheach chomhordaithe maidir le póilíneacht ar chomórtas a chur i dtoll a chéile lena n-ionchorpraítear comhar idirnáisiúnta póilíneachta.

3.1.2. Tugtar an próiseas seo chuig céim eile leis an gCuid seo den lámhleabhar trí dhíriú ar na dúshláin a bhaineann le pleanáil oibríochtúil agus leis an obair ullmhúcháin a bhíonn le sárú ag lucht ceaptha beartas agus ag na straitéisithe atá freagrach as an bpleanáil agus na hoibríochtaí i dtaca le cúrsaí póilíneachta sna cathracha ina mbíonn na cluichí comórtais ar siúl.

3.1.3. Bíonn na struchtúir agus na sainchúraimí póilíneachta éagsúil ar fud na hEorpa, agus aithnítear go bhféadfadh ceann na bpóilíní sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl, nó údarás áitiúil nó réigiúnach más rud é go dtugtar an chumhacht dó nó di sa bhunreacht náisiúnta nó sa chreat dlíthiúil náisiúnta, a bheith freagrach as cuid mhór nó as cuid de na hábhair a leagtar amach thíos.

3.1.4. Mar sin féin, ar mhaithe le cur i láthair agus tagairt, is í *‘údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl’* an ainmníocht a úsáidtear sa Chuid seo den lámhleabhar. Is féidir é seo a léirmhíniú mar na himthosca sonracha atá i bhfeidhm i ngach cathair ina mbíonn comórtas ar siúl a mhéid a bhaineann le freagracht as straitéisí póilíneachta a chinneadh agus as pleanáil agus oibríochtaí póilíneachta a dhéanamh i dtaca le cluichí comórtais.

Roinn 3.2. Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl leis na hÚdaráis Náisiúnta

3.2.1. Mar a léirítear thuas, soláthraíonn an creat póilíneachta beartais, struchtúrach agus cumasúcháin maidir le comórtais an bonn do ghnéithe straitéiseacha na pleanála agus na n-ullmhúchán oibríochtúil póilíneachta i gcathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl.

3.2.2. Tá sé inmhianaithe, dá bhrí sin, go nglacfadh údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl páirt sa phróiseas náisiúnta cinnteoireachta roimh an gcomórtas agus lena linn.

3.2.3. Áirítear leis sin oifigigh idirchaidrimh a imscaradh in LICP, agus sna cealla/ionaid oibríochtúla frithsceimhlitheoireachta agus coireachta eagraithe a léirítear i ranna a haon agus a dó thuas.

3.2.4. Tá sé sin rithábhachtach toisc go mbeidh údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl freagrach den chuid is mó as an bhfreagairt oibríochtúil ar aon bhagairtí coiriúla agus/nó sceimhlitheoireachta a phleanáil agus a sheachadadh, cé go dtacóidh saineolaithe agus gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta póilíneachta leo.

3.2.5. Chun ullmhú don dúshlán seo, agus chun gnéithe eile de straitéis phóilíneachta na tíre óstaí a sheachadadh, ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl tús a chur lena socruithe pleanála féin i bhfad roimh an gcomórtas agus straitéis chuimsitheach sholúbtha phóilíneachta de chuid na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a bheith i bhfeidhm acu (faoi réir mionchoigeartú) 6 mhí ar a laghad roimh thús an chomórtais.

Roinn 3.3. Pleanáil agus Socruithe Struchtúracha Oibríochtúla Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl

3.3.1. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a socruithe struchtúracha féin a chinneadh agus a shainiú don chomórtas, agus teoracha agus treoir arna n-eisiúint ar an leibhéal náisiúnta á gcur san áireamh.

3.3.2. Ba cheart na socruithe sin a bheith sa bhreis ar rannpháirtíocht údarás póilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl i gcoiste/grúpa ilghníomhaireachta áitiúil nó réigiúnach ainmnithe an chomórtais, agus ba cheart iad a dhearadh chun an rannpháirtíocht sin a chomhlánú.

3.3.3. Ba cheart a áireamh i struchtúr póilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl grúpa pleanála póilíneachta comórtais a bhunú bliain amháin ar a laghad roimh an gcomórtas.

3.3.4. Ba cheart do cheannaire údarás póilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, nó ionadaí atá ainmnithe le bheith freagrach as straitéisí póilíneachta agus pleanáil oibríochtúil do chomórtais na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, a bheith i gceannas ar an ngrúpa sin.

3.3.5. Ina theannta sin, ba cheart ionadaithe ó shaineolaithe bainistithe slua (ord poiblí agus sábháilteacht phoiblí) a bheith sa ghrúpa, mar aon le speisialtóirí ar an leibhéal áitiúil (má tá siad ar fáil agus ag leanúint na mbealaí cuí comhair náisiúnta), ionadaí PFNS, póilíní coiriúla (chun bagairtí coiriúla eagraithe agus spontáineacha a bhaineann go sonrach le comórtais a chumhdach), póilíní frithsceimhlitheoireachta (chun aon bhagairtí sceimhlitheoireachta agus antoiseacha polaitiúla a chumhdach), póilíní tráchta, póilíní iompair, póilíní idirchaidrimh pobail, agus disciplíní póilíneachta eile a bhféadfadh ról a bheith acu sa phróiseas pleanála comórtais, nó a bhféadfadh sé go ndéanfaí a sainchúraimí oibríochtúla a choigeartú/a bheachtú le linn thréimhse an chomórtais.

3.3.6. De réir mar a druideann an comórtas linn, agus a athraíonn fócas shocruithe póilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl ó chéim na pleanála go dtí an chéim oibríochtúil, ba cheart ionad oibríochtaí póilíneachta a bhaineann go sonrach leis an gcomórtas a bhunú.

3.3.7. Chomh maith leis na haonaid phóilíneachta atá ag gabháil do na socruithe pleanála agus ullmhúcháin, ba cheart oifigigh idirchaidrimh ó na cealla oibríochtúla póilíneachta speisialaithe náisiúnta atá freagrach as coireacht eagraithe a bhaineann le comórtais agus as an bhfrithsceimhlitheoireacht a ionchorprú san ionad oibríochtaí.

3.3.8. Ba cheart don lárionad oibríochtaí comhordaitheoir oibríochtaí toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt (*féach* Cuid a Cúig) a leabú freisin ar feadh tréimhsí nuair a bhíonn a bhfoireann náisiúnta faoi seach rannpháirteach i gcluichí a óstáiltear sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl.

3.3.9. Ba cheart foireann a bheith ag ionad oibríochtaí póilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl atá freagrach as anailís a dhéanamh ar na foinsí éagsúla faisnéise a fhaightear ó LICP, ó thoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt, ó phóilíní teorann, ó phóilíní iompair, ó phóilíní tráchta, agus ó na cealla oibríochtúla náisiúnta coiriúla agus frithsceimhlitheoireachta. Beidh ar an bhfoireann déileáil freisin le láimhseáil na meán, le socruithe agus seirbhísí eile lóistíochta, TF agus bonneagair.

Roinn 3.4. Ról Ghrúpa Pleanála Comórtais Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl

3.4.1. Díreoidh príomhról ghrúpa pleanála comórtais phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl ar shocruithe cuimsitheacha póilíneachta a ullmhú a chlúdóidh raon leathan comhpháirteanna tábhachtacha, lena n-áirítear:

- oibríochtaí bainistithe slua a bhaineann go sonrach le comórtais in áiteanna poiblí;
- ról istigh sna staideanna agus idirchaidreamh le heagraithe comórtais;
- bagairtí sceimhlitheoireachta, cur isteach eile, nó teagmhais éigeandála;
- athdhearbhú pobail;
- saincheisteanna tráchta agus iompair phoiblí; agus,
- láimhseáil na meán.

3.4.2. Den chuid is mó, díreoidh pleanáil póilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl go príomha ar shocruithe bainistithe slua (ord poiblí agus sábháilteacht phoiblí) agus ar na tosca go léir ar féidir leo tionchar nó éifeacht a imirt ar oibríochtaí póilíneachta comórtais.

3.4.3. Tá sé seo comhsheasmhach le bainistiú slua a bheith ar an gcomhpháirt phróifil is airde de straitéis póilíneachta áitiúla/réigiúnaí an chomórtais. Is í an chomhpháirt í freisin a éilíonn cur chuige ilghnéitheach agus fada a chlúdaíonn an tréimhse roimh an gcomórtas agus a chríochnaíonn tar éis don chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl a cluiche deireanach sa chomórtas a óstáil.

3.4.4. Ina theannta sin, seachas mór-sceimhlitheoireacht nó éigeandáil eile, is é bainistiú slua an ghné de straitéis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a mbeidh an tionchar is mó aici ar phobail agus ar ghnólachtaí cónaitheacha.

3.4.5. Díreoidh an túsphointe chun socruithe bainistithe slua a ullmhú agus a fhorbairt ar na critéir straitéiseacha, oirbheartaíochta agus oibríochta a chumhdaítear i straitéis náisiúnta maidir le póilíneacht ar chomórtais na tíre óstaí.

3.4.6. Tá sé seo tábhachtach os rud é go bhfuil sé an-inmhianaithe go mbeadh cur chuige comhchuibhithe ag na póilíní i ngach cathair ina bhfuil an comórtas ar siúl maidir le lucht leanúna baile agus ar cuairt a bhainistiú.

3.4.7. Mar sin féin, beidh ar ullmhúcháin phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, agus oibríochtaí ina dhiaidh sin, freastal ar chúinsí áitiúla, a bhféadfadh roinnt gnéithe díobh a bheith uathúil don chathair.

3.4.8. Beidh ar údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl teagmháil dhlúth a dhéanamh le raon údarás áitiúil agus páirtithe leasmhara roimh an gcomórtas agus lena linn, lena n-áirítear:

- údaráis bhardasacha agus údaráis mhórbhealaigh (más éagsúil);
- seirbhísí éigeandála dóiteáin agus sláinte;
- coistí eagraithe/comhordaithe comórtas ilghníomhaireachta náisiúnta agus áitiúla (na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl);
- lucht bainistíochta na staide ina bhfuil an comórtas ar siúl agus oifigeach slándála na staide;
- údaráis/cuideachtaí iompair phoiblí;
- soláthraithe seirbhísí lár na cathrach (e.g. beáir, bialanna, lóistín agus biúróna turasóireachta);
- pleanálaithe éigeandála áitiúla (nó réigiúnacha);
- pobail áitiúla chónaitheacha agus ghnó; agus,
- grúpaí lucht leanúna na gcónaitheoirí áitiúla (agus, nuair is féidir, grúpaí lucht leanúna ar cuairt).

3.4.9. Tá sé seo ríthábhachtach mar gheall ar chineál iomarcach gach plean gníomhaireachta áitiúil, agus an gá atá le cur chuige comhcheangailte, ilghníomhaireachta maidir le gach cluiche comórtais a réachtáiltear sa chathair óstach.

3.4.10. Is réamhriachtanas é idirchaidreamh fairsing áitiúil freisin chun a áirithiú go n-aithníonn céim phleanála an chomórtais cásanna réamh-mheasta nó féideartha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar oibríochtaí póilíneachta le linn thréimhse gach *'timthriall cluichí'*.

3.4.11. Tá an timthriall cluichí bunaithe ar choincheap an ‘timthriall imeachta’ a mholtar do na Stáit agus iad ag óstáil cluichí aonuaire ardphróifíle, mar atá cluichí ceannais chomórtais chlub UEFA.

3.4.12. Go bunúsach, tosaíonn an timthriall cluichí do gach cluiche den chomórtas nuair a thugann lucht leanúna ar cuairt faoina dturas chuig an gcathair ina bhfuil an comórtas ar siúl agus críochnaíonn sé nuair a imíonn siad ón gcathair.

3.4.13. Ba cheart é a bheith d’aidhm ghinearálta a chinntiú go mbeadh straitéis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl cuimsitheach, ach solúbtha go leor chun freagairt go héifeachtach ar cibé cásanna a d’fhéadfadh teacht chun cinn le linn an chomórtais.

3.4.14. Tugtar breac-chuntas sna ranna seo a leanas ar raon príomhbhreithnithe pleanála póilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus ar an idirchaidreamh gaolmhar le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara atá riachtanach chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Roinn 3.5. Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl le Cealla/Lárionaid Oibríochtúla Póilíneachta i gcoinne na Coireachta Eagraithe agus na Sceimhlitheoireachta

3.5.1. Cumhdaítear i gCuid a hAon den lámhleabhar seo faisnéis maidir leis an tacaíocht a thugann gníomhaireachtaí idirnáisiúnta póilíneachta mar Europol agus Interpol d’údaráis phóilíneachta náisiúnta.

3.5.2. Ní bhaineann ról ná sainchúram na ngníomhaireachtaí póilíneachta idirnáisiúnta le feidhmeanna bainistithe slua, cé go gcuireann Europol, mar shampla, faisnéis ar fáil do líonra PFNS na hEorpa maidir le roinnt saincheistanna a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar dhinimic shlua an chomórtais, go háirithe, naisc idir roinnt lucht leanúna riosca agus grúpaí antoiseacha polaitiúla agus/nó coireachta eagraithe.

3.5.3. Mar sin féin, ba cheart faisnéis den sórt sin, agus/nó faisnéis eile a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar phleanáil agus ar oibríochtaí phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, a léiriú i dtuarascálacha arna gcur isteach ag an PFNS ábhartha (nó SPOC i Stáit nach dtagann faoi scáth PFNS) ina réamhthuarascálacha chuig LCIP an chomórtais.

3.5.4. Ina dhiaidh sin, ba cheart é a chur ar aghaidh chuig na teagmhálaithe póilíneachta ainmnithe sna cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl, go díreach agus/nó trí oifigigh idirchaidrimh póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl arna n-imscaradh in LCIP (féach Cuid a Ceathair den lámhleabhar seo).

3.5.5. Mar a cuireadh i bhfios i roinn 1.4 (a) den lámhleabhar seo, ba cheart ról an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta i ndáil le coireacht eagraithe nó bagairtí sceimhlitheoireachta a bhaineann go sonrach le comórtas a chumhdach i gcomhaontuithe déthaobhacha ar an leibhéal náisiúnta leis na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

3.5.6. Chun a áirithiú go gcuirfear na socruithe seo i gcrích go héifeachtach (féach Roinn 2.4 thuas), ba cheart machnamh a dhéanamh ar chealla oibríochtúla póilíneachta speisialaithe a bhunú ar an leibhéal náisiúnta (le comhlánú agus tacaíocht ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta póilíneachta) chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis a fuarthas ó chainéil sheanbhunaithe faisnéise póilíneachta náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhailiú agus a anailísiú;
- anailísí bagairtí a ullmhú; agus,
- na bearta póilíneachta is gá a chinneadh chun aon choireacht eagraithe náisiúnta nó idirnáisiúnta a bhaineann go sonrach le comórtas nó bagairtí sceimhlitheoireachta a chosc agus freagairt orthu.

3.5.7. Maidir le pleanáil comórtais, ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, dá bhrí sin, socruithe idirchaidrimh éifeachtacha (24 x 7) a bhunú leis an gcomórtas coireachta eagraithe agus le cealla oibríochtúla frithsceimhlitheoireachta.

3.5.8. Áiritheofar leis sin go gcuirfear comhairle thráthúil ar fáil maidir le haon rioscaí atá ag teacht chun cinn nó aon rioscaí seanbhunaithe a mbeidh (i) freagairt póilíní ó chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl (nó ar an leibhéal réigiúnach) ag teastáil ina leith, agus (ii) tionchar acu ar oibríochtaí bainistithe slua phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl.

3.5.9. Tá sé an-inmhianaithe freisin go ndéanfaí ionadaíocht ar phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl ar leibhéal sinsearach i gcruinnithe ghrúpa an chomhordaithe póilíneachta ar chomórtas ('comhtháthú') (féach Roinn 2.6 den lámhleabhar seo).

Roinn 3.6. Ról Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl sa Phleanáil um Bagairtí Sceimhlitheoireachta agus i bhFreagairt na mBagairtí sin

3.6.1 Cé go bhfuil eagraí an chomórtais agus lucht bainistíochta na staide freagrach as na bearta is gá a dhéanamh chun an riosca agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ionsaí sceimhlitheoireachta sna staideanna a íoslaghdú, beidh príomhfhreagracht ar údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, le comhlánú agus tacaíocht ó speisialtóirí frithsceimhlitheoireachta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, as pleanáil na freagartha ar aon bhagairtí sceimhlitheoireachta sa chathair óstach *per se* agus freagairt di.

3.6.2. Beidh ról lárnach ag údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl freisin maidir le freagairt ar chásanna sceimhlitheoireachta sna staideanna. Ba cheart a ról a chinneadh agus a shainiú i bprótacail pleanála éigeandála staide agus cathrach.

3.6.3. Le linn na céime pleanála, beidh údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl ag brath go mór ar chomhairle a gheofar ó shaineolaithe póilíneachta frithsceimhlitheoireachta, agus/nó ón ngníomhaireacht náisiúnta frithsceimhlitheoireachta, maidir le raon ábhar tábhachtach, lena n-áirítear:

- leibhéil bagartha cineálaí;
- cineál na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh a bheith ann;
- bearta coisctheacha, díspreagthacha agus freagartha;
- comhairle maidir le trealamh nó áiseanna teicniúla;
- oiliúint taiscéalaíochta maidir le hiompar naimhdeach a sholáthar do phearsanra póilíneachta túslíne;
- bearta fisiciúla i lár cathracha agus i limistéir phoiblí i gcomharsanacht na staide, lena n-áirítear rialuithe tráchta agus páirceála agus bacainní fisiciúla; agus,
- ról phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl (agus toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt) sa Chomórtas i gcás ionsaí sa staid ina bhfuil an comórtas ar siúl.

3.6.4. Le linn chéim oibríochtúil an chomórtais, ba cheart faisnéis agus treoir shaineolach ó chill oibríochtúil frithsceimhlitheoirachta de chuid póilíní ainmnithe an chomórtais a chur leis an gcomhairle sin.

3.6.5. Tá faisnéis bhreise agus níos mionsonraithe maidir le bearta chun an fhrithsceimhlitheoireacht a chosc agus a mhaolú le fáil in Iarscríbhinn A a ghabhann le Moladh Comhdhlúite 1/2015 ó Chomhairle na hEorpa, mar a athbhreithníodh in 2019 agus a glacadh in 2020.

Roinn 3.7. Ról Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl sa Phleanáil um Iompar Polaitiúil Antoisceach agus Idirdhealaitheach agus i bhFreagairt an Iompair sin

3.7.1. Ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl idirchaidreamh a dhéanamh freisin le speisialtóirí maidir le hiompar coiriúil nó toirmiscthe a chosc agus a chomhrac i ndáil le hiompar antoisceach polaitiúil nó reiligiúnach, agus/nó iompar idirdhealaitheach, lena n-áirítear coireanna fuatha, in áiteanna poiblí.

3.7.2. Ní mór do phleanáil phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a chur san áireamh freisin gur gá tacú le lucht bainistíochta na staide chun freagairt ar iompar den sórt sin laistigh de choimpléasc na staide.

3.7.3. Ba cheart raon cuspóirí straitéiseacha idirghaolmhara a áireamh i bpleanáil phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl chun an t-antoisceachas agus an t-idirdhealú a chomhrac, lena n-áirítear:

- rún a phoiblíú chun cur chuige neamhfhulaingthe a ghlacadh maidir le hiompraíocht ghaolmhar a thoirmisctear sa chreat dlíthiúil náisiúnta coiriúil agus riaracháin;
- pearsanra póilíneachta a chur ar an eolas maidir lena bhfuil i gceist le gníomhaíochtaí antoisceacha agus/nó idirdhealaitheacha agus conas iad a aithint;
- aon nasc idir lucht leanúna a bhfoirne náisiúnta agus grúpaí antoisceacha polaitiúla a fháil amach ó na PFNSanna i Stáit atá rannpháirteach i gcluichí comórtais sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl;
- straitéis phóilíneachta oibríochtúil a fhorbairt chun iompar antoisceach nó idirdhealaitheach a chosc agus a chomhrac lena ndírítear ar idirghabhálacha luatha spriocdhírthe in aghaidh daoine aonair nó grúpaí a dhéanann cionta coiriúla nó riaracháin gaolmhara; agus,

- teagmháil a dhéanamh le grúpaí an lucht leanúna chónaithe agus cuairt a thabhairt ar ambasáidí lucht leanúna agus/nó SLOanna, maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an straitéis maidir le cur i gcoinne an antoiseachais agus an idirdhealaithe a chur chun feidhme.

Roinn 3.8. Ról Pleanála Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl i Socruithe Pleanála Éigeandála Áitiúla (nó Réigiúnacha)

3.8.1. Leagtar amach i Roinn 2.6 den lámhleabhar seo tábhacht agus ról an Ghrúpa Comhordaithe um Pleanáil agus Oibríochtaí Éigeandála Comórtais agus a inmhianaithe atá an grúpa sin a eagraíonn seisiúin ilghníomhaireachta réamhthuais náisiúnta agus i gcathair ina bhfuil an comórtas ar siúl ar raon cásanna pleanála éigeandála.

3.8.2. Beidh sé mar phríomhchuspóir pleanála ag údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, dá bhrí sin, idirchaidreamh a dhéanamh le pleanálaithe éigeandála áitiúla nó réigiúnacha agus le raon comhpháirtithe áitiúla, lena n-áirítear údaráis bhardasacha, seirbhísí éigeandála, lucht bainistíochta na staidre sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl agus ionadaithe eile a bhfuil saineolas ábhartha acu chun raon leathan agus éagsúil éigeandálaí a shainaithint agus ullmhú dóibh.

3.8.3. Cé go dtarraingeoidh pleananna éigeandála ar raon dea-chleachtas Eorpach, beidh ar phleananna éigeandála do chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl riachtanais agus cúinsí áitiúla a léiriú freisin. Ní mór na pleananna a shaincheapadh, dá bhrí sin, chun cineál agus suíomh na héigeandála nó na bagartha lena mbaineann a léiriú.

3.8.4. Mar a leagtar amach i Roinn 2.6 thuas, féadfaidh raon cásanna féideartha a bheith i gceist le mórchur isteach ar an gcomórtas, lena n-áirítear bagairtí sceimhlitheoireachta, teagmhais aeráide, cur isteach ar an mbonneagar criticiúil náisiúnta, gníomhaíocht thionsclaíoch, mórchur isteach ar iompar náisiúnta agus idirnáisiúnta, agóid pholaitiúil nó shibhialta, nó paindéimí atá ag teacht chun cinn nó rioscaí sláinte eile, etc.

3.8.5. Dá bhrí sin, beidh ar gach plean éigeandála áitiúil (nó réigiúnach) treoir chuimsitheach (agus sholúbtha) a leagan amach maidir le ról údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl i ndáil le réimse leathan cásanna éigeandála a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear an tionchar réamh-mheasta ar oibríochtaí bainistithe slua an chomórtais.

3.8.6. Dá bhrí sin, ba cheart na gníomhaíochtaí atá le déanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas, mar shampla, a leagan amach i ngach plean maidir le cás éigeandála:

- eagrú agus struchtúr na socruithe éigeandála;
- nósanna imeachta maidir le foláirimh agus gníomhachtú an phlean éigeandála;
- nósanna imeachta maidir le speisialtóirí agus acmhainní breise a imscaradh;
- nósanna imeachta maidir le cónaitheoirí agus gnólachtaí i gcomharsanacht na bagartha lena mbaineanna aslonnú go páirteach nó go hiomlán;
- nósanna imeachta ar leith do dhaoine leochaileacha agus do dhaoine faoi mhíchumas agus do spriocghrúpaí eile;
- an bealach ainmnithe agus an suíomh tionóil ainmnithe le haghaidh feithiclí seirbhísí éigeandála; agus,
- nósanna imeachta ilghníomhaireachta maidir le cumarsáid éigeandála.

3.8.7. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear oiliúint ar phóilíní ainmnithe na cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl, agus ar phearsanra eile, agus go mbeidh siad in ann tabhairt faoina gcúraimí sonracha agus iad ag tabhairt aghaidh ar éigeandálaí agus ar mhórshuaithí.

3.8.8. Tá sé an-inmhianaithe freisin d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl cleachtaí pleanála éigeandála ilghníomhaireachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a chleachtadh agus páirt a ghlacadh iontu i bhfad sula gcuirtear tús leis an gcomórtas agus d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus do phleanálaithe éigeandála áitiúla eile páirt a ghlacadh i gcleachtaí pleanála éigeandála náisiúnta.

3.8.9. Is féidir teacht ar fhaisnéis bhreise agus níos mionsonraithe maidir le breithnithe pleanála éigeandála agus teagmhasacha in Iarscríbhinn A a ghabhann le Moladh Comhdhlúite 1/2015 ó Chomhairle na hEorpa, arna athbhreithniú in 2019 agus arna ghlacadh in 2020.

Roinn 3.9. Pleanáil Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl um Bainistiú Slua le linn Comórtais

3.9.1. Tá éagsúlacht shuntasach idir na straitéisí póilíneachta oibríochtúla, na teaicticí agus na himscarthaí atá ann cheana maidir le comórtais sacair náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fud na hEorpa i gcomhréir le raon tosca stairiúla, bunreachtúla, dlíthiúla, taithíbhunaithe agus tosaíochta.

3.9.2. Is léiriú é sin ar an gcroíphrionsabal go bhfuil oibríochtaí póilíneachta faoi cheannas gach Stát náisiúnta agus nach mór dóibh fanacht amhlaidh. Mar sin féin, tá réimse saintréithe agus dúshlán sainiúil ag baint le comórtais sacair idirnáisiúnta, lena n-áirítear ionchais na n-eagraithe idirnáisiúnta (UEFA agus FIFA) faoina bhfuil an comórtas á óstáil agus á chur ar fáil.

3.9.3. Mar thoradh ar thaithí fairsing Eorpach (maith nó eile) tá réimse dea-chleachtas ann, atá saincheaptha chun imthosca náisiúnta agus/nó áitiúla/réigiúnacha a léiriú, ar léiríodh gur cur chuige éifeachtach iad (nuair a chuirtear i bhfeidhm iad).

3.9.4. Cuid lárnach de na dea-chleachtais seo is ea an gá atá ann a chinntiú gur bunaithe ar fhaisnéis a bhíonn oibríochtaí bainistithe slua phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl i dtaca le cluichí comórtais a réachtáiltear sa chathair.

3.9.5. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin gur cheart gach cluiche a rialú le measúnú riosca sonrach bunaithe ar dtús ar fhaisnéis arna soláthar ag LCIP an chomórtais (a luaithe a bhunófar é) agus roimhe sin ar fhaisnéis arna soláthar ag PFNS (nó SPOC) sna Stáit rannpháirteacha lena mbaineann.

3.9.6. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin réamh-mheasúnú ar roinnt breithnithe a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach agus a bhaineann le rioscaí, mar shampla:

- líon an lucht leanúna ar cuairt a bhfuiltear ag dréim leo sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl;
- líon an lucht leanúna ar cuairt a mheastar a bheidh ag taisteal gan ticéid do na cluichí;
- roghanna taistil an lucht leanúna ar cuairt (taisteal neamhspleách nó eagraithe);
- roghanna réamh-chluiche (taisteal díreach chuig staideanna nó chuig lár na cathrach);
- roghanna iar-chluiche (taisteal díreach chuig pointe imeachta nó chuig lár na cathrach);

- freagairt réamh-mheasta grúpaí riosca cónaitheacha (baile) i leith lucht leanúna ar cuairt;
- teannas a d'fhéadfadh a bheith ann idir lucht leanúna ar cuairt agus grúpaí pobail áitiúla;
- patrúin maidir le hól alcóil nó úsáid drugaí a bhaineann le comórtais sacair; agus,
- úsáid ábhar piriteicniúil in áiteanna poiblí (agus i staideanna).

3.9.7. I gcomhthráth leis an bpróiseas measúnaithe riosca, ní mór d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl leibhéil inghlacthachta le linn comórtas a chinneadh agus a shainiú a mhéid a bhaineann le raon iompraíochta lucht leanúna agus beartas gaolmhar gabhála agus/nó coinneála coiscthe.

3.9.8. Mar sin féin, léiríonn taithí Eorpach freisin gur féidir le hiompar lucht leanúna i gcoitinne, lena n-áirítear grúpaí riosca, a bheith athraitheach.

3.9.9. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh pleanáil bainistithe slua póilíní (agus straitéisí oibríochtúla) na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl solúbtha agus nach mbeidh sí bunaithe ar thiomhdí dearfacha nó diúltacha maidir leis na rioscaí a bhaineann le lucht leanúna baile, agus/nó ar cuairt, bunaithe ar threochtaí stairiúla nó ar réamh-mheasúnuithe riosca amháin.

3.9.10. Is é fírinne an scéil go mb'fhéidir go gcaithfí gach oibríocht phóilíneachta a mhodhnú i bhfianaise an mhéid a tharlaíonn i ndáiríre nuair a thosaíonn lucht ar cuairt agus baile ag teacht agus ag bailiú sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl.

3.9.11. Dá bhrí sin, ní mór éiteas measúnaithe riosca dhinimiciúil a ionchorprú i bpleanáil phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl chun gur féidir oibríochtaí póilíneachta a rialú le cibé rud atá ag tarlú i ndáiríre roimh an gcluiche lena mbaineann, lena linn agus ina dhiaidh.

3.9.12. Le linn na céime oibríochtúla, beidh an chomhairle ó thoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt rithabhachtach. Ba cheart do gach toscaireacht a bheith saineolach ar iompar lucht leanúna a bhfoirne náisiúnta agus a bheith in ann measúnuithe riosca dinimiciúla phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a chomhlánú agus tacú leo le linn thréimhse a n-imscartha sa chathair óstach (féach ranna 5.2 agus 5.3 den lámhleabhar seo).

3.9.13. Áirítear leis sin teannas a thagann chun cinn agus mionteagmhais a dteastaíonn idirghabháil phóilíneachta luath spriocdhírithe ina leith a shainaithint chun géarú riosca a chosc agus tionchar aon bhaill den lucht leanúna atá ag lorg coimhlinte a mhaolú.

Roinn 3.10. Measúnú Riosca Dhinimiciúil agus Bainistiú Slua

3.10.1. Ar an ábhar céanna, agus mar a shonraítear thuas, is é an ghné is bunúsaí ó thaobh measúnú riosca dhinimiciúil de a áirithiú go bhfuil an oirbheartaíocht phóilíneachta ag teacht le dinimic an tslua atá á bhainistiú léi.

3.10.2. Le linn aon imeacht a mbíonn slua ann, d'fhéadfadh an dinimic sin agus na leibhéil ghaolmhara riosca don ord poiblí athrú go tapa.

3.10.3. Is den rithábhacht, dá bhrí sin, go bhféadfaí an t-imscaradh agus an oirbheartaíocht phóilíneachta oibríochtúil a oiriúnú go héasca chun an slua a bhainistiú ar bhealach éifeachtach atá i gcomhréir le scála agus saintréithe na leibhéal riosca atá ag teacht chun cinn nó ag dul i laghad.

3.10.4. Is faoi chúram na n-údarás náisiúnta agus áitiúil forfheidhmithe dlí a fhágtar oibríochtaí póilíneachta sa tír óstach i gcónaí, ach is fianaise í an taithí a fuarthas cheana san Eoraip go bhféadfaí straitéis 'grádaithe' nó 'an-fheiceálach: neamhachrannach' a chur chun feidhme maidir le póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a imscaradh mar mhodh éifeachtach chun aon mhionleasuithe ar na hoibríochtaí póilíneachta a éascú de réir mar a thiteann imeachtaí amach tar éis don lucht leanúna ar cuairt teacht ar an láthair, go háirithe i lár cathracha nó in áiteanna eile a gcrúinníonn an lucht leanúna le chéile.

3.10.5. Is é is bunús don chur chuige 'grádaithe' nó 'an-fheiceálach: neamhachrannach' a chur in iúl don lucht leanúna ar cuairt, don lucht leanúna baile agus do phobail cónaitheoirí agus gnólachtaí sa cheantar go bhfuil na póilíní á n-imscaradh i ndlúthghaireacht díobh (cur chuige grádaithe) nó go bhfuil láithreach fhairsing ag líon leormhaith díobh (an-fheiceálach: neamhachrannach) chun a sábháilteacht a chosaint i gcás ina dtéann cúinsí in olcas.

3.10.6. Is deis í an oirbheartaíocht imscartha sin freisin ar a chur in iúl d'aon bhaill den lucht leanúna a bhfuil cathú orthu iad féin a mhí-iompar go mbeidh na póilíní in ann idirghabháil a dhéanamh ar bhealach spriocdhírithe i gcás aon iompar gríosaitheach nó bagrach.

3.10.7. Tá sé de bhua ag an rogha ‘an-fheiceálach: neamhachrannach’ go bhféadfadh sí feabhas a chur ar chumas na bpóilíní óstacha, le tacaíocht ó phearsanra na dtoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt de ghnáth, cumarsáid a dhéanamh leis an lucht leanúna ar cuairt chun timpeallacht fháilteach a chothú agus chun a léiriú go gcaithfear le gach lucht leanúna de réir a n-iompair seachas de réir na cáile atá orthu.

3.10.8. Ina theannta sin, más gá srianta a chur le hiompar an lucht leanúna, nó idirghabháil a dhéanamh ar bhealach spriocdhírithe, d’fhéadfadh cumarsáid leis an lucht leanúna cuidiú le míthuiscintí agus géarú ar mhiontheagmhais a sheachaint agus le tionchar aon duine aonair nó aon ghrúpa atá ag lorg achrainn a mhaolú.

3.10.9. D’fhéadfadh an t-idirphlé sin a bheith ina chúnamh freisin le faisnéis ardchaighdeán a bhailiú maidir le rúin, dearcadh, ábhair inní agus íogaireachtaí an lucht leanúna agus aon fhaisnéis eile faoi rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann.

3.10.10. I bhFoscáirbhinn 4 den Rún ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar nuashonraithe ina bhfuil moltaí maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta agus bainistiú slándála ar chluichí sacair a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo agus a bhfuil baint ag Ballstát amháin, ar a laghad, leo (‘Lámhleabhar Sacair an Aontais’) (11160/24), tá samhail acadúil de chur chun feidhme an phróisis riosca dhinimiciúil agus den tábhacht a bhaineann leis an gcumarsáid leis an lucht leanúna.

3.10.11. Mar sin féin, ba cheart a aithint le linn na céime ullmhúcháin agus oibríochtúla nach bhfuil sa chumarsáid leis an lucht leanúna baile agus an lucht leanúna ar cuairt ach gné amháin de chur chuige cothrom um bainistiú slua atá ceaptha chun a áirithiú go mbeidh na póilíní in ann iompar an lucht leanúna a bhainistiú go héifeachtach i gcónaí (seachas rogha eile ar an gcur chuige sin).

3.10.12. Ba cheart do phleanáil oibríochtúil na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl an méid sin a léiriú agus ba cheart a aithint, cé go bhféadfadh cumarsáid éifeachtach leis an lucht leanúna teannas a laghdú, go bhfuil sé thar a bheith deacair an chumarsáid sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach i gcás ina mbíonn ar na póilíní aon mhórachrann a fhreagairt ó thaobh slua de.

Roinn 3.11. Pleanáil Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl um Oibríochtaí in Áiteanna Poiblí

3.11.1. Is in áiteanna poiblí a tharlaíonn an chuid is mó den neamhord poiblí suntasach a bhaineann le comórtais sacair, go háirithe suíomhanna mar a dtagann lucht leanúna an chomórtais le chéile ar bhonn eagraithe nó, go mór mór, ar bhonn spontáineach sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl, cé go bhféadfadh suíomhanna eile a bheith i gceist freisin. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl pleanáil dá réir.

a. Imeachtaí Eagraithe don Lucht Leanúna

3.11.2. An próiseas pleanála póilíneachta i dtaca le limistéir eagraithe don lucht leanúna agus le himeachtaí féachana poiblí, ba cheart é a dhíriú ar dhlúthchomhar leis an mbardas áitiúil, le seirbhísí éigeandála agus le gníomhaireachtaí comhpháirteacha eile, agus ba cheart a áirithiú go mbeidh gach gné den imeacht faoi réir measúnú riosca póilíneachta.

3.11.3. Is é an aidhm is ceart a bheith ann i gcónaí suíomh agus saoráidí a sholáthar ar féidir iad a bhainistiú go héifeachtach agus bearta a ghlacadh lena maolófar aon mhí-iompar suntasach.

3.11.4. In Iarscríbhinn A a ghabhann le Moladh Comhdhlúite 1/2015 ó Chomhairle na hEorpa (arna athbhreithniú in 2019 agus arna eisiúint in 2020), tugtar treoir mhionsonraithe i dtaca le ról na bpóilíní, na n-údarás comhpháirteach agus na ngníomhaireachtaí comhpháirteacha maidir le limistéir oifigiúla don lucht leanúna agus imeachtaí féachana poiblí arna n-eagrú ag eagraí an chomórtais féin, ag cuideachta phríobháideach nó ag an mbardas.

b. Cruinnithe Spontáineacha an Lucht Leanúna

3.11.5. Is mór an dúshlán do phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl pleanáil do theagmhais a bhaineann le cruinnithe spontáineacha an lucht leanúna áitiúil agus/nó an lucht leanúna ar cuairt, cuir i gcás i gcearnóga cathrach agus/nó suíomhanna eile mar a mbíonn beair agus ionaid díolta sólaistí, i bhfianaise chineál na n-imeachtaí sin.

3.11.6. Mar sin féin, is iondúil gur féidir an suíomh mar a dtiocfaidh an lucht leanúna le chéile go spontáineach a thuar ag céim luath den phróiseas pleanála. Nuair a bheidh na suíomhanna sainaitheanta, is den rithábacht go dtabharfaidh údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl faoi phróiseas cuimsitheach measúnaithe riosca ina gcuirfear roinnt tosca san áireamh, lena n-áirítear:

- an riosca go bhféadfadh dreamanna den phobal áitiúil aghaidh a thabhairt ar an lucht leanúna ar cuairt agus iad a spréachadh, nó *vice versa*;
- eolas agus faisnéis arna soláthar ag LCIP agus, ar theacht dóibh, ag na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt maidir leis an mbagairt a d'fhéadfadh a bheith ag baint, más ann di, leis an lucht leanúna ar cuairt;
- an easpa modhanna éifeachtacha chun scaradh lucht leanúna na bhfoirne éagsúla a fhorfheidhmiú; agus,
- tuairimí an phobail áitiúil agus an phobail gnó áitiúil.

3.11.7. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl an bardas, na seirbhísí éigeandála agus gnólachtaí áitiúla a spreagadh chun oibriú leis na póilíní chun ullmhúcháin sábháilteachta agus slándála a cheapadh, a mhéid is féidir i bhfianaise an tsuímh, lena n-áirítear an méid a leanas:

- plean cuimsitheach póilíneachta;
- straitéisí dóiteáin agus leighis;
- bearta lena rialaítear an líon daoine den lucht leanúna atá in ann teacht le chéile ar an suíomh, trí bhainistiú éifeachtach ar na bealaí isteach chuig an suíomh agus amach uaidh a shuiteáil (mar shampla bacainní a úsáid agus aonaid phóilíneachta a imscaradh ar bhóithre a théann chuig an suíomh);
- pointí rochtana póilíní agus bealaí scaipthe an lucht leanúna a ainmniú; agus,
- pleananna teagmhais agus éigeandála.

Roinn 3.12. Comharthaíocht sna Cathracha ina bhfuil an Comórtas ar siúl

3.12.1. Ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl oibriú go dlúth leis na húdaráis bhardasacha freisin chun comharthaíocht ardhphróifíle shothuigthe a sholáthar, i lár cathracha agus feadh na mbealaí chuig an staid ina mbeidh an t-imeacht, lena sonraítear suíomh na staide, na bealaí agus na roghanna iompair ainmnithe nó molta, na limistéir eagraithe don lucht leanúna, agus áiseanna poiblí etc.

3.12.2. Ba cheart an chomharthaíocht a bheith geal feiceálach agus ba cheart siombailí a úsáid chun comharthaíocht scríofa a chomhlánú ionas gur fusa do na baill sin den lucht féachana nach bhfuil inniúil ar an teanga áitiúil an chomharthaíocht a thuiscint.

3.12.3. Maidir le dearadh na comharthaíochta póilíneachta agus bardasaí, ba cheart codarsnacht leormhaith a bheith ann idir dath an téacs agus dath an chúlra agus idir dath an chomhartha agus dath an dromchla ar a bhfuil sé crochta i bhfianaise líon na ndaoine a bhfuil easnaimh orthu ó thaobh aithint dathanna de.

3.12.4. In Iarscríbhinn A a ghabhann le Moladh Comhdhlúite 1/2015 ó Chomhairle na hEorpa (arna athbhreithniú in 2019 agus arna eisiúint in 2020), tá treoir mhionsonraithe bhreise maidir le ceisteanna comharthaíochta a bhaineann le comórtais.

Roinn 3.13. Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le hEagraí an Chomórtais/Lucht Bainistíochta Staideanna

3.13.1. Beidh socruithe reatha i bhfeidhm ag údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl maidir leis an méid a leanas:

- an t-idirchaidreamh le lucht bainistíochta na staide agus leis an oifigeach ainmnithe slándála staide san ionad mar a réachtálfar an comórtas;
- imscaradh agus feidhmeanna na bpóilíní sna staideanna; agus
- ról na bpóilíní maidir le tacaíocht a thabhairt do phearsanra slándála na staideanna chun freagra a thabhairt ar theagmhais oird phoiblí nó sábháilteachta poiblí agus ar ghníomhaíocht choiriúil nó gníomhaíocht thoirmiscthe eile arna déanamh ag an lucht féachana.

3.13.2. Cé go mbeidh na réamhshocruithe sin ina bpointe tosaigh le haghaidh an phlé idir póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus lucht bainistíochta staideanna maidir leis an bpleanáil don chomórtas, beidh tionchar ag tosca eile a bhaineann go sonrach leis an gcomórtas ar an bpróiseas pleanála freisin.

3.13.3. Ní mór ionchais agus riachtanais eagraí an chomórtais (UEFA nó FIFA agus coiste náisiúnta eagraithe an chomórtais) a chur san áireamh i bpleanáil phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl maidir le socruithe sábháilteachta agus slándála sna staidanna ina reáchtálfar an comórtas.

3.13.4. Den chuid is mó, cuirfidh an t-eagraí de cheangal ar lucht bainistíochta na staidanna ina reáchtálfar an comórtas a bheith freagrach as na socruithe sábháilteachta agus slándála sna staidanna (agus measfaidh an lucht féachana teilifíse domhanda go mbeidh an fhreagracht sin ar an lucht bainistíochta freisin), agus is iad póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a bheidh freagrach as sábháilteacht agus slándáil in áiteanna poiblí.

3.13.5. Go bunúsach, féadfaidh an t-eagraí oibríochtaí maoirseachta ardphróifíle sna staidanna a éileamh seachas láithreacht ard-infheictheachta póilíní.

3.13.6. I roinnt mhaith Stát, léireoidh an méid sin an cleachtas agus an tosaíocht náisiúnta atá ann cheana. Tá an-éagsúlacht ar fud na hEorpa maidir le ról póilíní i staidanna, áfach, agus caithfear é sin a léiriú freisin sa phleanáil phóilíneachta maidir leis na staidanna ina reáchtálfar an comórtas.

3.13.7. Baineann na príomh-shaincheistanna go príomha le héifeachtacht na n-oibríochtaí bainistithe slua i ngach limistéar den staid ina mbíonn lucht féachana agus le hinniúlacht agus oiliúint phearsanra slándála na staid (bídís fostaithe go díreach nó ar conradh ó chuideachtaí príobháideacha slándála).

3.13.8. Dá bhrí sin, is é an phríomh-shaincheist phleanála d'údarais phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a ról sna staidanna a chinneadh agus a shainiú. Baineann na roghanna go príomha le cothromaíocht a aimsiú idir láithreacht ardphróifíle póilíneachta sna staidanna a sheachaint ach é a bheith ar chumas na bpóilíní i gcónaí a ndualgas a chomhlíonadh maidir le haon iompar coiriúil a chosc agus a fhreagairt go héifeachtach, gan beann ar an áit a dtarlaíonn sé.

3.13.9. I roinnt comórtas a bhí ann le déanaí, agus i mbabhtaí ceannais ardphróifíle chomórtais UEFA, chinn na póilíní gurb é an cur chuige atá le glacadh pearsanra agus aonaid phóilíneachta a bhfuil próifíl íseal acu a imscaradh, i veisteanna lonracha seachas éide póilíní, chun oibriú in éineacht le maoir atá dírithe ar an tsábháilteacht chun cumarsáid a dhéanamh leis an lucht leanúna agus aon mhiontheagmhais iompair choiriúil a fhreagairt go tapa chun a ngearú a chosc.

3.13.10. Níl ansin ach rogha amháin, áfach, agus d'fhéadfaí a mheas gurbh fhearr oibríochtaí staide phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a dhíriú ar aonaid phóilíneachta a imscaradh as radharc i gcoimpléasc na staide nó i ndlúthghaireacht dó. Is faoi na póilíní óstacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl an méid sin a chinneadh ar bhonn measúnú riosca arna dhéanamh i gcomhpháirtíocht le heagraí an chomórtais agus le lucht bainistíochta na staideanna ina réachtálfar an comórtas.

3.13.11. Níl sna socrúithe maidir le póilíní a imscaradh i staid nó i gcoimpléasc staide chun déileáil le coiriúlacht ach gné amháin (cé gur gné thábhachtach í) a bhaineann leis an idirchaidreamh is gá idir údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus lucht bainistíochta staideanna maidir le hoibríochtaí sábháilteachta agus slándála.

3.13.12. Gné bhunúsach ríthábhachtach maidir leis an bpleanáil a dhéanann póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl don chomórtas, baineann sí leis an taithí a fuarthas san Eoraip a léiríonn gur féidir leis an méid a tharlaíonn i staid tionchar mór a imirt ar a dtarlaíonn lasmuigh den staid, agus *vice versa*. Ar an gcúis sin, is den tábhacht don dá pháirtí go mbeidh dlúthchomhar ann le lucht bainistíochta staideanna agus go gcuirfear cur chuige comhchuibhithe i bhfeidhm i leith socrúithe bainistithe slua laistigh de na staideanna ina réachtálfar an comórtas agus lasmuigh díobh.

3.13.13. Ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus ionadaithe beartais agus oibríochtúla na staideanna oibriú le chéile d'fhonn comhaontú i scríbhinn a fháil idir an t-eagraí agus na póilíní (ar a dtugtar ráiteas intinne go minic) ina gcuimsítear, i gcás inarb iomchuí, ról na dtoscaireachtaí phóilíneachta ar cuairt (*féach* Cuid a Cúig den lámhleabhar seo).

3.13.14. Sna comhaontuithe sin, ba cheart ról na bpóilíní a leagan amach maidir leis an méid seo a leanas:

- tacú le lucht bainistíochta staideanna chun aon neamhord poiblí nó coiriúlacht a chosc agus chun déileáil leo;
- nósanna imeachta éigeandála a ghníomhachtú i gcás teagmhas suntasach nó cur isteach suntasach ar an gcluiche; agus,
- na himthosca a chinneadh inar cheart do na póilíní smacht a ghlacadh ar an staid ina hiomláine nó ar chuid di i gcásanna éigeandála agus mórtheagmhas, mar aon leis an nós imeachta chun é sin a dhéanamh agus chun an smacht a thabhairt ar ais don eagraí ina dhiaidh sin.

3.13.15. Leis an dlúthchomhar, ba cheart a áirithiú freisin go bhféadfaidh lucht bainistíochta staideanna tuairimí na bpóilíní maidir le roinnt saincheisteanna a mheas, lena n-áirítear:

- prionsabail agus oibríochtaí bainistithe slua sna staideanna;
- úsáid TCI chun críocha bainistithe slua agus bailithe fianaise;
- socruithe le haghaidh seomra rialaithe ilghníomhaireachta, lena n-áirítear post ceannais póilíneachta;
- socruithe cumarsáide comhroinnte nó ainmnithe sa staid spóirt;
- straitéis chun úsáid ábhar piriteicniúil a chosc agus a chomhrac;
- straitéis chun iompar antoiseach, fuathchoireacht nó iompar idirdhealaitheach a chosc agus a chomhrac; agus,
- an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as maoir ar cuairt i gcáil idirchaidrimh i staideanna agus ar an mbealach chucu agus uathu.

Roinn 3.14. Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le hÚdaráis Bhreithiúnacha agus Riaracháin agus Gníomhaireachtaí Ionchúisimh

3.14.1. Aithnítear in ábhar na Roinne seo (i) na héagsúlachtaí móra i dtaobh struchtúr, inniúlachtaí agus ainmníocht na socruithe breithiúnacha agus riaracháin ar fud na hEorpa agus (ii) ceannasacht agus dlínse na socruithe breithiúnacha agus riaracháin sna Stáit óstacha.

3.14.2. Mar sin féin, agus iad ag pleanáil don chomórtas, ba cheart go mbeadh sé mar phríomhchuspóir ag póilíní na gcathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl dlúthchomhar agus comhthuiscint a fhorbairt le gníomhaireachtaí atá i mbun próisis bhreithiúnacha agus riaracháin sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl (nó ar bhonn réigiúnach) a chuirfear i bhfeidhm chun déileáil le baill den lucht leanúna (áitiúil nó ar cuairt) a líomhnaítear go ndearna siad cionta coiriúla nó riaracháin i ndáil leis an gcomórtas.

3.14.3. Féadfar cuidiú leis an bpróiseas sin trí dhlúthchaidreamh leanúnach a fhorbairt ag an am céanna le gníomhaireachtaí ionchúisimh breithiúnacha agus riaracháin ábhartha.

3.14.4. Go hidéalach, ba cheart é a bheith mar aidhm comhaontú a dhéanamh maidir le socruithe meara lenar féidir déileáil go tapa agus go hiomchuí le gach cion a bhaineann leis an gcomórtas, seachas na cionta is tromchúisí, le linn an chomórtais.

3.14.5. Ní mór d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl aon fhorálacha dlíthiúla sealadacha a cuireadh i bhfeidhm don chomórtas a chur san áireamh freisin (féach Roinn 2.7 den lámhleabhar seo).

3.14.6. Is é is príomhaidhm don idirchaidreamh a áirithiú, a mhéid is féidir, go bhfuil soiléireacht tuisceana agus cuspóra i ngach cathair ina bhfuil an comórtas ar siúl idir na póilíní, na hionchúisitheoirí agus na húdaráis bhreithiúnacha agus riaracháin maidir leis na bearta (agus, i gcás inarb infheidhme, agus faoi réir gach cás a bheith á láimhseáil ar bhonn tuillteanais, na pionóis) atá le forchur ar aon bhaill den lucht leanúna ar cuairt a mheastar gur ghníomhaigh siad ar bhealach coiriúil nó toirmisceithe le linn dóibh a bheith sa chathair nó sa réigiún ina bhfuil an comórtas ar siúl.

3.14.7. Ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus d'ionchúisitheoirí áitiúla nó réigiúnacha a bheith go hiomlán ar an eolas faoi chomhaontuithe iltaobhacha atá ann cheana maidir le cúnamh frithpháirteach dlí ar féidir leis na húdaráis óstacha ar an leibhéal náisiúnta leas iomlán a bhaint astu i dtaca leis an gcomórtas. Ina theannta sin, féadfaidh na húdaráis óstacha socruithe déthaobhacha a chomhaontú le stát rannpháirteach nó le stát eile le haghaidh cúnamh frithpháirteach dlí feabhsaithe roimh an gcomórtas, lena linn agus ina dhiaidh.

3.14.8. Ba cheart bearta a chuimsiú freisin sna socruithe déthaobhacha (féach Roinn 1.4 (b) den lámhleabhar seo) ar féidir le gach stát rannpháirteach agus stáit eile iad a dhéanamh chun tacú leis na póilíní óstacha ar bhonn náisiúnta agus sna cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl i dtaca le ciontóirí líomhnaithe atá i gcónaí sna stáit sin, mar shampla:

- aon fhéidearthachtaí dlíthiúla (e.g. orduithe toirmisceithe sacair/toirmisc ar imeacht) atá ann cosc a chur ar bhaill den lucht leanúna a bhfuil riosca ag baint leo freastal ar an gcomórtas;
- cé na bearta is féidir leis an toscaireacht phóilíneachta ar cuairt agus/nó aon ghníomhaireacht inniúil eile a dhéanamh chun fianaise a bhailiú maidir le haon chionta a bhaineann le scar arna ndéanamh ag lucht leanúna ar cuairt (e.g. cuairt a thabhairt ar ionchúisitheoirí idirchaidrimh); agus,
- cé na cionta arna ndéanamh sa tír óstach a d'fhéadfaí a ionchúiseamh sa tír thacaíochta (ar fhilleadh an chiontóra) i gcomhréir leis na socruithe breithiúnacha seach-chríochacha.

3.14.9. Féadfaidh na húdaráis óstacha agus na Stáit rannpháirteacha breithniú frithpháirteach a dhéanamh freisin ar an ngá, agus ar an bhfiúntas, atá le hionchúisitheoir ar cuairt a imscaradh i ngach cathair ina bhfuil an comórtas ar siúl mar a mbeidh foireann náisiúnta an ionchúisitheora sin san iomaíocht chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an údarás óstach ainmnithe agus faisnéis a fháil ó thaifid bhreithiúnacha nó chúirte agus ó thuarascálacha póilíní óstacha nó tuarascálacha imscrúdaitheacha, lena n-áirítear taifid ghabhála, i leith náisiúnaigh ón tír sin nó daoine atá ina gcónaí sa tír sin.

Roinn 3.15. Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le LCIP an Chomórtais

3.15.1. Mar a léirítear i gCuid a Ceathair den Lámhleabhar seo, feidhmeoidh LCIP an Chomórtais mar chainéal chun a áirithiú go mbaileofar gach faisnéis bainistithe slua a bhaineann le comórtais ó gach cearn den Eoraip (agus níos faide i gcéin i gcás chomórtais FIFA), agus go ndéanfar an fhaisnéis sin a mheas, a anailísiú agus a chur faoi bhráid phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus gníomhaireachtaí póilíneachta náisiúnta agus áitiúla ábhartha eile.

3.15.2. Chuige sin, is inmhianaithe do na póilíní i ngach cathair ina bhfuil an comórtas ar siúl oifigeach idirchaidrimh a imscaradh in LCIP chun an méid seo a leanas a éascú:

- an malartú faisnéise idir LCIP agus lárionad oibríochtaí na bpóilíní óstacha áitiúla nó réigiúnacha;
- bainistiú LCIP ar imscaradh na dtoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt; agus,
- oibríochtaí póilíneachta tríd an oifigeach idirchaidrimh a bheith in ann faireachán a dhéanamh (ar bhonn leanúnach) ar imeachtaí i gcathracha eile ina bhfuil an comórtas ar siúl, i moil iompair náisiúnta agus idirnáisiúnta; agus in áiteanna eile.

Roinn 3.16. Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl leis na Póilíní Náisiúnta Tráchta

3.16.1. Mar chuid dá bpríomhchuspóirí pleanála, ba cheart do phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl díriú ar a gcaidreamh oibre lena gcomhpháirtithe atá freagrach as póilíneacht a dhéanamh ar líonraí iompair phoiblí idirnáisiúnta, náisiúnta agus/nó réigiúnacha a fhreastalaíonn ar an gcathair ina bhfuil an comórtas ar siúl, agus leis na húdaráis nó na cuideachtaí iompair phoiblí.

3.16.2. Is é an aidhm atá ann feabhas a chur ar na socruithe maidir le faireachán a dhéanamh ar theacht an lucht leanúna ar cuairt chuig an gcathair ina bhfuil an comórtas ar siúl agus ar a n-imeacht uaithi. Leis sin, cuirfear faisnéis bharrthábhachtach lóistíochta agus iompraíochta ar fáil roimh an gcluiche agus ina dhiaidh.

3.16.3. Cuideoidh sé freisin chun a fháil amach an bhfuil lucht leanúna ó phobail an diaspora a bhfuil cónaí orthu i Stáit óstacha, i Stáit chomharsanacha agus/nó i Stáit eile tar éis an láthair a bhaint amach. Cuirfidh sé sin faisnéis thábhachtach thráthúil ar fáil do cheannasaithe póilíní sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl a d'fhéadfaí a chailleadh murach sin (*féach* Roinn 4.5 i gCuid a Ceathair den lámhleabhar seo).

3.16.4. Le Moladh Comhdhlúite 1/2015 ó Chomhairle na hEorpa (arna athbhreithniú in 2019 agus arna eisiúint in 2020) tugtar tuilleadh treorach maidir leis na socruithe i ndáil le pleanáil agus oibriúchán iompair na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl.

Roinn 3.17. Socruithe Bainistithe Tráchta Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl

4.17.1. Ba cheart plean bainistithe tráchta comórtais a chur san áireamh i bpleanáil phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, plean a fhorbrófar i gcomhpháirtíocht leis na heagraíochtaí seo a leanas:

- údaráis na staide (a bheidh freagrach as bainistiú tráchta i ndáil leis an gcoimpléasc staide);
- údarás bardasach agus/nó údarás mórbhealaí áitiúil nó réigiúnach; agus,
- údaráis ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta iompair phoiblí (chun teacht agus imeacht lucht leanúna baile agus ar cuairt araon agus, rud nach beag a thábhacht, riachtanais iompair na gcónaitheoirí áitiúla a chur san áireamh).

3.17.2. Beidh feidhm thábhachtach shábháilteachta, slándála agus sheirbhíse ag an bplean tráchta i dtaca le cluichí comórtais a óstáiltear sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl agus beidh ar phóilíní tráchta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl iad a dhearadh agus a bhainistiú go cúramach.

3.17.3. Ba cheart aon rioscaí oird phoiblí a chur san áireamh sa phlean tráchta freisin. Mar shampla, má léirítear sa mheasúnú riosca gur cheart bealaí éagsúla iompair phoiblí go dtí an staid óstach agus uaidh a bheith ag lucht leanúna na bhfoirne atá in iomaíocht le chéile nó gur cheart dóibh bealaí éagsúla iompair phoiblí a úsáid.

3.17.4. Rud atá tábhachtach, beidh ar an bplean tráchta freisin bealaí rochtana do phóilíní agus d'fheithiclí éigeandála eile a shainaithint agus a chothabháil.

3.17.5. Ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl béim a leagan freisin ar an tábhacht a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- an t-údarás áitiúil ábhartha a dhéanann comharthaíocht shofheicthe tráchta bóthair agus coisithe a ullmhú agus a thaispeáint do phobail chónaitheacha agus don lucht leanúna ar cuairt araon i limistéir a chumhdaítear le plean bainistithe tráchta an chomórtais; agus,
- bainistiú na staide trí úsáid a bhaint as seoladh poiblí an ionaid óstaigh agus córais chumarsáide eile chun aird a tharraingt ar aon chur isteach gan choinne nó pleanáilte ar thrácht nó ar iompar poiblí ar laethanta cluichí.

3.17.6. In Iarscríbhinn A a ghabhann le Moladh Comhdhlúite 1/2015 ó Chomhairle na hEorpa (arna athbhreithniú in 2019 agus arna eisiúint in 2020) tugtar tuilleadh teorach maidir leis na socruithe i ndáil le pleanáil agus oibriúcháin bainistithe tráchta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl.

Roinn 3.18. Cumarsáid Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le Pobail Áitiúla

3.18.1. Ba cheart é a bheith mar phríomhchuspóir ag údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl díriú ar straitéis chumarsáide a fhorbairt don chomórtas ag tosú le linn chéim na pleanála, lenar cheart díriú ar phobail áitiúla a chur ar a suaimhneas, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí nó ag obair i ndlúthghaireacht na staideanna agus/nó i lár na cathrach, maidir leis an tosaíocht a thabharfar dá sábháilteacht agus dá slándáil.

3.18.2. Cuspóir gaolmhar a bheidh ann bród agus úinéireacht a spreagadh 'ina gcathairse' ina mbeidh mórimeacht spóirt ardphróifíle á óstáil agus pobail áitiúla a spreagadh chun timpeallacht fháilteach a chur ar fáil don lucht leanúna ar cuairt. Léiríonn an taithí a fuarthas ag comórtais roimhe seo gur féidir leis seo tionchar mór a imirt ar iompar an lucht leanúna baile agus an lucht leanúna ar cuairt araon.

Roinn 3.19. Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le hIonadaithe an Luchta Leanúna

3.19.1. Ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme freisin chun cumarsáid a dhéanamh le lucht leanúna (ar a dtugtar 'idirphlé') sa tréimhse suas go dtí an comórtas agus lena linn.

3.19.2. Is féidir le hidirphlé arna dhéanamh roimh an gcomórtas idir údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus grúpaí an lucht leanúna chónaithigh, agus iad siúd sna Stáit rannpháirteacha (trína n-údaráis náisiúnta agus phóilíneachta), bealach a chur ar fáil chun faisnéis thábhachtach a chur ar aghaidh, mar atá comhairle taistil, bealaí rochtana chuig an staid, an reachtaíocht is infheidhme agus leibhéil iompraíochta ar féidir glacadh leo, etc.

3.19.3. Is féidir leis cur le timpeallacht shábháilte, shlán agus fháilteach freisin do gach lucht leanúna as measc an phobail óstaigh agus níos faide i gcéin.

3.19.4. Chomh maith le straitéis éifeachtach maidir le láimhseáil na meán (*féach* Roinn 3.20 thíos), ba cheart do phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl breithniú a dhéanamh ar shuíomhanna meán sóisialta/idirlín a úsáid, idirchaidreamh a dhéanamh le hOifigigh Idirchaidrimh ainmnithe don Lucht Leanúna de chuid na foirne náisiúnta, le hionadaithe ghrúpaí an lucht leanúna, agus tionscnaimh atá dírithe ar an lucht leanúna, mar shampla ambasáidí do lucht leanúna.

3.19.5. Gné thábhachtach ullmhúcháin maidir le cur chuige idirphlé-bhunaithe a ghlacadh is ea go n-áiritheoidh údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl go gcuirfear oiliúint i dteicnící cumarsáide agus teicnící réitigh coinbhleachta ar shainoifigigh chumarsáide agus/nó, le linn na céime oibríochtúla, ar aonaid oibríochtúla túslíne roghnaithe.

3.19.6. Dhá rogha pleanála cumarsáide atá bunaithe agus éifeachtach don lucht leanúna atá ar cuairt maidir le lárionad póilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl i ndáil le hidirphlé a thionscnamh le ambasáidí do lucht leanúna agus le hoifigigh idirchaidrimh don lucht leanúna.

3.19.7. De bhun an chuspóra sin, ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl údaráis náisiúnta agus áitiúla nó réigiúnacha an chomórtais a spreagadh chun beartas a ghlacadh maidir le hóstáil a dhéanamh ar 'ambasáidí do lucht leanúna' ina n-oibreodh lucht leanúna gach foirne náisiúnta a ghlacfaidh páirt i gcluichí an chomórtais arna n-óstáil sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl.

3.19.8. Soláthraíonn Foscábhinn 3.A faisnéis maidir le coincheap na ambasáide do lucht leanúna agus leagann sé amach na buntáistí a bhaineann lena ghlacadh.

3.19.9. Ag an am céanna, ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a aithint cé na foirne náisiúnta atá san iomaíocht i gcluichí comórtais ina gcathair a bhfuil Oifigigh Idirchaidrimh do Lucht Leanúna na foirne náisiúnta ceaptha acu chun gníomhú, i measc feidhmeanna eile, mar chomhéadan idir póilíní na gcathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl agus an lucht leanúna ar cuairt.

3.19.10. Soláthraíonn Foscríbhinn 3.B faisnéis maidir le socruithe éifeachtacha cumarsáide idir póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus oifigigh idirchaidrimh don lucht leanúna ar cuairt, agus leagtar amach inti na tairbhí féideartha agus frithpháirteacha atá le baint as na socruithe sin.

3.19.11. Cuirtear i bhfios go láidir, áfach, go bhfuil glacadh le héiteas atá dírithe ar idirphlé comhlántach le socruithe éifeachtacha bainistithe slua laistigh agus lasmuigh de staideanna. Ní rogha bhog ná rogha eile é chun dul i ngleic le mí-iompar.

3.19.12. Soláthraítear faisnéis bhreise mhionsonraithe maidir le hidirchaidreamh póilíneachta le lucht leanúna sa Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 13 Deireadh Fómhair 2016 a bhaineann le lámhleabhar ina bhfuil moltaí chun foréigean agus corraíolacha a chosc agus a bhainistiú i ndáil le cluichí sacair idirnáisiúnta, ina bhfuil Ballstát amháin ar a laghad rannpháirteach, trí dhea-chleachtas a ghlacadh i ndáil le hidirchaidreamh póilíneachta le lucht leanúna.

Roinn 3.20. Straitéis Meán Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl

3.20.1. Is léir ón taithí Eorpach go bhfuil straitéis éifeachtach ilghníomhaireachta meán rithábhachtach chun coincheap sábháilteachta agus slándála an chomórtais a chur i gcrích go rathúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl araon.

3.20.2. Ar dtús, is dócha go mbeidh spéis na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta dírithe ar ullmhúcháin chomórtais ar leibhéal náisiúnta. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go bhforbróidh an coiste náisiúnta eagraithe atá faoi stiúir an rialtais straitéis chuimsitheach ilghníomhaireachta maidir le láimhseáil na meán.

3.20.3. Tá sé seo rithábhachtach toisc go bhféadfadh tuairimíocht dhiúltach sna meáin a bheith ann maidir leis na bagairtí agus na rioscaí a bhaineann leis an gcomórtas a óstáil.

3.20.4. Le straitéis meán ilghníomhaireachta na bpóilíní óstacha, atá iomlánaíoch agus eagraithe go cúramach, is féidir modh an-éifeachtach a chur ar fáil chun tuairimíocht dá leithéid sna meáin a chomhrac agus chun athdhearbhú a thabhairt do chónaitheoirí na cathrach agus do phobail Stáit rannpháirteacha na hEorpa.

3.20.5. Mar sin féin, díreoidh aird na meán idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomórtas freisin ar chathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl.

3.20.6. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go n-oibreodh údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara áitiúla agus réigiúnacha eile, lena n-áirítear údaráis bhargasacha, údaráis sacair, bainistíocht staideanna, agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile chun straitéis meán chuimsitheach ilghníomhaireachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

3.20.7. Ba cheart go mbeadh sé mar phríomhaidhm íomhá dhearfach den chomórtas agus den chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl a léiriú i measc lucht leanúna baile agus lucht leanúna ar cuairt, pobail chónaitheacha agus pobail ghnó áitiúla, agus daoine aonair atá rannpháirteach sna hoibríochtaí sábháilteachta agus slándála.

3.20.8. Is féidir leis seo cabhrú le timpeallacht fháilteach a chruthú do gach duine atá páirteach agus, ar an gcaoi sin, cuidiú le rioscaí sábháilteachta agus slándála a íoslaghdú trí thionchar a imirt ar bhraistintí i measc lucht leanúna a thaistealóidh go dtí an chathair ina mbeidh an comórtas ar siúl le linn an chomórtais.

3.20.9. Maidir le comhpháirt phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, i ndáil le straitéis meán ilghníomhaireachta ar bhonn níos leithne, ba cheart é a bheith d'aidhm aici an méid seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis a chur ar fáil ar bhealach réamhghníomhach, oscailte agus trédhearcach;
- faisnéis maidir le hullmhúcháin sábháilteachta agus slándála a chur ar fáil ar bhealach dearfach;
- rún na bpóilíní a chur in iúl maidir le gníomhaíochtaí dlisteanacha an lucht leanúna a éascú;
- a chur in iúl go soiléir cé na cineálacha iompair nach nglacfaidh na póilíní leo; agus,
- faisnéis údarásach a chur ar fáil maidir le haon teagmhais chomh tapa agus is féidir.

3.20.10. Chuige sin, ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl oibriú go dlúth le comhpháirtithe áitiúla eile chun straitéis meán ilghníomhaireachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a sheachadadh, straitéis lena ndéanfar an méid seo a leanas:

- a áirithiú go sanntar freagrachtaí go soiléir i measc na bpóilíní agus na ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta maidir le cé atá chun tosaigh i dtaobh cumarsáid a dhéanamh leis na meáin ar na gnéithe éagsúla den tsábháilteacht agus den tslándáil (agus rudaí nach iad);

- ábhar faisnéise a chur ar fáil (a nuashonraítear go rialta chun téamaí nó ceisteanna athfhillteacha agus rioscaí nó imeachtaí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh) d’urlabhraithe uile na bpóilíní agus na ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta;
 - a áirithiú go gcuirtear faisnéis fhíorasach ar fáil do na meáin agus/nó ar an idirlíon ar bhonn rialta san am roimh an gcomórtas, lena linn agus ina dhiaidh; agus,
 - deiseanna rialta a chur ar fáil le haghaidh seisiúin faisnéise don phreas/do na meáin.
-

**Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl le hAmbasáidí
an Lucht Leanúna ar Cuairt**

1. Soláthraíonn ambasáidí do lucht leanúna pointe teagmhála don lucht leanúna atá ar cuairt i lár na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl inar féidir leo teacht ar raon leathan faisnéise agus cúnamh, lena n-áirítear suíomh na limistéar atá ainmnithe le húsáid agus inar féidir le lucht leanúna ar cuairt bia agus deoch a fháil, socrúithe áitiúla taistil agus iompair, infhaighteacht ticéad, lóistín, gníomhaíochtaí fóillíochta áitiúla, aon imeachtaí ag a gcuirfear cluichí ar scáileán, goid nó cailliúint doiciméad, cúram sláinte agus, rud atá tábhachtach, straitéisí póilíneachta agus na leibhéil iompraíochta a bhfuil na póilíní in ann glacadh leo, etc.
2. Soláthraíonn ambasáidí do lucht leanúna bealach cumarsáide freisin idir lucht leanúna agus póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl (agus údarais eile) agus is bealach éifeachtach iad chun faisnéis atá cothrom le dáta a chur ar fáil go tapa agus go héifeachtúil maidir le cúrsaí atá ag teacht chun cinn nó ag athrú.
3. Is féidir leis na hambasáidí do lucht leanúna tuairimí an lucht leanúna a chur in iúl do phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus d'údarais chathrach eile má thagann fadhbanna chun cinn agus is féidir leo tionscnaimh réamhghníomhacha a dhéanamh chun dea-thoil a chothú idir grúpaí lucht leanúna éagsúla agus le pobail áitiúla de bhunadh mionlaigh eitnigh.
4. Ba cheart tuiscint a bheith ag pearsanra na hambasáide don lucht leanúna ar cuairt ar chultúr lucht leanúna na foirne náisiúnta ar cuairt; rochtain ar eolas áitiúil mionsonraithe; agus dlúth-theagmháil leis na gníomhaireachtaí áitiúla ábhartha uile, lena n-áirítear na póilíní.
5. Ba cheart go mbeadh ambasáidí do lucht leanúna inrochtana go fisiciúil agus trí ghlaoch gutháin le linn thréimhse an chomórtais agus ní mór dóibh a bheith oscailte chomh fada agus is féidir an lá roimh gach cluiche, laethanta na gcluichí uile agus an lá tar éis gach cluiche. Ceann de na buntáistí a bhaineann le hambasáidí do lucht leanúna is ea a n-inrochtaineacht agus a solúbthacht, rud a chuireann ar a gcumas dul in oiriúint do na cásanna a thagann chun cinn agus a gcuid gníomhaíochtaí a chur in oiriúint do riachtanais an lucht leanúna ar cuairt.

6. Is cuid ríthábhachtach den ullmhúchán suíomh a roghnú do na hambasáidí do lucht leanúna. Ba cheart go mbeadh an suíomh inrochtana agus infheicthe. Ní mór dlúthchomhairliúchán a bheith ann idir ionadaithe an lucht leanúna, na póilíní agus na húdaráis bhardasacha maidir le ceist an tsuímh. Go hidéalach, tá sé úsáideach go mbeadh ambasáidí do lucht leanúna suite i lár na cathrach, rud a fhágann gur féidir go leor oibre a dhéanamh roimh an gcluiche agus na hambasáidí a dhéanamh inrochtana don líon is mó is féidir. Tá sé seo tábhachtach go háirithe do lucht leanúna a bhailíonn go traidisiúnta i lár na cathrach agus nach dtéann siad ach go dtí an staid uair an chloig nó dhó roimh thús an chluiche.
7. Uaireanta is iad na húdaráis phoiblí sa chathair óstach nó, mar mhalairt air sin, an lucht leanúna féin a bhunaíonn ambasáidí do lucht leanúna. I gceachtar cás, is féidir le póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl cabhrú le suíomhanna cuí a aithint do na hambasáidí do lucht leanúna.
8. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach freisin ambasáid do lucht leanúna a bhunú in aice leis an bpáirc imeartha, ionas go mbeadh pointe tagartha eile ag an lucht leanúna le linn na dtréimhsí díreach roimh agus tar éis gach cluiche.
9. Ba cheart faisnéis a dháileadh ar an lucht leanúna ar cuairt roimh an gcomórtas, lena roinnfear suíomh na hambasáide do lucht leanúna orthu agus sonraí eile a bhaineann léi. Mar chúnamh don lucht leanúna seo atá ar cuairt, dáilfear léarscáileanna cathrach orthu, ina dtaispeánfar suíomh ambasáid an lucht leanúna agus faisnéis úsáideach eile, mar shampla, suíomh stadanna bus, dáileoirí airgid, srl. agus beidh an lucht leanúna buíoch as an gcúnamh sin.
10. Toisc go mbíonn oibrithe na hambasáide do lucht leanúna i dteagmháil i gcónaí leis an eagraí, leis na húdaráis áitiúla agus náisiúnta, leis na póilíní agus leis na seirbhísí sábháilteachta agus slándála, tá siad in ann faisnéis atá cothrom le dáta agus cruinn a sholáthar don lucht leanúna. Ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis seo cinnte agus iontaofa agus a cruinneas a sheiceáil i gcónaí, ionas nach gcuirfear aon fhaisnéis mhíthreorach ar fáil do lucht leanúna.

11. Is aidhm ghaolmhar é scaipeadh ráflaí a sheachaint. Is iomaí ráfla míréadúil a scaiptear i measc lucht leanúna, ráflaí a d'fhéadfadh deacrachtaí a chruthú. Ós rud é go gcomhcheanglaíonn ambasáidí do lucht leanúna seasamh oifigiúil i gcroílár líonra na gcomhlachtaí eagrúcháin, leis an gcaidreamh speisialta láithreach atá acu le lucht leanúna ar an láthair, is féidir leo cuidiú go tapa agus go cinntitheach le scaipeadh ráflaí a chosc.
12. Is féidir le ambasáid do lucht leanúna úsáid a bhaint as na meáin shóisialta (e.g., X, Facebook, etc.) chun lucht leanúna a chur ar an eolas faoi gach saincheist a bhaineann leo.
13. Is féidir le ambasáidí do lucht leanúna bróisiúir a dháileadh ina bhfuil faisnéis faoi staideanna sacair, a suíomh, conas rochtain a fháil orthu, iompar poiblí áitiúil agus faisnéis shonrach maidir le cluichí. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis seo reachtaíocht na tíre óstaí agus rialacháin a bhaineann le socruithe bainistithe slua phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, agus rialacháin iontrála na staide, lena n-áirítear aon earraí atá toirmisce agus cineálacha iompair a mheastar a bheith frithshóisialta.
14. Chomh maith le faisnéis maidir le hamchláir iompair phoiblí (le haghaidh traenacha, busanna, tramanna agus iarnróid faoi thalamh), is féidir le ambasáidí do lucht leanúna faisnéis a sholáthar freisin do lucht leanúna maidir le limistéir pháirceála atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach sa chathair nó gar don staid, mar aon le haon saoráidí páirceála agus taistil agus amchláir busanna tointeála go dtí an pháirc imeartha (le stad bus ag an 'ambasáid do lucht leanúna', go hidéalach).
15. Is minic a chailltear nó a ghoidtear doiciméid oifigiúla, mar shampla cártaí aitheantais, pasanna agus doiciméid slándála sóisialta, chomh maith le ticéid taistil agus ticéid don chluiche, i measc rudaí eile, le linn comórtais sacair, rud a chuireann díomá orthu siúd lena mbaineann, a d'fhéadfadh a bheith ag brath caillte i dtimpeallacht nach bhfuil taithí acu uirthi. I gcásanna mar sin, is féidir le ambasáid do lucht leanúna cúnamh mór a thabhairt maidir le déileáil leis an bhfadhb a mhéid a bhaineann le bheith in ann rochtain ar na húdaráis ábhartha a sholáthar.
16. Ní mór d'ambasáidí do lucht leanúna a bheith in ann faisnéis a sholáthar faoi ospidéal, gnáthsheirbhísí leighis nó seirbhísí éigeandála leighis, fiacloirí éigeandála agus córais leasa shóisialta, ionas gur féidir lucht leanúna a dteastaíonn na seirbhísí sin uathu a stiúradh sa treo ceart.

17. Is foinse mhór faisnéise iad ambasáidí do lucht leanúna faoi ghníomhaíochtaí fóillíochta, spóirt agus cultúrtha a eagraítear do dhaoine áitiúla, nó go sonrach do lucht leanúna ar cuairt, sa chathair chomh maith le sonraí faoi conas suíomhanna na ngníomhaíochtaí sin a bhaint amach. Uaireanta is féidir leis na ambasáidí do lucht leanúna gníomhaíochtaí mar sin a eagrú i gcomhpháirtíocht le hoifigigh idirchaidrimh don lucht leanúna a bhaineann le foireann club nó foireann náisiúnta nó le grúpaí lucht leanúna baile.
18. Tá sé tábhachtach go bhfuil an fhaisnéis uile a chuirtear ar fáil d'ambasáid do lucht leanúna cothrom le dáta chun a áirithiú gur féidir an nuacht is déanaí a chur ar aghaidh chuig lucht leanúna ar cuairt. Tá sé sin tábhachtach toisc go bhféadfaí roinnt gníomhaíochtaí a eagrú agus nach bpoibleofar iad i bpacáistí/bileoga eolais oifigiúla don lucht leanúna.

Foinse: Rún ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar ina bhfuil moltaí chun foréigean agus suaitheadh a chosc agus a bhainistiú i dtaca le cluichí sacair a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo, ina bhfuil Ballstát amháin ar a laghad rannpháirteach, trí dhea-chleachtas a ghlacadh i ndáil le hidirchaidreamh póilíneachta le lucht leanúna (12792/16).

**Idirchaidreamh Phóilíní na Cathrach ina bhfuil an Comórtas ar siúl leis
na hOifigigh Idirchaidrimh don Lucht Leanúna ar Cuairt**

1. Tugtar treoir san fhoscríbhinn seo maidir leis an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag Oifigigh Idirchaidrimh don Lucht Leanúna, arna gceapadh ag na cónaidhmeanna náisiúnta sacair sna Stáit óstacha agus sna Stáit rannpháirteacha, chun idirchaidreamh éifeachtach a sholáthar idir póilíní agus lucht leanúna na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus chun cabhrú le cosc a chur ar fhoréigean a bhaineann leis an sacar agus iompar coiriúil toirmiscthe eile.
2. D'fhéadfadh Oifigigh Idirchaidrimh don Lucht Leanúna a bheith ina bhfostaithe íoctha nó ina n-oibrithe deonacha a roghnaíodh ar bhonn na pearsanachta, na scileanna agus na seifteanna a bheith acu chun a ról a dhéanamh go héifeachtach.
3. Go bunúsach, ionchorpraíonn an obair a dhéanann Oifigigh Idirchaidrimh don Lucht Leanúna na foirne náisiúnta raon leathan dúshlánach feidhmeanna, a bhfuil an méid seo a leanas san áireamh le linn comórtas:
 - gníomhú mar theagmhálaí agus cumarsáid a dhéanamh idir an lucht leanúna agus póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl roimh chluichí, lena linn agus ina ndiaidh;
 - faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil don lucht leanúna atá ag freastal ar chluichí chun taisteal agus lóistíocht lae a éascú agus chun deireadh a chur leis an bhféidearthacht míthuiscintí a bheith ann;
 - ionchur a sholáthar ag cruinnithe slándála roimh chluichí baile agus roimh chluichí ardriosca as baile;
 - gníomhartha lucht leanúna a mhíniú do phóilíní agus *vice-versa* chun bacainní a bhaint agus míthuiscintí a sheachaint;
 - oibriú chun neamhord a chosc trí thionchar a imirt ar an lucht leanúna agus ar pháirtithe leasmhara eile chun iad a shíothlú, idirghabháil a dhéanamh i gcásanna coinbhleachta, agus cultúr dearfach tacaíochta a spreagadh;
 - freastal ar chruinnithe faisnéisithe tar éis cluichí;
 - cur le hoiliúint na bpóilíní;

- gníomhú go leanúnach mar theagmhálaí agus mar nasc cumarsáide idir an lucht leanúna agus póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl roimh chluichí, lena linn agus ina ndiaidh;
- faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil don lucht leanúna atá ag freastal ar chluichí chun taisteal agus lóistíocht lae a éascú agus chun deireadh a chur leis an bhféidearthacht míthuiscintí a bheith ann; agus,
- réitigh fhéideartha ar dhúshláin agus fadhbanna sábháilteachta agus slándála atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn a shainaithint.

Foinse: Rún ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar ina bhfuil moltaí chun foréigean agus suaitheadh a chosc agus a bhainistiú i dtaca le cluichí sacair a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo, ina bhfuil Ballstát amháin ar a laghad rannpháirteach, trí dhea-chleachtas a ghlacadh i ndáil le hidirchaidreamh póilíneachta le lucht leanúna (12792/16).

Cuid a Ceathair – Socruithe Ullmhúcháin agus Oibriúcháin LCIP an Chomórtais

Roinn 4.1. Pleanáil LCIP

4.1.1. Ní mór ullmhú agus oibriú LCIP a bheith comhsheasmhach agus comhoiriúnach le struchtúr oibríochtúil náisiúnta na n-aonad póilíneachta.

4.1.3. Leagtar béim i Roinn 1.2 den lámhleabhar seo ar stádas ardphróifíle agus ar thábhacht ról LCIP maidir le tacú le hoibríochtaí bainistithe slua na bpóilíní óstacha.

4.1.3. Tá an treoir seo a leanas dírithe ar shainchúram bunaithe de ról bainistithe slua (ord poiblí agus sábháilteacht phoiblí) LCIP an chomórtais.

4.1.4. Beidh gá le socruithe breise agus socruithe ar leithligh i gcás inar cinneadh foirne bainistíochta, comhordaithe agus anailise de chealla/lárionaid póilíneachta speisialaithe eile an chomórtais, a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo, a chomhshuí sa LCIP.

4.1.5. Is léir, dá bhrí sin, go mbeidh ar phróiseas pleanála agus ullmhúcháin (agus socruithe oibriúcháin) LCIP na cinntí ardleibhéil beartais agus struchtúracha (agus buiséadacha) a pléadh thuas a léiriú, agus a shaincheapadh chun freastal orthu.

4.1.6. A luaithe a chinnfear rólán LCIP, ba cheart tús a chur le pleanáil agus le hullmhúcháin don LCIP a luaithe is féidir.

4.1.7. Moltar gur cheart go mbeadh an próiseas pleanála faoi stiúir pearsanra póilíneachta óstaí a bhfuil taithí agus inniúlacht ábhartha acu i ndáil le comhar idirnáisiúnta póilíneachta i dtaca le mórchomórtais sacair. Is iomaí Stát a shásóidh ceann an PFNS sa Stát óstach an phróifíl seo.

4.1.8. Chun tacú leis an bpróiseas pleanála, ba cheart don Stát óstach breithniú a dhéanamh ar ghrúpa comhairleach pleanála a bhunú ina mbeadh ionadaithe idirnáisiúnta PFNS agus daoine eile a bhfuil taithí ábhartha acu ar shacar agus mórimeachtaí spóirt eile a óstáil.

4.1.9. A luaithe a shaineofar róil agus freagrachtaí ainmnithe LCIP, ba cheart don ghrúpa pleanála pleananna gníomhaíochta cur chun feidhme gaolmhara a ullmhú lena dtabhairt cothrom le dáta agus lena gcomhroinnt ar bhonn rialta leis an nGrúpa Eorpach Saineolaithe Póilíneachta Sacair agus líonra PFNS.

4.1.10. I gcás comórtais dhomhanda, agus i gcás Stáit Eorpacha atá lasmuigh de bhratlíonra PFNS, ba cheart do ghrúpa pleanála LCIP iarraidh ar na póilíní i ngach Stát rannpháirteach pointe teagmhála aonair póilíneachta (SPOC) a ainmniú lenar féidir leis an ngrúpa pleanála idirchaidreamh a dhéanamh maidir le hullmhúcháin LCIP agus le hábhair ábhartha eile.

Roinn 4.2. Bonneagar LCIP

4.2.1. Príomhchúram a bheidh ann suíomh geografach LCIP a chinneadh agus, ina dhiaidh sin, póilíneacht iomchuí, nó saoráid eile, a shainaithint ar féidir léi freastal ar LCIP.

4.2.2. Mar a léirítear thuas, beidh ar an gcúram sin aon chinntí beartais a léiriú maidir le suíomh ceall/ionad eile comhair idirnáisiúnta póilíneachta comórtais (mar shampla teorainneacha, coireacht eagraithe agus cealla/lárionaid CT) agus socruithe ‘Comhtháthú’ Chomhordú Póilíneachta an Chomórtais.

4.2.3. Má cinneadh na hionaid sin a chomhshuí sa LCIP, ní mór é sin a léiriú i bpleanáil saoráide agus cóiríochta LCIP.

4.2.4. Tá sé rithabhachtach a áirithiú go mbeidh halla éisteachta sa tsaoráid LCIP a bheidh in ann oifigigh idirchaidrimh LCIP uile agus seomraí comhdhála agus cruinnithe iomchuí a óstáil. Má tá aon chealla/lárionaid póilíneachta speisialaithe eile de chuid an chomórtais le comhshuí sa LCIP, beidh gá le saoráidí ar leithligh ar an láthair.

4.2.5. Beidh sé riachtanach freisin a áirithiú gur féidir cóiríocht a thabhairt do phearsanra LCIP agus d’oifigigh idirchaidrimh (agus do phearsanra aon lárionad póilíneachta idirnáisiúnta comhshuite eile) ar an láthair nó i gcóiríocht oiriúnach óstáin i ndlúthghaireacht don LCIP.

4.2.6. Tá breithniú eile dírithe ar a chinneadh an ndéanfar freastal ar thoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt sa tsaoráid LCIP idir imscaradh chuig cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl nó, más féidir, taisteal idir na cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl ina mbeidh a bhfoireann náisiúnta ábhartha san iomaíocht sa chomórtas.

Roinn 4.3. Socruithe Bainistíochta LCIP

4.3.1. Ba cheart slabhra ceannais LCIP a shainiú, agus foireann bainistíochta a cheapadh chun ullmhúcháin LCIP a chomhordú agus, ina dhiaidh sin, socruithe oibriúcháin LCIP a bhainistiú.

4.3.2. Taithí ar fhianaise gur cheart go mbeadh an méid seo a leanas ar fhoireann bainistíochta LCIP:

- (i) ceann foirne (ag brath ar thaithí agus ar inniúlacht, is féidir le ceann PFNS sa Stát óstach nó oifigeach sinsearach póilíneachta a bhfuil taithí fairsing aige i réimse an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta an ról sin a dhéanamh);
- (ii) bainisteoirí (a imscartar ar bhonn uainchláir agus sealobre) chun feidhmeanna bainistíochta LCIP a sholáthar (baill den PFNS óstach a bhfuil taithí chuí acu nó póilíní sinsearach a bhfuil taithí acu i réimse an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta a bhaineann le comórtais sacair más féidir); agus,
- (iii) comhordaitheoirí oibríochtúla (a imscartar ar bhonn uainchláir agus sealobre) chun cabhrú le hoifigigh LCIP a róil agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh (seachas comhaltaí PFNS nó póilíní a bhfuil taithí acu i réimse an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta a bhaineann le comórtais sacair).

4.3.3. Beidh ar líon an phearsanra san fhoireann bainistíochta anailís mhionsonraithe a léiriú ar scála, ar charachtar agus ar mhéid réamh-mheasta ualach oibre an LCIP.

4.3.4. Beidh sé ríthábhachtach a áirithiú ón tús go mbeidh an fhoireann bainistíochta comhdhéanta de phearsanra atá inniúil ar LCIP éifeachtach a sholáthar ar bhonn 24 x 7 le linn a cuid oibríochtaí.

4.3.5. Saincheist eile chun lárionaid a shainiú maidir le rannpháirtíocht na foirne bainistíochta i gcruinnithe an ghrúpa comhordúcháin ('comhtháthú') de chuid póilíní na tíre óstaí (nó cibé ainmníocht atá ainmnithe ag na húdaráis óstacha), gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sé comhshuite sa LCIP.

Roinn 4.4. Socruithe Fhoireann Tacaíochta LCIP

4.4.1. Beidh sé riachtanach freisin ról, feidhmeanna agus méid fhoireann tacaíochta LCIP a shainiú, agus an gá atá leis an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- anailísithe faisnéise póilíneachta, pearsanra PFNS a bhfuil taithí acu más féidir, lena n-áirítear anailísithe atá dírithe ar shaincheisteanna diaspora (*féach* Roinn 4.5);
- pearsanra teicneolaíochta faisnéise, a bhfuil sé de chúram orthu cumhdach éifeachtach 24 x 7 a ráthú;
- pearsanra cumarsáide agus láimhseála meán;
- foireann tacaíochta lóistíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar chóiríocht, lónadóireacht agus seirbhísí eile;
- comhordaitheoir taistil chun socruithe iompair intíre na dtoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt a shocrú; agus,
- bainisteoir airgeadais (buiséad).

Roinn 4.5. Ról Anailísithe Diaspora LCIP

4.5.1. Is féidir le láithreacht diasporaí móra i roinnt mhaith Stát Eorpach éiginnteachtaí suntasacha lóistíochta agus measúnaithe riosca a chruthú maidir le hullmhúcháin agus oibríochtaí na bpóilíní óstacha.

4.5.2. Cé go mbeidh ceannasaithe na bpóilíní óstacha ar an eolas faoin bhfeiniméan, agus cé nach mbaineann riosca slándála go bunúsach le láithreacht lucht leanúna a bhfuil cónaí orthu i bpobail diaspora, is cinnte go mbeidh ábhair inní shuntasacha lóistíochta, sábháilteachta agus slándála ann mar gheall ar easpa faisnéise substaintiúla agus go mbeidh tionchar aige ar phleanáil, imscaradh agus straitéisí oibríochtúla phóilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl.

4.5.3. Dá bhrí sin, ba cheart gurbh é an ról a bheadh ag anailísí molta diaspora LCIP faisnéis atá ar fáil a choimisiúnú agus a fháil i ndáil le Stáit atá rannpháirteach sa chomórtas a bhféadfadh a bhfoireann náisiúnta líon suntasach lucht leanúna a mhealladh a bhfuil cónaí orthu i bpobail diaspora ar fud na hEorpa. Tá roinnt foinsí faisnéise ar fáil don anailísí, lena n-áirítear:

- Forbhreathnú ar Fhoireann Náisiúnta PFNS agus Próifílí an Lucht Leanúna;
- Sonraí ar líne maidir le pobail diaspora i Stáit Eorpacha;

- PFNSanna sna Stáit sin ina bhfuil pobail shuntasacha chónaitheacha diaspóra;
- Faisnéis maidir le díolachán ticéad comórtais; agus,
- Saineolaithe náisiúnta ar shaincheisteanna agus sonraí diaspóra.

Roinn 4.6. Socruithe Oifigeach Idirchaidrimh LCIP

4.6.1. Cuspóir pleanála bunúsach de chuid LCIP is ea raon saincheisteanna tábhachtacha a chinneadh agus a shainiú maidir le himscaradh oifigigh idirchaidrimh LCIP. Áirítear leis sin:

- (i) ról, freagrachtaí agus inniúlachtaí riachtanacha oifigigh idirchaidrimh LCIP a shainiú, agus inmhianaitheacht oibríthe PFNS (nó oifigigh a bhfuil taithí acu ar phóilíneacht a dhéanamh ar shacar idirnáisiúnta nó ar mhóirmeachtaí eile) a chomhlíonann an ról sin á cur san áireamh.
- (ii) líon na n-oifigeach idirchaidrimh LCIP atá le himscaradh ag gach ceann díobh seo a leanas a shainiú:
 - an Stát rannpháirteach (ar feadh ré rannpháirtíochta a bhfoirne náisiúnta sa chomórtas);
 - moil-Stáit idirthurais; agus
 - cathair ina bhfuil an comórtas ar siúl.
- (iii) líon na n-oifigeach idirchaidrimh atá le himscaradh in LCIP ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile a chinneadh, mar shampla:
 - Europol;
 - Interpol;
 - Póilíní Teorann Náisiúnta agus Frontex (má tá siad imscartha ag an Stát óstach);
 - Póilíní Náisiúnta Iompair;
 - Railpol; agus
 - Airpol.
- (iv) a chinneadh ar cheart d'oifigigh idirchaidrimh a bheith imscartha freisin ag ionadaí agus comhlacht idirnáisiúnta is infheidhme a eagraíonn comórtais (e.g. UEFA nó FIFA).
- (v) tuairiscí ar phoist agus cód iompair a ullmhú do phearsanra uile LCIP, lena n-áirítear oifigigh idirchaidrimh.

4.6.2. De ghnáth cuirtear tréimhse imscartha oifigigh idirchaidrimh LCIP i gcrích 2 lá tar éis an fhoireann náisiúnta ábhartha a dhíchur ón gcomórtas. I bhfianaise measúnú riosca, is féidir le ceann foirne LCIP síneadh a chur leis an dáta imeachta.

Roinn 4.7. Socruithe Lóistíochta LCIP

4.7.1. Ba cheart go n-áireofaí in ullmhúcháin LCIP raon seirbhísí tacaíochta lóistíochta riachtanacha a chinneadh chun éifeachtacht agus dea-fheidhmiú LCIP a áirithiú.

4.7.2. I gcomhréir leis an dea-chleachtas atá sa lámhleabhar seo, ba cheart gurb é a Stát baile a bheadh freagrach as na socruithe agus an costas a bhaineann le taisteal idirnáisiúnta, tuarastail, agus árachas taistil agus sláinte d'oifigigh idirchaidrimh LCIP (agus do thoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt).

4.7.3. Mar sin féin, tá sé de fhreagracht ar an Stát óstach an costas a bhaineann le cóiríocht oiriúnach, iompar inmheánach, béilí agus seirbhísí eile atá riachtanach do na hoifigigh idirchaidrimh (seirbhísí níos álainn, rochtain idirlín agus teileafóin, etc.) a shocrú agus a íoc.

Roinn 4.8. Seirbhísí Cumarsáide agus Teicneolaíochtaí Faisnéise LCIP

4.8.1. Dírionn príomhchuspóir pleanála ar na socruithe malartaithe faisnéise don LCIP a chinneadh.

4.8.2. Chun faisnéis idirnáisiúnta phóilíneachta a mhalartú maidir le saincheistean a bhaineann le bainistiú slua, ba cheart go mbeadh sé sin ina shaoráid thiomnaithe chomórtais ar shuíomh gréasáin PFNS arna óstáil ag EPE.

4.8.3. Ba cheart malartú faisnéise le pointí teagmhála aonair póilíneachta ainmnithe (SPOCanna) i Stáit lasmuigh den Eoraip, nó nach cuid den líonra Eorpach PFNS é, a chomhtháthú trí rochtain shealadach agus theoranta a sholáthar ar shaoráid láithreán gréasáin PFNS arna óstáil ag EPE, a luaite a chomhaontóidh an líonra PFNS agus Europol go comhpháirteach é.

4.8.4. Ba cheart socruithe slána cumarsáide idirnáisiúnta ar leithligh a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais aon chealla/lárionad póilíneachta idirnáisiúnta eile atá comhshuite sa LCIP.

4.8.5. Maidir le comórtais chomh-óstáilte, ba cheart socruithe slána cumarsáide a bhunú chun idirchaidreamh éifeachtach 24 x 7 a áirithiú idir an LCIP ainmnithe i ngach Stát óstach.

4.8.6. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le rochtain 24 x 7 ar an idirlíon a bheith ag oifigh idirchaidrimh chun cumarsáid dhéthaobhach le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascú, lena n-áirítear teagmhálacha póilíneachta i gcathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl, oifigh idirchaidrimh arna n-imscaradh mar chuid de gach toscaireacht póilíneachta ar cuairt, agus PFNS ina mBallstát baile.

4.8.7. Ba cheart na socruithe cumarsáide a thástáil ar bhonn rialta le linn na céime ullmhúcháin chun iontaofacht a áirithiú le linn an chomórtais.

Roinn 4.9. Socruithe Déthaobhacha LCIP

4.9.1. Mar a léirítear thuas i Roinn 1.4(b), ba cheart foráil a áireamh sa phlé déthaobhach agus sna comhaontuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin leis na Stáit rannpháirteacha lena ndearbhaítear imscaradh na n-oifigeach idirchaidrimh sa LCIP.

4.9.2. Mar sin féin, beidh ar fhoireann bainistíochta LCIP na comhaontuithe a fhorlíonadh trí shonraí faoi shocruithe lóistíochta agus oibriúcháin LCIP a mbeidh feidhm acu le linn an chomórtais a chur ar fáil do na Stáit rannpháirteacha, agus do dhaoine eile a imscarfaidh oifigh idirchaidrimh LCIP, lena n-áirítear:

- struchtúr agus suíomh LCIP;
- ról agus cúraimí fhoireann bainistíochta LCIP;
- ról agus cúraimí na n-oifigeach idirchaidrimh;
- tréimhse oibríochta;
- sceideal na socruithe maidir le malartú faisnéise
- socruithe faisnéise maidir leis an oifigeach idirchaidrimh
- oiliúint oifigeach idirchaidrimh

- Socruithe creidiúnaithe LCIP; agus,
- socruithe lóistíochta (lóistín agus béilí oifigigh idirchaidrimh etc.)

4.9.3. Ag an am céanna, ba cheart líonra Eorpach na PFNSanna agus na SPOCanna a chur ar an eolas faoin ról rithábhachtach atá acu maidir le faisnéis a bhaineann le comórtais a sholáthar do LCIP, ar faisnéis í a bhailítear laistigh dá Stát náisiúnta, lena n-áirítear faisnéis maidir le taisteal chuig Stát óstach lucht leanúna chónaithigh ó phobail an diaspóra.

4.9.4. Chun tacú le réamh-mheasúnuithe lóistíochta, agus measúnuithe riosca gaolmhara, ba cheart a iarraidh ar na PFNSanna i Stáit atá rannpháirteach sa chomórtas a bhforléargas ar an bhfoireann náisiúnta (próifíl lucht leanúna) a thabhairt cothrom le dáta sa tsaoráid thiomnaithe ar shuíomh gréasáin PFNS arna óstáil ag EPE 6 mhí ar a laghad roimh an gcomórtas.

Roinn 4.10. Oiliúint Taithíochta LCIP

4.10.1. Mar a cuireadh i bhfios go láidir thuas, tá cumarsáid éifeachtach idir na póilíní óstacha agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta rithábhachtach le linn thréimhse an chomórtais.

4.10.2. Mar sin féin, ba cheart tús a chur leis an idirchaidreamh sin le linn na céime ullmhúcháin chun a áirithiú go rachaidh an dá pháirtí i ngleic leis an gcomórtas agus eolas iomlán acu ar ionchais na bpóilíní óstacha agus ar shocruithe oibriúcháin LCIP.

4.10.3. Is féidir na nithe seo a leanas a áireamh i gclár imeachtaí atá ceaptha chun an cuspóir sin a bhaint amach:

- béim a leagan ar LCIP agus ar shocruithe toscaireachta póilíneachta ar cuairt i gcomhdhálacha faisnéise maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta arna n-eagrú ag na póilíní óstacha nó ag an údarás rialtais ábhartha;
- Foireann bainistíochta LCIP ag óstáil seimineár ar an láthair chun eolas a chur ar oifigigh idirchaidrimh maidir le socruithe lóistíochta agus oibriúcháin LCIP: d'fhéadfaí seisiúin maidir leis an tionchar agus leis an bhfreagairt ar raon cásanna a d'fhéadfadh a bheith suaiteach a áireamh leis sin freisin; agus,

- Foireann bainistíochta LCIP ag óstáil seisiún faisnéise deiridh réamhchomórtais d'oifigigh idirchaidrimh agus do dhaoine eile de réir mar is iomchuí.

4.10.4. Is féidir na himeachtaí sin a fhorlíonadh le clár cuairteanna réamhchomórtais ó ionadaithe póilíní na Stát rannpháirteach ar shaoráid LCIP agus ar chathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl chun lóistíocht toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt a phlé le ceannasaithe áitiúla na bpóilíní.

Roinn 4.11. Socruithe Oibríochtúla um Malartú Faisnéise LCIP

4.11.1. Ba cheart aon bhearta paindéime agus aon bhearta cosanta sláinte eile a ionchorprú i socruithe deartha agus oibriúcháin LCIP (*féach* Foscríbhinn 5.A).

4.11.2. Ba cheart halla éisteachta oibre LCIP a shocrú le deasca náisiúnta nó gníomhaireachta, agus líne thalún teileafóin amháin ar a laghad a sholáthar do gach ceann acu le rochtain idirnáisiúnta agus deasc amháin le rochtain ar an idirlíon.

4.11.3. Chomh maith le hoifigigh idirchaidrimh ó na príomhstáit idirthurais moil a imscaradh, ba cheart deasc cineálach idirthurais a bhunú in LCIP chun anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear ó líonra PFNS agus ó SPOCanna póilíneachta ainmnithe (i Stáit nach bhfuil aon PFNS iontu) maidir le gluaiseachtaí lucht leanúna ar cuairt ar an mbealach chuig an Stát óstach, lena n-áirítear lucht leanúna ó phobail diaspora chónaitheacha na hEorpa agus aon lucht leanúna atá lonnaithe go sealadach i Stáit chomharsanacha.

4.11.4. Ba chóir go mbeadh an LCIP ag feidhmiú 2 lá ar a laghad roimh thús an chomórtais. Is féidir oscailt fhoirmiúil a shocrú leis na hoifigigh idirchaidrimh uile a bheidh i láthair.

4.11.5. Ar laethanta cluiche (MD) comórtais, ba cheart d'oifigigh idirchaidrimh ó na Stáit a bhfuil foirne acu atá san iomaíocht ar an lá fanacht sa LCIP go dtí 2 uair an chloig tar éis dheireadh an chluiche.

4.11.6. Beidh ar an bhfoireann bainistíochta sonraí a chinneadh agus a sholáthar do PFNSanna agus SPOCanna atá bunaithe i Stáit rannpháirteacha agus i Stáit eile maidir leis an sceideal laethúil chun tuarascálacha a chur isteach tríd an tsaoráid thiomnaithe a bhaineann go sonrach le comórtais ar shuíomh gréasáin PFNS arna óstáil ag EPE, lena n-áirítear an méid seo a leanas a sholáthar:

- measúnuithe réamh-chluiche (PMA) 2 lá roimh an gcluiche ábhartha (MD-2), le nuashonruithe agus measúnuithe forlíontacha suas go dtí lá an chluiche agus an lá sin san áireamh; agus,
- tuarascálacha iar-chluiche (PMR) ar am sonraithe an lá tar éis an chluiche (MD+1).

4.11.7. Ba cheart go mbeadh seisiúin faisnéise d'oifigigh idirchaidrimh á reáchtáil ag bainisteoir dualgais LCIP, le tacaíocht ón gcomhordaitheoir oibríochtúil dualgais, dhá uair sa lá ar a laghad (ar maidin agus san iarnóin).

4.11.8. Ba cheart measúnuithe riosca dinimiciúla arna ndéanamh ag na póilíní óstacha, agus ag toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt arna n-imscaradh i gcathracha ina bhfuil na comórtais ar siúl, a chomhroinnt le LCIP (trí na hoifigigh idirchaidrimh ábhartha) chun a áirithiú go gcoinneofar LCIP ar an eolas faoi aon teagmhais atá ag teacht chun cinn agus faoi mheasúnuithe riosca atá ar bun.

4.11.9. Ba cheart don fhoireann bainistíochta tuarascálacha faisnéise laethúla a ullmhú agus a roinnt le hoifigigh idirchaidrimh LCIP agus a eisiúint chuig an líonra níos leithne PFNSanna agus pointí teagmhála aonair ainmnithe ag am sainithe gach lá.

4.11.10. Ba cheart sonraí pearsanta daoine aonair a gabhadh i ndáil leis an gcomórtas a chur ar fáil do PFNS nó don pointe teagmhála aonair ainmnithe sa Stát ina bhfuil an duine ina shaoránach nó ina chónaí, mar aon le sonraí faoin iompar mídhleathach agus aon phionóis nó smachtbhannaí eile a fhorchuirtear agus cé a ghearrann iad.

Roinn 4.12. Comhordú LCIP ar Shocruithe Imscartha do Thoscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt

4.12.1. Leagtar amach comhdhéanamh agus ról na dtoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt ('foirne fairtheoirí') i gCodanna a Trí agus a Cúig den lámhleabhar seo.

4.12.2. Is é ról chomhordaitheoir taistil LCIP idirchaidreamh a dhéanamh leis na póilíní sna cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl chun socruithe taistil, cóiríochta, cumarsáide agus socruithe lóistíochta eile maidir le toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt a shocrú, nó a áirithiú go bhfuil na socruithe sin déanta (socruithe taistil agus cóiríochta a chur in áirithe roimh an gcomórtas).

4.12.3. Ba cheart do chomhordaitheoir taistil LCIP a áirithiú freisin go bhfuil socruithe áitiúla i bhfeidhm chun go mbeidh póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl in ann toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt a óstáil, a thionlacan agus sábháilteacht na dtoscaireachtaí sin a chinntiú. Cuirtear faisnéis bhreise maidir le ról na bpóilíní ('cicearóin') sa tír óstach ar fáil i Roinn 5.4 den lámhleabhar seo mar aon le moltaí dea-chleachtais i dtaca le réimse saincheisteanna a bhaineann le póilíní ar cuairt a imscaradh.

Roinn 4.13. Staitisticí Comórtais arna dTaifeadadh agus arna n-Úsáid ag LCIP

4.13.1. Mar cheann de na príomhchúraimí a bhíonn ar LCIP, déanfaidh sé réimse staitisticí a bhaineann le comórtais a bhailiú agus a thaifeadadh (bunaithe ar thuarascálacha ó póilíní na tíre óstaí) a chuireann an chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl agus na póilíní iompair ar fáil, lena n-áirítear:

- líon, cineál agus tromchúiseacht aon teagmhais oird phoiblí;
- líon agus imthosca aon ghabhálacha a dhéantar mar gheall ar iompar coiriúil nó toirmiscthe agus an fhreagairt/toradh breithiúnach nó riaracháin; agus,
- líon agus imthosca aon choinneála coiscthe a bhaineann leis an gcomórtas.

4.13.2. Moltar gur cheart don údarás/gníomhaireacht sa tír óstach ábhartha taifead ar staitisticí comórtais eile (imscaradh póilíní agus maoir, líon an lucht féachana, teagmhais sábháilteachta sa staid, etc.) a bhailiú.

4.13.3. Ba cheart sonraí an chomórtais a chur i láthair an Ghrúpa Eorpaigh Saineolaithe um Póilíneacht Sacair agusaineolaithe PFNS i bhfoirm tuarascála. Ba cheart na sonraí a chur sa mheasúnú bliantúil ar bhagairtí bunaithe ar staidreamh líonra PFNS agus ba cheart dóibh cuidiú chun scála agus cineál na mbagairtí atá ann cheana a shainaithint chomh maith le haon treochtaí nua nó treochtaí atá ag teacht chun cinn.

4.13.4. I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag coiriúlacht thromchúiseach eagraithe agus bagairtí sceimhlitheoireachta ar oibríocht sluabhainistíochta, cuirfidh rannchuidiú Europol breisluach leis an measúnú bliantúil ar bhagairtí.

Roinn 4.14. Mar a dhéanann LCIP cumarsáid agus mar a láimhseálann sé na meáin

4.14.1. Leagtar béim i Roinn 3.20 den lámhleabhar seo ar an ról tábhachtach atá ag straitéisí náisiúnta agus ag straitéisí na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl chun na meáin a láimhseáil. Cuirtear in iúl freisin gur gá:

- a áirithiú go gcuirfear faisnéis fhíorasach ar fáil do na meáin;
- deiseanna rialta a chur ar fáil le hagaidh seisiúin faisnéise don phreas/do na meáin; agus,
- faisnéis maidir le hullmhúcháin a chur ar fáil ar bhealach dearfach.

4.14.2. Cé nach iomchuí do LCIP trácht a dhéanamh ar theagmhais ardphróifíle nó ar oibríochtaí póilíneachta sa tír óstach, etc., d'fhéadfadh ról 'sólásach agus dearfach' a bheith aige maidir le béim a leagan ar thábhacht an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta maidir le tiomantas uile-Eorpach a léiriú chun tacú le hoibríochtaí póilíneachta sa tír óstach.

4.14.3. Ar an mbonn sin, ba cheart an ról atá ag LCIP a chomhtháthú i straitéis ilghníomhaireachta an Stáit óstaigh maidir le cumarsáid agus na meáin a láimhseáil. Is dócha go dtarraingeodh sin aird na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh oifigeach meán amháin nó níos mó i measc lucht leanúna LCIP (nó go mbeadh rochtain acu ar oifigeach meán) chun cabhrú le straitéis meán LCIP a fhorbairt, iarrataí ó na meáin a bhainistiú, agus aon seisiúin faisnéise a reáchtálfaidh LCIP do na meáin a eagrú.

4.14.4. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh na meáin náisiúnta agus áitiúla spéis sna toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt freisin. Sin é an fáth a mbíonn urlabhraí (de ghnáth, ceann na toscaireachta) nó preasoifigeach leis na toscaireachtaí a bhfuil seantaithí acu. Maidir leis na toscaireachtaí sin nach bhfuil an taithí sin acu, is inmhianta go mbeadh an PFNS sa Stát rannpháirteach in ann teacht ar oifigeach meán ainmnithe de chuid an rialtais nó na bpóilíní le linn an chomórtais.

4.14.5. Mar phríomhchuspóir tríd síos, ní mór cur chuige comhchuibhithe a áirithiú ina mbeidh teachtaireachtaí comhroinnte agus aonfhoirmeacha, agus soiléireacht maidir le cé a bheidh in ann labhairt faoi na saincheisteanna, cathain ar féidir leo labhairt fúthu, agus cad ba cheart dóibh a rá! Tá tábhacht ag baint leis sin toisc nach mór, mar phríomhchúram, faisnéis fhíorasach a chur ar fáil do na meáin agus gan teachtaireachtaí éagsúla a thagann salach ar a chéile a thabhairt dóibh.

Roinn 4.15. Oidhreacht agus Aiseolas

4.15.1. Go luath tar éis an chomórtais, ba cheart cuireadh a thabhairt d'oifigigh idirchaidrimh agus do PFNSanna aiseolas a thabhairt maidir lena dtaithí san LCIP chun cabhrú le dea-chleachtais agus dúshláin a thagann chun cinn i dtaca le hoibríochtaí LCIP a thaifeadadh.

4.15.2. Ba cheart torthaí na dtionscnamh aiseolais a chur i láthair i dtuarascáil do shaineolaithe an Ghrúpa Eorpaigh um Póilíneacht Sacair agus do shaineolaithe PFNS agus ba cheart iad a mheas nuair a bheidh comórtais idirnáisiúnta sacair eile á bpleanáil (agus i gcás mórimeachtaí idirnáisiúnta spóirt eile má mheasann na húdaráis óstacha ainmnithe gurb iomchuí sin).

CUID A CÚIG – Straitéis Phóilíneachta an Chomórtais i dtaca le Bainistiú Slua:

Ról Tacaíochta agus Comhairleach na dToscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt

Nóta: ar mhaithe le tagairt a éascú, tá tagairt sa lámhleabhar seo don threoir atá sa Rún ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar nuashonraithe ina bhfuil moltaí maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta agus bainistiú slándála ar chluichí sacair a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo agus a bhfuil baint ag Ballstát amháin, ar a laghad, leo ('Lámhleabhar Sacair an Aontais'), (11160/24), agus cuirtear leis an treoir sin

Roinn 5.1. Caibidlíocht agus Comhaontuithe Déthaobhacha maidir le Toscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt

5.1.1. Mar a leagadh béim air i Roinn 1.4 (b) den lámhleabhar seo, ba cheart go ndíreodh príomhchuspóir agus cuspóir frithpháirteach na Stát óstach agus na Stát rannpháirteach araon ar shoiléiriú a fháil roimh an turas maidir le (i measc nithe eile) comhdhéanamh, ról agus socrúithe oibriúcháin na toscaireachta póilíneachta ar cuairt a imscarann gach Stát rannpháirteach.

5.1.2. Luaitear freisin i Roinn 1.4 (b) gur dócha go n-athróidh na socrúithe déthaobhacha i gcomhréir le raon tosca rioscabhunaithe, ach gur cheart soiléireacht a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

- comhdhéanamh na toscaireachta póilíneachta ar cuairt;
- príomhchúraimí an tarmligin;
- cumhachtaí feidhmiúcháin tarmligin (más ann dóibh);
- seilbh agus úsáid trealamh bailithe faisnéise teicniúla agus fianaise (mar shampla, ceamaraí fiseáin agus grianghrafadóireachta láimhe);
- imscaradh le trealamh cosanta (airm thine, gás CS, bataí, taser, eile);
- úsáid foinsí ceilte faisnéise daonna;
- éide nó cáipéis aitheantais shofheicthe a chaitheamh;
- socrúithe maidir leis na meáin a láimhseáil; agus,
- costais agus socrúithe lóistíochta.

Roinn 5.2. Comhdhéanamh na dToscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt

5.2.1. Agus na socruithe déthaobhacha do gach toscaireacht phóilíneachta ar cuairt á gcinneadh agus á sainiú, agus in ainneoin go n-aithnítear gur dócha go mbeidh gach toscaireacht éagsúil i gcomhréir le measúnú riosca comhpháirteach, moltar gur cheart don Stát óstach agus do na Stáit rannpháirteacha dea-chleachtas seanbhunaithe a chur san áireamh agus toscaireacht phóilíneachta ar cuairt á roghnú acu.

5.2.2. Ba cheart toscaireacht phóilíneachta ar cuairt (ar a dtugtar foireann ‘fairtheoireachta’ nó ‘fairtheoirí’ uaireanta le haghaidh cluichí aonuaire a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo) a roghnú ar bhealach a chuideoidh le hoibríochtaí póilíneachta comórtais an Stáit óstaigh thar thréimhse fhada ama agus i gcúinsí a bhíonn níos dúshlánaí ná gnáthchluiche aonuaire.

5.2.3. Chomh maith le hoifigigh idirchaidrimh a imscaradh in LICP an chomórtais (*féach* Roinn 4.9 den lámhleabhar seo), is iondúil go mbeadh pearsanra le raon feidhmeanna ainmnithe sa toscaireacht phóilíneachta ar cuairt le haghaidh comórtais.

Ceann Toscaireachta

5.2.4. Beidh an ceann toscaireachta i gceannas ar an toscaireacht phóilíneachta ar cuairt, agus freagrach aisti, agus ba cheart dó nó di gníomhú mar chomhairleoir straitéiseach agus oirbheartaíochta do na póilíní sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl a mhéid a bhaineann le lucht leanúna na foirne náisiúnta a bhainistiú.

Comhordaitheoir Oibríochtúil

5.2.5. Beidh an comhordaitheoir oibríochtaí, ar cheart dó nó di a bheith lonnaithe i lárionad oibríochtaí póilíneachta ábhartha na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, freagrach as obair na toscaireachta póilíneachta ar cuairt a chomhordú agus as faisnéis a mhalartú go héifeachtach idir an toscaireacht phóilíneachta ar cuairt agus na póilíní óstacha.

Fairtheoirí na bPóilíní

5.2.6. Ba cheart taithí a bheith ag fairtheoirí na bpóilíní agus ba cheart dóibh a bheith in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (i) faireachán, measúnú a dhéanamh ar iompar lucht féachana a bhfoirne náisiúnta agus an t-iompar sin a thuiscint;
- (ii) aon teannas, rioscaí nó mioneachtraí a bhíonn ag teacht chun cinn a fhaire d'fhonn an ceann toscaireachta, an comhordaitheoir oibríochtúil agus póilíní na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a choimeád ar an eolas dá réir;
- (iii) ciontóirí a shainaithint;
- (iv) moladh a thabhairt don cheann toscaireachta agus/nó don chomhordaitheoir oibríochtaí más gá aon bheart spriocdhírthe coisctheach nó maolaithe chun nach n-éireoidh mí-iompar nó teagmhas níos measa; agus,
- (v) a bheith feistithe go hiomchuí chun fianaise a bhailiú maidir le haon iompar coiriúil nó toirmiscthe arna dhéanamh ag lucht leanúna a bhfoirne náisiúnta.

5.2.7. Braithfidh líon na bhfairtheoirí a bheidh ag teastáil ar líon agus ar phearsantacht an lucht leanúna ar cuairt a bhfuiltear ag dréim leo agus ar an measúnú riosca lena mbaineann.

Oifigigh Chumarsáide (nó Idirphlé) na bPóilíní

5.2.8. Ba cheart oiliúint agus taithí a bheith ag oifigigh chumarsáide na bpóilíní maidir le cumarsáid a dhéanamh le lucht leanúna a bhfoirne náisiúnta i gcoitinne, agus/nó le hOifigeach Idirchaidrimh don Lucht Leanúna de chuid na foirne náisiúnta (má cheaptar iad), le hambasáid a lucht leanúna, agus/nó le hionadaithe aitheanta eile an lucht leanúna.

5.2.9. Arís, athróidh líon an phearsanra cumarsáide ag brath ar líon an lucht leanúna náisiúnta ar cuairt a mheastar a thaistealóidh chuig an gcomórtas.

5.2.10. I gcuid de na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt, d'fhéadfadh an pearsanra céanna a bheith i mbun na faire agus na cumarsáide.

5.2.11. Ba cheart d'urlabhraí na bpóilíní a bheith freagrach as iarrataí ó na meáin ar agallaimh agus ar fhaisnéis.

5.2.12. Ag brath ar mheasúnú ar an méid spéise a mheastar a chuirfidh na meáin sa chomórtas, ó am go ham ainmneofar an ceann toscaireachta chun an ról sin a chomhlíonadh.

Roinn 5.3. Príomhchúraimí na dToscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt

5.3.1. Is é príomhról gach toscaireachta póilíneachta ar cuairt sainchomhairle a chur ar fáil i gcónaí chun eolas a chur ar fáil do na hoibríochtaí póilíneachta náisiúnta agus do na hoibríochtaí póilíneachta sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl, chomh maith le tacú le húdaráis phóilíneachta sa tír óstach lucht leanúna ar cuairt a bhfoirne náisiúnta ábhartha a bhainistiú.

5.3.2. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go mbeidh pearsanra a bhfuil an t-eolas agus an taithí a leagtar amach i Roinn 5.2 thuas acu mar chuid de na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt.

5.3.3. Go bunúsach, ba cheart go mbeadh sé d'acmhainn ag gach toscaireacht phóilíneachta ar cuairt a chinntiú go mbeidh na hinniúlachtaí seo a leanas ag na póilíní óstacha:

- saineolas maidir le dinimic lucht leanúna na bhfoirne náisiúnta, go háirithe nuair a bhíonn líon suntasach díobh i láthair i Stáit a bhfuil mórchomórtais idirnáisiúnta sacair á n-óstáil (nó á gcomh-óstáil) acu agus cineál an fhoréigin/neamhoird a bhaineann le sacar a mbíonn baint ag lucht leanúna foirne náisiúnta leis;
- an cumas ionadaíocht a dhéanamh ar a Stát agus ar a ról go héifeachtach, ar bhealach iomchuí agus iad ag tacú leis na póilíní óstacha (i.e. a bheith stuama, féinmhuiníneach, neamhspleách agus ábalta cumarsáid a dhéanamh i dteanga choiteann a comhaontaíodh roimh ré); agus,
- a bheith in ann faisnéis a roinnt leis na póilíní óstacha agus comhairle a chur orthu ar bhealach soiléir tráthúil.

5.3.4. I suíomhanna oibríochtúla, beidh an phríomh-idirghníomhú idir na póilíní óstacha agus na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt dírithe ar ról phearsanra na bpóilíní ar cuairt a dhéanann cumarsáid (idirphlé) leis an lucht leanúna agus foirne fairtheoirí na bpóilíní ar cuairt. Mar a léirítear thuas, i gcuid de na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt, d'fhéadfadh an pearsanra céanna a bheith i mbun na cumarsáide agus na faire.

5.3.5. Is é an aidhm agus an ról atá ag pearsanra na bpóilíní ar cuairt a dhéanann cumarsáid leis an lucht leanúna gníomhú mar idirghabhálaí idir na póilíní óstacha agus lucht leanúna a bhfoirne náisiúnta chun faisnéis thábhachtach a chur ar aghaidh, deireadh a chur le ráflaí amhantracha, soiléireacht a thabhairt maidir leis na hiarmhairtí iompair fhrithshóisialta, ghríosaitheach nó toirmisceach eile, agus cabhrú le féinphóilíneacht a chur chun cinn i measc an lucht leanúna.

5.3.6. Is féidir le pearsanra na bpóilíní ar cuairt a dhéanann cumarsáid leis an lucht leanúna faisnéis a bhailiú freisin ón lucht leanúna ar cuairt maidir le haon ábhar inní a thugtar faoi deara i dtaca le hiompar míchuí nó gríosaitheach óna gcomhbhádóirí sa lucht leanúna nó i dtaca le hiompar bagrach ó lucht leanúna na foirne eile.

5.3.7. Leagtar amach príomhróil fhoirne fairtheoireachta na bpóilíní ar cuairt i Roinn 5.2.6 thuas. Go bunúsach, úsáidtear na foirne sin chun cabhrú leis na póilíní sna cathracha ina bhfuil an comórtas ar siúl (agus/nó in áiteanna eile más gá nó más iomchuí) chun faireachán a dhéanamh ar iompar lucht leanúna a bhfoirne náisiúnta faoi seach agus chun iad siúd a bhíonn ag gabháil d'aon iompair choiriúil, toirmisceach nó ghríosaitheach a shainaithint.

5.3.8. Bíonn an caidreamh idir foireann fairtheoireachta na bpóilíní ar cuairt agus an lucht tacaíochta éagsúil ar fud na hEorpa. Gan beann ar cé acu a mbíonn siad imscartha i ngnáthéadaí, éide nó veisteanna aitheantais (féach roinn 5.7 thíos) aithneoidh go leor den lucht leanúna ar cuairt fairtheoirí na bpóilíní ar cuairt, go háirithe iad siúd a bhíonn ag taisteal chuig cluichí idirnáisiúnta thar lear go minic. Beidh dearcadh an lucht leanúna ar cuairt i ndáil le pearsanra na bhfairtheoirí ar cuairt dearfach nó diúltach ag brath ar réimse tosca.

5.3.9. I gcás tromlach an lucht leanúna ar cuairt, go háirithe iad siúd ó Stáit nach bhfuil sé amuigh orthu go gcruthaíonn siad fadhbanna móra nó go gcuireann siad le fadhbanna móra, tá seans go mbeidh lúcháir orthu pearsanra fairtheoirí ar cuairt a fheiceáil.

5.3.10. Mar sin féin, más tasc lárnach an-fheiceálach de chuid na fairtheoirí ar cuairt é de ghnáth é fianaise a bhailiú faoi aon iompar coiriúil nó aon iompar toirmiscithe eile ar mhaithe le heisiaimh nó cúiseanna eile nuair a fhilleann an lucht leanúna ar a Stát baile, d'fhéadfadh dearcadh measctha, nó naimhdeach fiú, a bheith ag dreamanna áirithe sa lucht leanúna ar cuairt i dtaca leis na fairtheoirí sin, go háirithe i measc grúpaí nó daoine aonair sa lucht leanúna ar eol go mbaineann riosca leo nó a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leo.

5.3.11. Ba cheart do na póilíní sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl nó do phóilíní eile féachaint ar na tosca sin agus ról foirne fairtheoireachta na bpóilíní ar cuairt á chinneadh. Má iarrtar ar fhairtheoirí gníomhú mar idirghabhálaithe idir an lucht leanúna ar cuairt agus na póilíní óstacha, nó dul i mbun idirphlé ar bhealach eile leis an lucht leanúna ar cuairt, beidh sé ríthábhachtach go gcomhaontóidh an ceann toscaireachta na cúraimí sin ar dtús i bhfianaise measúnú riosca.

5.3.12. Go praiticiúil, beidh go leor ag brath ar na cúinsí ar an láthair. Mar shampla, más é is aidhm don idirphlé feabhas a chur ar shábháilteacht an lucht leanúna ar cuairt nó an tsábháilteacht sin a chosaint, is dócha gur mór ag tromlach an lucht leanúna ar cuairt an t-idirphlé leis na fairtheoirí ar cuairt.

5.3.13. Mar sin féin, gan beann ar chuspóir na cumarsáide, ba cheart do na póilíní óstacha sábháilteacht phearsanra na bpóilíní ar cuairt a bhíonn ag faire ar an lucht leanúna agus i mbun idirphlé leo a áirithiú i gcónaí.

5.3.14. I gcás éigeandáil shuntasach, nó i gcás ina gcuirfidh bagairt nó eachtra eile isteach ar imeachtaí, agus go n-éilítear bearta sábháilteachta agus slándála méadaithe, d'fhéadfadh sé gur ghá príomhról na toscaireachta póilíneachta ar cuairt a athrú chun cabhrú leis na póilíní óstacha a chur in iúl gur gá socruithe slándála breise d'fhonn feabhas a chur ar shábháilteacht an lucht leanúna ar cuairt agus ar shábháilteacht an phobail nó gnólachtaí atá lonnaithe sa suíomh nó sna suíomhanna lena mbaineann.

Roinn 5.4. Toscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt a Thionlacan ('Cicearóin')

5.4.1. Mar a luadh thuas, tá údaráis na bpóilíní óstacha freagrach as sábháilteacht gach baill de na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt a áirithiú. Tá sé sin ríthábhachtach agus ní mór é a léiriú i ngach measúnú riosca arna ndéanamh ag na póilíní óstacha agus na póilíní ar cuairt i ndáil le himscaradh na bpóilíní ar cuairt.

5.4.2. Ba cheart do phearsanra na bpóilíní ar cuairt oibriú in éineacht le póilíní áitiúla (ar a dtugtar cicearóin de ghnáth) ar cheart dóibh féin a bheith ina bpóilíní atá ar seirbhís a bhfuil taithí acu póilíneacht a dhéanamh ar chluichí sacair ina gcathair nó ina dtír féin, lena n-áirítear eolas a bheith acu ar ionad an chluiche agus ar na limistéir a bhféadfadh riosca a bheith ann.

5.4.3 Ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl a áirithiú go mbeidh an méid seo a leanas fíor i ndáil leis na cicearóin:

- beidh siad comhtháite in oibríocht phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl (nó in oibríocht phóilíneachta eile) agus beidh siad in ann faisnéis a thabhairt a chuideoidh le ceannasaithe oibríochtúla póilíneachta cinntí a dhéanamh;
- beidh eolas acu ar a n-eagraíocht, ar a bpróisis agus ar a struchtúr ceannais póilíneachta;
- ní bhainfidh an faireachán a dhéanfaidh siad ar a lucht leanúna féin a mbaineann riosca leo a n-aird dá gcuid oibre agus baill de thoscaireacht phóilíneachta ar cuairt á dtionlacan acu;
- beidh gach eolas acu faoin oibríocht phóilíneachta sa tír óstach, faoina bhfreagrachtaí, agus faoi na cúraimí a bhfuiltear ag dréim go ndéanfaidh an toscaireacht phóilíneachta ar cuairt;
- beidh siad freagrach as sábháilteacht na toscaireachta póilíneachta ar cuairt;
- déanfar iad a imscaradh leis an toscaireacht phóilíneachta ar cuairt fad a mhairfidh oibríocht phóilíneachta na cathrach ina mbeidh an comórtas ar siúl chun caidreamh oibre éifeachtach a fhorbairt; agus,
- beidh siad in ann oibriú leis an toscaireacht phóilíneachta ar cuairt i dteanga choiteann a chomhaontófar roimh ré.

Roinn 5.5. Socruithe Teanga

5.5.1. Ba cheart socruithe teanga a dhéanamh roimh ré idir údaráis phóilíneachta na tíre óstaí nó na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl agus ceann na toscaireachta póilíneachta ar cuairt lena mbaineann.

5.5.2. I gcás inar féidir, ba cheart go n-áireofaí sna toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt pearsanra atá oile i dteanga na tíre óstaí chun cumarsáid a éascú idir pearsanra na bpóilíní óstacha agus na bpóilíní ar cuairt.

5.2.3. Mura féidir é sin a dhéanamh, ba cheart d'údaráis na bpóilíní óstacha pearsanra póilíneachta a aithint as a measc a bhfuil na scileanna teanga riachtanacha acu, nó atá in ann comhrá a dhéanamh i mBéarla ar a laghad mar is í seo an dara teanga is coitianta i gcás cuid mhór den lucht leanúna ar cuairt.

Roinn 5.6. Comhar idir na Póilíní Óstacha agus na Póilíní ar Cuairt le linn an Chomórtais

5.6.1. Ar aon dul leis sin, ba cheart d'údaráis na bpóilíní óstacha a áirithiú go gcoimeádfar na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt, trína gceann toscaireachta nó trína gcomhordaitheoir oibríochtaí, ar an eolas faoi oibríochtaí póilíneachta sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl (lena n-áirítear a bhfealsúnacht maidir le bainistiú slua agus na leibhéil iompraíochta ar féidir glacadh leo).

5.6.2. I ndáiríre, ba cheart an ceann toscaireachta agus/nó an comhordaitheoir oibríochtaí a chomhtháthú go hiomlán in oibríocht phóilíneachta na tíre óstaí (agus an deis a thabhairt dóibh freastal ar chruinnithe faisnéise réamh-chluiche agus ar chruinnithe faisnéise iar-chluiche agus páirt a ghlacadh iontu).

5.6.3. Ba cheart d'údaráis na bpóilíní óstacha agus don toscaireacht phóilíneachta ar cuairt a n-oifigigh idirchaidrimh LCIP faoi seach a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí le linn gach oibríochta póilíneachta sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl.

5.6.4. Ba cheart don toscaireacht phóilíneachta ar cuairt a áirithiú i gcónaí nach gcuirfidh a ngníomhaíochtaí sábháilteacht daoine eile i mbaol gan ghá.

Roinn 5.7. An Úsáid a bhaineann Toscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt as Veisteanna Aitheantais

5.7.1. Beidh cur amach ag an gcuid is mó de na Stáit óstacha san Eoraip ar veist aitheantais na bpóilíní Eorpacha mar go bhfuil taithí acu ar chluichí sacair aonuaire a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo a óstáil.

5.7.2. Le linn comórtais, ba cheart d'údaráis na bpóilíní óstacha agus do cheann na toscaireachta póilíneachta ar cuairt a chinneadh go comhpháirteach, ar chúiseanna oirbheartaíochta, an imscarfar baill den toscaireacht phóilíneachta ar cuairt (nó cuid díobh) i ngnáthéadaí nó in éide.

5.7.3. Más as Stát Eorpach don toscaireacht phóilíneachta ar cuairt, agus má chomhaontaigh an t-óstach agus ceann na toscaireachta go comhpháirteach, is féidir le pearsanra phóilíneachta ar cuairt nach mbeidh éide á caitheamh acu veisteanna aitheantais caighdeánacha lonrúla sainiúla de chuid na bpóilíní ar cuairt a úsáid, ar veisteanna iad ar cheart a bheith ag gach ball den toscaireacht nuair a imscarfar iad le linn an chomórtais.

5.7.4. Foscríbhinn 3 den Rún ón gComhairle a bhaineann le lámhleabhar nuashonraithe ina bhfuil moltaí maidir le comhar idirnáisiúnta phóilíneachta agus bainistiú slándála ar chluichí sacair a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo agus a bhfuil baint ag Ballstát amháin, ar a laghad, leo ('Lámhleabhar Sacair an Aontais') (11160/24).

Roinn 5.8. Creidiúnú Staide do Thoscaireachtaí Phóilíneachta ar Cuairt

5.8.1. In éagmais aon socrúithe láraithe chun creidiúnú comórtais a thabhairt do thoscaireachtaí phóilíneachta ar cuairt, ba cheart d'údaráis phóilíneachta na cathrach ina bhfuil an comórtas ar siúl, i gcomhairle le lucht bainistíochta na staideanna, a áirithiú go mbeidh rochtain agus creidiúnú ag na toscaireachtaí phóilíneachta ar cuairt (ní gá suíocháin) chun gur féidir leo a gcúraimí faire agus/nó cumarsáide a dhéanamh go héifeachtach sna staideanna.

5.8.2. Ba cheart a chur in iúl do mhaoir staide agus do phearsanra sábháilteachta agus slándála eile go mbeidh pearsanra phóilíneachta creidiúnaithe ar cuairt i láthair ag an seisiún/na seisiúin faisnéise a bheidh acu roimh an gcluiche.

Roinn 5.9. Costais agus Socrúithe Airgeadais

5.9.1. Moltar go láidir gur cheart do gach Stát rannpháirteach foráil bhuiséadach a dhéanamh chun a dtoscaireacht phóilíneachta ar cuairt a imscaradh chuig an Stát óstach (nó chuig na Stáit óstacha).

5.9.2. Beidh na costais a bhaineann le toscaireacht phóilíneachta ar cuairt a óstáil agus a imscaradh ag brath ar roinnt tosc, lena n-áirítear méid na toscaireachta, an t-achar agus na modhanna taistil, etc., ach, i gcoitinne, bíonn na costais réasúnta agus is infheistíocht fhónta iad chun rioscaí sábháilteachta agus slándála a laghdú.

5.9.3. De réir an chleachtais sheanbhunaithe, íocfaidh an Stát óstach (nó na Stáit óstacha) as na costais a bheidh ar an toscaireacht phóilíneachta ar cuairt as lóistín, béilí (nó maireachtáil) agus taisteal intíre a chaithfear déanamh sa tír óstach, agus ba cheart don Stát rannpháirteach íoc as taisteal idirnáisiúnta, tuarastail, árachas taistil agus sláinte na toscaireachta phóilíneachta ar cuairt (mura comhaontaíodh socrú malartach i socrúithe déthaobhacha).

Roinn 5.10. Réamhchuartheanna ar Chathracha ina mbeidh an Comórtas ar siúl arna dtabhairt ag Ceann agus Comhordaitheoir Oibríochtaí na dToscaireachtaí Póilíneachta ar Cuairt

5.10.1. Ba cheart d'údaráis na bpóilíní óstacha deis a thabhairt do phríomhbhaill na toscaireachta póilíneachta ar cuairt (de ghnáth, an ceann toscaireachta agus/nó an comhordaitheoir oibríochtaí) eolas a chur ar straitéis phóilíneachta an chomórtais agus, go háirithe, ar shocruithe póilíneachta an chomórtais sna cathracha ina mbeidh na cluichí ar siúl.

5.10.2. Ba cheart na cuairteanna sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 6 seachtaine roimh an gcomórtas agus ba cheart ceardlanna nó seimineáir a óstáil ina leagtar amach straitéis maidir le póilíneacht ar chomórtais na tíre óstaí ina bhfuil an comórtas ar siúl do lucht féachana ina mbeidh cheannasaithe na bpóilíní sa chathair ina mbeidh an comórtas ar siúl agus baill lárnaigh de na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt.

5.10.3. Ba cheart go mbeadh mar aidhm ag na cuairteanna sin eolas a thabhairt do na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt faoin áit ina bhfuil an staid, agus aithne a chur ar an gceannasaí/na ceannasaithe oibríochta i ngach cathair ina bhfuil comórtas ar siúl ar na laethanta a mbeidh cluiche comórtais ann.

5.10.4. Ina theannta sin, is deis iontach iad na réamhchuartheanna sin do cheannasaithe na bpóilíní náisiúnta agus, go háirithe, do cheannasaithe na bpóilíní sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl chun an comhar idirnáisiúnta a uasmhéadú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis lóistíochta a chomhroinnt maidir le socruithe lucht leanúna sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl;
- cuairt a thabhairt ar áiteanna inar féidir a mheas go mbaileoidh an lucht leanúna ar cuairt roimh an gcluiche agus ina dhiaidh, aon limistéir eagraithe don lucht leanúna agus láithreacha neamhoifigiúla ina dtagann an lucht leanúna le chéile san áireamh, de ghnáth is limistéir i lár na cathrach ina mbíonn beáir agus bialanna a bhíonn i gceist;
- ról na toscaireachta ar cuairt a phlé agus a chomhaontú;
- feachtas a ardú maidir le hullmhúcháin agus oibríochtaí póilíneachta sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl;
- pleanáil chun an toscaireacht ar cuairt a chomhtháthú san oibríocht;
- forálacha reachtacha ábhartha agus na leibhéil iompraíochta a bhfuil na póilíní in ann glacadh leo a shainaithint;
- muinín agus bealaí éifeachtacha idirchaidrimh a chothú idir an dá ghníomhaireacht phóilíneachta; agus,
- i gcás inarb iomchuí, bearta a shainaithint chun grúpaí den lucht leanúna a dheighilt sa chathair ina bhfuil an comórtas ar siúl.

Bearta Cosanta agus Maolaithe i dtaobh na Sláinte

1. Léirigh an tionchar a bhí ag paindéim Covid ar Euro 2020 a thábhachtaí atá sé na bearta sláinte agus sábháilteachta is gá a chur i bhfeidhm do thoscaireachtaí póilíneachta ar cuairt chun an chosaint is fearr is féidir a thabhairt do phóilíní aonair ar aon rioscaí suntasacha sláinte a bhaineann lena n-imscaradh.
2. Dá bhrí sin, ba cheart aon riosca sláinte féideartha a shainaithint go soiléir sna socraithe maidir leis an imscaradh agus ba cheart treoir a thabhairt faoi vacsaínithe sula n-imscartar na foirne, chomh maith le treoir faoi úsáid masc sláintíochta agus cosanta nó trealaimh eile a bheidh á úsáid agus foirne á n- imscaradh le linn an gcomórtas.
3. Ba cheart a shoiléiriú freisin go mbeidh baill de na toscaireachtaí póilíneachta ar cuairt faoi réir aon bhearta coisctheacha náisiúnta a bhaineann leis an tsláinte a bheidh i bhfeidhm ag an am sin.
4. Má tá aon riosca ann go gcuirfear duine san ospidéal nó go gcuirfear ar coraintín é nó í má fhaightear ionfhabhtú, ba cheart do Stát baile gach toscaireachta socruithe réamh-imscartha a dhéanamh chun aon chostas a bheidh ann i gcás an duine/na ndaoine aonair lena mbaineann a chumhdach (nó, más ann dó, árachas leighis a chumhdaíonn na rioscaí sin a chur ar fáil dóibh).
